


# Ceangal idir Daoine – Ceangal idir Áiteanna

*Tuarascáil Bhliantúil* ***2015***

Iarnród Éireann
Irish Rail

# Buaicphointí Airgeadais agus Oibriúcháin 2015

**Ioncam**
**€233.9m**
+ 7.5%

**OSP**
**€98.2m**
- 16.4%

**Conarthaí Ilbhliantúla**
**€144.2m**
+ 11.1%

**EBITDA**
**€29.5m**
+ 15.2%

**Easnamh**
**(€7.7m)**
- 10%

**Ranníocaíocht don státchiste i gcánacha**
**€112.6m**
- 1%

**Aistir**
**39.7m**
+ 5.5%

**km clúdaithe ag traenacha paisinéirí**
**17.0m**
+ 1%

**Poncúlacht**

| | | |
|---|---|---|
| DART | 97.2% | - 0.4% |
| Intercity | 96.8% | - 0.3% |
| Seirbhísí Comaitéireachta | 97.3% | - 0.4% |

**Ciliméadair tonnaí lasta**
**96.4m**
- 3.4%

**Ioncam Ros Láir**
**€10.4m**
+ 3.0%

**Fostaithe (meánlíon)**
**3,793**
+23

Is ionann EBITDA agus Tuilleamh roimh Ús, Cáin, Dímheas, Amúchadh agus Míreanna Eisceachtúla

# Clár Na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Ráiteas an Chathaoirligh | 2 |
| Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh | 4 |
| Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile | 13 |
| Tuarascáil na Stiúrthóirí | 16 |
| Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha | 22 |
| Beartais Chuntasaíochta | 24 |
| Cuntas Brabúis agus Caillteanais | 32 |
| Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach | 33 |
| Clár Comhardaithe | 34 |
| Ráiteas um Athruithe ar Chothromas | 35 |
| Ráiteas um Shreabhadh Airgid | 36 |
| Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais | 37 |





*Is mian le Córas Iompair Éireann aitheantas a thabhairt don chistiú a rinne Rialtas na hÉireann ar mhórthionscadail faoi choimirce an AE, agus don chistiú faoi chuimsiú chreat Meán-Téarmach an Státchiste um Bonneagar agus Infheistíocht Chaipitiúil 2012-2016.*

# Ráiteas an Chathaoirligh



I ndiaidh ré ina raibh bagairt faoi shócmhainneacht Iarnród Éireann, tháinig borradh eile in 2015 faoin bhfás a mhúscail arís i rith na bliana 2014 i ngach mór-réimse gnó – seirbhísí paisinéirí, lasta agus Europort Ros Láir.

Gabhaim mo bhuíochas le fostaithe agus lucht bainistíochta Iarnród Éireann a sholáthair ár seirbhísí go sábháilte agus go hiontaofa le linn 2015, agus le mo chomhghleacaithe ar an mbord as a dtacaíocht, a saineolas agus as an gcion atá déanta acu.

I measc bhuaicphointí na bliana 2015 bhí:

- 1.9 milliún aistear breise iarnróid, a d'fhág go ndearnadh 39.7 milliún aistear san iomlán.
- Méadú ar an ioncam ónár ngnó lasta iarnróid agus Europort Ros Láir, de 2.3% agus 3.0% faoi seach.
- Méadú 4.9% ar ioncam ó phaisinéirí.
- Clár tionscnamh sábháilteachta lena chinntiú go bhfuil an tsábháilteacht ina príomhthosaíocht ag an bhfoireann go léir
- Dea-phoncúlacht, agus gach bealach ag sárú na gceanglas atá leagtha síos faoi na conarthaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí.
- Tús curtha leis an infheistíocht i líne Thollán Pháirc an Fhionnuisce, chun seirbhísí díreacha a chur ar bun idir Cill Dara agus Duga na Canálach Móire mar aon le hoibreacha athchomharthaíochta leanúnacha i lár na cathrach.
- Infheistíocht in oibreacha rianta a fhágfaidh go gcomhlíonfaidh an tsócmhainn an caighdeán atá leagtha síos agus a laghdóidh achar ama na n-aistear do chustaiméirí.
- Infheistíocht sa chlár 'Tús Áite don Chustaiméir' dár gcuid, clár faoina ndéanfar athrú ó bhonn ar an teagmháil idir muid féin agus ár gcustaiméirí, agus faoina gcinnteofar gurb é an custaiméir croílár an ghnó
- Athbhunú cláir printíseachta do mheicneoirí díosail, leictreoirí, feisteoirí agus táthairí.
- Béim leanúnach ar fheasacht a spreagadh i dtaobh ceisteanna meabhairshláinte trí chomhpháirtíochtaí le Mí an Ribín Ghlais, Samáraigh Éireann agus Cycle against Suicide.

Tá sé ina thosaíocht againn i gcónaí seirbhís shábháilte a fheidhmiú, do chustaiméirí, d'fhostaithe agus dóibh siúd a idirghníomhaíonn leis an iarnród. Chomh maith leis sin, chun feabhas leanúnach a bhaint amach i dtaobh feidhmíocht sábháilteachta, díríodh infheistíocht ar shraith tionscnamh d'fhonn an cheannaireacht sábháilteachta a fheabhsú agus an cultúr sábháilteachta a neartú ar fud na heagraíochta. Is ríthábhachtach, fiú le linn tréimhse fhada deacrachtaí airgeadais, go gcinnteoimid go ndéanfar an infheistíocht is gá chun an tsábháilteacht a chothabháil agus a fheabhsú. Táimid ag forbairt Córas um Chosaint Traenach, ag cur le sábháilteacht na gcrosairí comhréidhe agus ag tabhairt tús áite do Lárionad Rialaithe Náisiúnta nua mar thosaíochtaí láithreacha sa réimse sin.

Cé gur léir go bhfuil dul chun cinn déanta i dtaobh na sábháilteachta agus inár n-oibríochtaí, is mór an méid atá le déanamh go fóill chun a áirithiú go mbeidh an gnó inbhuanaitheach san fhadtréimhse. Tugaim aitheantas don tacaíocht ónár scairshealbhóir, Paschal Donohoe, an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, ó oifigigh a Roinne agus ón Údarás Náisiúnta Iompair atá fós i gcomhairle linn ar bhonn réamhghníomhach cuiditheach chun an todhchaí inbhuanaithe sin a bhaint amach. Táimid buíoch as an gcistiú forlíontach in 2015 atá á chur ar ár gcumas dúinn tabhairt faoi oibreacha tábhachtacha cothabhála ar an ngréasán agus ar an bhflít, chun leasa ár gcustaiméirí. Oibreoimid leis na páirtithe leasmhara ar fad agus cosán soiléir á aithint againn ionas go mbeidh gnó inbhuanaithe ag Iarnród Éireann, ag soláthar seirbhísí a ghinfidh ioncam don ghnó Oibríochtaí Iarnróid agus ag forbairt bonneagair a ghinfidh toradh dearfach don gheilleagar, agus a thabharfaidh an tairbhe is fearr do na pobail a ndéanaimid freastal orthu anois agus feasta.

De bharr an inbhuanaitheacht a bheith bunriachtanach i gcomhthéacs eile, tá deiseanna le tapú faoi láthair i dtaobh iompar poiblí agus seirbhísí iarnróid ard-acmhainne. Tá an brú tráchta – go háirithe inár gceantair uirbeacha – tar éis éirí chomh dona nach bhfacthas a leithéid ó ré an Tíogair Cheiltigh, agus tá Baile Átha Cliath sa naoú háit i dtaobh brú tráchta i staidéar de chuid an Choimisiúin Eorpaigh ar bhreis is 200 cathair. Mar a deir an Coimisiún, tá bonneagar iompair ríthábhachtach don phleanáil spásúlachta agus don fhorbairt gheilleagrach.

Ina theannta sin, faoi chomhaontú nua COP 21 na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, tá dualgas ar Éirinn a bheith ag obair chun astaíochtaí iompair a laghdú go mór. Is é an t-iompar is bonn le 30% d'astaíochtaí na hÉireann faoi láthair, sa dara háit tar éis na talmhaíochta.

Anois agus bearta faoi shiúl chun cumas gearrthéarmach a chur ar fáil, ní mór dúinn breathnú ar an méid a bheidh ag teastáil sa mheántéarma agus san fhadtéarma. Cé gurbh ábhar díomá é nach ndearnadh cistiú ar Chlár Leathnaithe an DART, lena n-áirítear DART Faoi Thalamh, faoi phleananna Infheistíochta Caipitiúla an Státchiste a fógraíodh i rith na bliana 2015, cuirfimid tús le hathbhreithniú ar scóip agus dearadh na líne faoi thalamh ionas go mbeimid in ann tosú á tógáil ó 2020 ar aghaidh. Tá an tionscadal sin fós ar an réiteach is fearr i dtaobh acmhainn iompair phoiblí i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Táimid fós den tuairim freisin go mbeadh nasc DART chuig an aerfort ina réiteach éifeachtach ó thaobh costais chun ár ngréasán iarnróid náisiúnta iomlán a cheangal le príomh-aerfort na tíre, ag teacht le spriocanna beartais an Aontais Eorpaigh.

Le linn 2015, agus muid i mbun oibre chun a theacht ar chomhaontú i dtaobh tograí táirgiúlachta le ceardchumann na dtiománaithe, bhí díomá orainn gur glacadh gníomhaíocht thionsclaíoch maidin amháin i mí Dheireadh Fómhair. Tuigimid mianta na bhfostaithe i leith tuilleamh níos fearr, agus i mí Dheireadh Fómhair 2016 tiocfaidh deireadh le tréimhse shealadach 25 mí de dhéanamh d'uireasa bunphá a aontaíodh lenár lucht saothair. Mar sin féin, ní mór dúinn go léir díriú go fóill ar an ngá atá le cobhsaíocht airgeadais. Má dhéantar amhlaidh, is chun leasa gach duine in Iarnród Éireann a bheidh sé. Mura ndéanfar amhlaidh, beidh an dócmhainneacht ag bagairt orainn arís.

Táimid ag cur na heagraíochta sa riocht is go gcinnteofar gurb é an custaiméir croílár gach rud a dhéanaimid, agus ní mór dúinn a bheith ag obair as lámha a chéile chun seirbhís a sholáthar a fhreastalóidh ar riachtanais ár gcustaiméirí i ngach réimse gnó, agus sna pobail a cheanglaímid ar fud na hÉireann gach lá. Toisc go bhfuil an eagraíocht ag díriú ar shábháilteacht, ar sheirbhís agus ar chobhsaíocht airgeadais, is fearr a bheidh cúrsaí dár gcuid páirtithe leasmhara san am atá le teacht.

**Phil Gaffney,**
*Cathaoirleach,*
*Iarnród Éireann – Irish Rail*



# Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh



Bhí an dá phríomhdhúshlán a bhí le sárú againn le blianta beaga anuas fós linn in 2015: a chinntiú go soláthraímid seirbhís shábháilte atá dírithe ar chustaiméirí de réir mar a fhásann an t-éileamh; agus muid ag obair i dtimpeallacht thearc-chistithe ina bhfuil géarghá lenár gcúrsaí airgeadas a chur i riocht ina mbeidh siad inbhuanaithe. Is dócha go mbeidh na dúshláin sinn fós le sárú in 2016 agus tráth is faide anonn, agus beidh deiseanna ag gabháil leo i dtaobh a chinntiú go bhforbróimid seirbhís agus córas iarnróid a chomhlíonfaidh riachtanais ár gcustaiméirí, na bpobal agus an gheilleagair i gcoitinne sna blianta atá romhainn.

## An tSábháilteacht

Creideann Iarnród Éireann go daingean gur cheart dúinn a bheith sábháilte i gcónaí thar aon rud eile. Chun é sin a áirithiú, tá ár gCóras Bainistíochta Sábháilteachta ina bhonn taca ag gach ní a dhéanaimid, agus déanann an Coimisiún um Rialáil Iarnród maoirseacht neamhspleách air.

Ní fhéadfaimid ár maidí a ligean le sruth i dtaobh na sábháilteachta, agus sheol Iarnród Éireann sraith tionscnamh in 2015 chun cur le cultúr na sábháilteachta agus le ceannaireacht sábháilteachta ar fud na heagraíochta. Ina measc siúd, bhí siad seo a leanas:

- Oiliúint i dtaobh Ceannaireacht Sábháilteachta do na bainisteoirí agus na maoirseoirí go léir
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin sábháilteachta, agus na fostaithe cuí go léir páirteach sa phróiseas
- Díriú as an nua ar an ról atá ag na hionadaithe sábháilteachta i dtaobh tacú le fostaithe
- Tuairisciú faoi rún ar neascthionóiscí a chur i bhfeidhm

Is é an teachtaireacht fhoriomlán atá á cur in iúl ar fud na heagraíochta ná "Is Fútsa é Timpistí a Chosc", trína ndírítear ar an ról atá ag gach duine aonair chun na caighdeáin sábháilteachta is airde a bhaint amach don chuideachta ina hiomláine.

Léiríodh i dtáscairí feidhmíochta sábháilteachta na bliana 2015 gur tháinig méadú ar líon na gcomharthaí a ndeachthas tharstu go contúirteach, cúig cinn déag le hais deich gcinn in 2014. Tá Fearais Mheabhrúcháin do na Tiománaithe á suiteáil inár bhflít díosail agus táthar ag súil go laghdóidh an t-iomlán sin in 2016 agus ina dhiaidh sin. I gcás teagmhais tríú páirtí – sciorradh, tuislí agus titim sna stáisiúin den chuid ba mhó – tháinig laghdú orthu ó 234 go dtí 202 le hais 2014. Leanadh den treocht anuas i leith Timpistí inar Cailleadh Am i measc fostaithe, ó 74 go dtí 48 sa bhliain.

Beidh an gréasán níos sábháilte freisin de bharr an fheabhais a cuireadh ar na Boird um Luas-Srian Sealadach, tar éis dul i gcomhairle le tiománaithe agus aiseolas uathu a mheas, agus de bharr na hoibre deartha ar chórais airdill ag crosairí comhréidh a gcuireann an t-úsáideoir féin ag obair iad. Tá córas monatóireachta fuaime ar imthacaí suiteáilte freisin, chun fadhbanna leis na traenacha a bhrath, agus rinne an chuideachta dul chun cinn chomh maith le hobair phíolótach ar chórais cosanta traenacha don fhlít díosail.

## Cúrsaí airgeadais

Is ionann an toradh foriomlán don bhliain agus easnamh €7.7 milliún i gcomparáid le heasnamh €2.2 milliún a tuairiscíodh i leith na bliana 2014. Tá méideanna comparáideacha 2014 athluaite chun léiriú a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais nua (FRS102). Is é toradh athluaite na bliana 2014 easnamh €7.0 milliún, agus eascraíonn an t-athrú de bharr athlua den chuid is mó as athruithe ar an gcur chuige cuntasaíochta i dtaobh shócmhainní seasta Iarnród Éireann. Déantar anailís mhionsonraithe ar na hathruithe sin sna nótaí a ghabhann leis na cuntais.

Toradh fabhrach don bhuiséad atá ann, cuid mhór de a bhuí le hioncam paisinéirí a bheith láidir go fóill. Tá méadú ó bhliain go bliain tagtha ar sheirbhísí Ros Láir, maoin, fógraíocht agus ioncam tríú páirtí freisin, gan coigeartuithe aon uaire in 2014 san áireamh. Tháinig méadú ar ioncam lasta freisin in ainneoin líon beagán níos ísle a bheith i gceist. Bhí éileamh ar sheirbhísí de bharr an téarnaimh gheilleagraigh, mar aon leis na tionscnaimh mhargaíochta spriocdhírithe atá fós ar bun againn, ag cur go mór leis an



toradh sin. Tá an t-ioncam iomlán €233.9 milliún níos airde de €16.4 milliún ná ioncam na bliana roimhe sin, agus sáraíonn sé na leibhéil ioncaim a baineadh amach i lár na 2000í.

Tá bearna cistithe de thart ar €60 milliún in aghaidh na bliana fós ann i dtaobh ár sócmhainn bhonneagair a chothabháil agus a athnuachan. Má leantar leis an ngannchistiú ar an tsócmhainn bhonneagair, beidh dúshláin leanúnacha le sárú againn maidir le caighdeáin sábháilteachta a chomhlíonadh. Mura dtéitear i ngleic leis an mbearna cistithe sin, rachaidh an fheidhmíocht oibriúcháin in olcas agus i ndeireadh an lae cosnóidh an chothabháil fhrithghníomhach níos mó ná mar a chosnódh clár cothabhála sócmhainní a bhí cistithe go cuí.

Fuarthas cistiú forlíontach nua €38 milliún in 2015 ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt chun an rothstoc a chothabháil agus chun oibreacha sábháilteachta a dhéanamh ar an tsócmhainn bhonneagair.

Tá an leibhéal tearc-chistithe cuid mhaith níos mó ná an cistiú forlíontach a thug an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt in 2015, fianaise ann féin ar an tábhacht mhór a bhaineann le leibhéil cistithe inbhuanaithe a chinntiú dár seirbhísí agus dár ngréasán.

## Párolla

Chuir an chuideachta beart pá chun feidhme ar feadh tréimhse 25 mí. Rachaidh sé sin in éag i ráithe 4 de 2016. Sábháladh €5.6 milliún ar an bpárolla go dtí deireadh na bliana 2015.

## Ár gcustaiméirí

Tugaimid tús áite do shábháilteacht ár gcustaiméirí. Ina dhiaidh sin, ba mhaith linn a chinntiú go gcuirfimid seirbhís iompair atá iontaofa agus compordach ar fáil dóibh.

Arís eile in 2015, chomhlíonamar agus sháraíomar ár spriocanna Oibleagáide Seirbhíse Poiblí ar gach bealach, agus baineadh amach poncúlacht 95% ar a laghad ar fhormhór na mbealaí. Bhí sé sin in ainneoin dálaí aimsire an-dona i dtreo dheireadh na bliana, agus is mian liom mo bhuíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe go léir a chinntigh gur leanadh ag soláthar na seirbhíse ar feadh an ama sin, agus, go deimhin, isteach in Eanáir 2016.

In 2015 tugadh fás suntasach faoi deara ar an líon aistear paisinéirí agus ar ioncam ó phaisinéirí, 5.5% agus 4.9% faoi seach. San iomlán, mhéadaigh líon na n-aistear paisinéirí ó 37.8 milliún go dtí 39.7 milliún, an bhliain ab fhearr ó 2008. Tugadh fás faoi deara sna gnóthaí go léir – Intercity, DART agus Seirbhísí Comaitéireachta ag 2.3%, 3.6% agus 7.8% faoi seach.

Lean gníomhaíocht tráchtála na cuideachta ag tacú le fás i bpríomhdheighleoga den mhargadh. In 2015, de bharr promóisean a bhí dírithe ar mhic léinn, bhí fás ard (7.8%) le sonrú arís den cheathrú bliain as a chéile. Cuireadh roinnt díolachán suíochán ar líne ar bun in 2015 a chuir 7.7% leis an ioncam ó dhíol ar líne. Tháinig méadú 10.8% ar an ioncam TaxSaver, agus tá an líon is mó cuideachtaí go fóill cláraithe lenár bhfoireann díolacháin gnó, rud ba chúis le borradh eile i measc na gcuideachtaí rannpháirteacha.

Cuireadh i gcrích céim na riachtanas sonrach den chlár 'Tús Áite don Chustaiméir', faoina ndéanfar athrú ó bhonn, trí thionscnaimh theicneolaíochta, ar an gcaidreamh idir Iarnród Éireann agus a chustaiméirí agus ar an gcaoi a ndéanann sé gnó leo. Cuirfear tús leis an gcéim dearaidh agus tógála in 2016 agus cuirfear an clár chun feidhme idir deireadh 2016 agus lár 2017, rud a rachaidh chun tairbhe na gcustaiméirí de réir a chéile.

Ag teannadh le deireadh na bliana, cuireadh i mbun seirbhíse an chéad traein athchóirithe sa fhlít Enterprise ar bhealach Bhéal Feirste/Bhaile Átha Cliath, le tacaíocht ó chistiú Interreg AE tríd an bhForas um Chláir Speisialta an Aontais Eorpaigh ('FCSAE'). Cuireadh an flít go léir ar ais i mbun seirbhíse faoi 2016, agus feabhas nach beag ar shaoráidí do chustaiméirí agus ar chompord.

Táthar fós i mbun pleanála le Belmond chun traein só a oibriú ar fud na hÉireann ó Ráithe 3 2016, a chomhlíonfaidh an comhaontú comhpháirtíochta a síníodh in 2014.

Leanadh leis an ngníomhaíocht ghnó ar bord traenach i gcaitheamh na bliana agus reáchtáladh imeachtaí 'Networking on the Move' i gcomhar le Comhlachais Tráchtála Bhaile Átha Cliath, Luimnigh, agus na Gaillimhe.

Thuairiscigh monatóir neamhspleách Iarnród Éireann um Shástacht Chustaiméirí leibhéal sástachta foriomlán 93%, an leibhéal is airde fós.

## Lasta

Áiríodh iad seo a leanas i measc phríomhthráchtanna lasta na Cuideachta in 2015:

1. Mian since ó Mhianaigh na Teamhrach chomh fada le Calafort Bhaile Átha Cliath
2. Traenacha coimeádán ó Bhéal an Átha chomh fada le Calafort Bhaile Átha Cliath agus Port Láirge
3. Adhmad ó Chontae Mhaigh Eo chomh fada le muileann laín Phort Láirge

Mhéadaigh an t-ioncam lasta iarnróid agus an t-ioncam loingseoireachta ó €8.6 milliún go dtí €8.8 milliún in 2015, agus laghdaíodh líon na dtonnaí in aghaidh an chiliméadair ó 99.8 milliún go 96.4 milliún, mar gheall ar an laghdú ar an méid méine mianraí den chuid ba mhó.

Táthar ag díriú ar roinnt deiseanna nua gnó, agus tá sé ina aidhm againn traenacha níos faide a chur ar na ráillí chun costas aonaid an lasta iarnróid a laghdú do chustaiméirí.

D'éirigh go hiontach arís eile in 2015 le gnó Loingseoireachta Lasta Iarnród Éireann, a bhailíonn agus a dháileann páirteanna carranna. Bhí an t-ioncam uaidh 2% chun cinn ar an ioncam a bhí réamh-mheasta. Bhí feidhmíocht an ghnó sin ina measc siúd ab fhearr san Eoraip san earnáil sin – seachadadh 99.4% de na horduithe in am ar fud oileán na hÉireann.

## Europort Ros Láir

Is é Iarnród Éireann an t-údarás calafoirt ag Europort Ros Láir, an dara chalafort farraige is gnóthaí sa Stát ó thaobh cuairteanna loinge, trácht turasóireachta agus lasta aonadaithe.

Bhí méadú foriomlán 3% ó bhliain go bliain ar an ioncam, ag €10.4 milliún, rud a léiríonn méadú 2% ar ghluaisteáin phaisinéirí agus méadú 4% in aonaid lasta róró, agus bhí méadú 39% ar allmhairiú feithiclí trádála agus feithiclí trádála éadroma.

Cé nach raibh stoirmeacha na Nollag chomh dona le stoirmeacha na bliana 2013/14, séideadh gaineamh isteach sna hascnaimh, agus is dócha go mbeidh dreidireacht chothabhála éigin ag teastáil in 2016 dá bharr sin.

In 2015 freisin, cheap Iarnród Éireann cuibhreannas sainchomhairleoirí chun scrúdú a dhéanamh ar spéis an mhargaidh i socrú lamháltais maidir le hoibríochtaí a bhainistiú ag Europort Ros Láir, mar a moladh i dTuarascáil Indecon. Tá Iarnród Éireann ag obair leis na páirtithe leasmhara go léir i Ros Láir tríd an bpróiseas sin.

## Ár nGréasán

I measc fhoinsí ioncaim an ghnó Bainisteora Bonneagair tá cistiú ó Chonradh Ilbhliantúil agus muirir i dtaobh rochtana ar na rianta ó oibríochtaí traenach, idir oibríochtaí paisinéirí agus oibríochtaí lasta, ar fiú €175.4 milliún iad. Cuireadh cistiú forlíontach €9.0 milliún ar fáil freisin le haghaidh Chothabháil agus Athnuachan an Ghréasáin Iarnróid. Lena chois sin, mhol an tÚdarás Náisiúnta Iompair don Roinn gur chóir suim €9.0 milliún a aistriú ón bhfóirdheontas OSP don Ghnóthas Iarnróid chuig an mBainisteoir Bonneagair in 2015. D'fhág sé sin gurbh fhiú €18.0 milliún an cistiú breise iomlán don Bhainisteoir Bonneagair in 2015.

Ba í 2015 an dara bliain iomlán ina raibh an Conradh Ilbhliantúil i bhfeidhm agus comhlíonadh na riachtanais ar fad i rith na bliana. San áireamh ansin bhí na cláir oibre ar fad a chur i gcrích faoi réir an chaiteachais a bhí luaite mar aon le clár cuíchóirithe gréasáin a chur i gcrích, clár a raibh sé mar aidhm leis fáil réidh le sócmhainní barrachais.







## Tionscadail feabhais

- Athchomharthaíocht i Lár na Cathrach: Tá oibreacha chéim 3 ar bun faoin gclár agus tá sé beartaithe go ndéanfar an coimisiúnú deiridh i mí Iúil 2016. Beidh an lúb chúlaitheach ag Duga na Canálach Móire in úsáid ansin. Tosófar ar na hoibreacha faoi Chéim 2 go luath sa bhliain 2016, leis an gcoimisiúnú beartaithe do lár na bliana 2017.
- Feabhas ar amanna turais: In 2015 rinneadh athnuachan ar 21 míle de bhallasta díghrádaithe idir Collchoill agus Port Laoise ar an líne idir Baile Átha Cliath agus Corcaigh, agus rinneadh uasghrádú ar leagan amach na rianta ag an am céanna. Cuirfidh an próiseas sin le fad saoil agus le hiontaofacht an rian agus, i gcomhar le céim eile den chlár atá beartaithe do 2016, éascóidh sé do luas níos airde ar an líne feadh fhormhór na coda sin go dtí 100mph in 2016.
- Trasnú Uí Raghallaigh: Osclaíodh an droichead nua ag Trasnú Uí Raghallaigh don phobal ar an 24 Feabhra 2015. Cuireadh é sin in áit an chrosaire chomhréidh, XG002, ar dúnadh go foirmiúil é ar an 27 Márta 2015, rud a d'fhág go bhfuil trácht iarnróid, trácht ar an mbóthar agus coisithe níos sábháilte ná mar a bhíodh.
- Tarbhealach Dhroichead Átha: Cuireadh i gcrích na hoibreacha athchóirithe ag Tarbhealach Dhroichead Átha i mí na Samhna 2015. Tacaíodh leis an obair riachtanach sin trí chistiú Interreg ón AE tríd an bhForas um Chláir Speisialta an AE.
- Tollán Pháirc an Fhionnuisce: Tá ag éirí go maith leis na hoibreacha ar thionscadal Thollán Pháirc an Fhionnuisce. Tá deisiú an Tolláin agus uasghrádú na n-oibreacha seirbhísí beagnach críochnaithe agus tá athleagan na rianta, cobhsú gearrtha agus na hoibreacha draenála á gcur i gcrích de réir an sceidil. Tá seirbhísí nua beartaithe i gcomhair R4 2016.

## Pleanáil Straitéiseach

Tá Iarnród Éireann ag tnúth le páirt ghníomhach a ghlacadh leis na príomhpháirtithe leasmhara i bhforbairt Beartais Iarnróid Nua mar atá molta sa Chreat Straitéiseach ar Infheistíocht in Iompar ar Tír. Tá géarghá le beartas iarnróid sainráite i gcomhthéacs geilleagair atá ag teacht chuige féin agus brú tráchta atá ag dul in olcas. Táthar ag súil go sainaithneofar sa bheartas na tosaíochtaí, na costais agus na sochair i leith ról agus forbairt an iarnróid in Éirinn mar shócmhainn náisiúnta luachmhar – agus é ag teacht le beartais gheilleagracha, pleanáil spásúlachta, beartais shóisialta agus beartais i dtaobh na hinbhuanaitheachta. Measann Iarnród Éireann go bhfuil ról mór le himirt ag an iarnród maidir le spriocanna athrú aeráide na hÉireann a chomhlíonadh, lena n-áirítear fáil réidh ar deiridh lenár spleáchas ar bhreoslaí iontaise.

## Straitéis Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2016 – 2035

Fáiltíonn Iarnród Éireann roimh an dréachtleagan den Straitéis Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath 2016 – 2035 atá foilsithe ag an Údarás Náisiúnta Iompair. Go háirithe, is díol sásaimh d'Iarnród Éireann é go gcuimsítear an clár um Leathnú an DART, lena n-áirítear an Tollán DART Faoi Thalamh, mar chuid lárnach den straitéis. Tá an clár sin ar an bhforbairt iompair aonair is tábhachtaí i stair an Stáit agus tá sé riachtanach ionas go mbeidh seans ar bith ag Éirinn cloí leis na gealltanais a thug sí i gComhaontú Pháras um Athrú Aeráide.

I ndiaidh nuashonrú an cháis gnó don Chlár um Leathnú DART, agus aird ar chúinsí geilleagracha athraithe agus ar threoirlínte nuashonraithe um meastóireacht ar an tionscadal, tá Iarnród Éireann ag obair anois i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair chun bearta féideartha sábhála costais a shainaithint a bhaineann leis an ngné DART Faoi Thalamh den chlár agus chun clár a chomhaontú i dtaobh na gnéithe eile den chlár a chur i gcrích.

## Deiseanna Forbartha Gnó

Tá roinnt réimsí sonracha tosaíochta i dtaobh infheistíochta aitheanta ag Iarnród Éireann ionas go mbeadh seirbhísí iarnróid níos tarraingtí don phobal taistil agus chun réimse na gcustaiméirí a leathnú. Ina measc siúd tá feabhas ar amanna turais (go háirithe ar an líne idir Baile Átha Cliath agus Corcaigh) agus an Lárionad Rialaithe Traenacha nua (lena n-áirítear córais bainistíochta tráchta nua-aimseartha).

Creideann Iarnród Éireann gur deis ghnó agus deis iompair é an nasc DART le haerfort Bhaile Átha Cliath, faoina gceanglófaí an t-aerfort leis an ngréasán iarnróid ar fud an oileáin, ar féidir í a thapú sa ghearrthréimhse ar chostas réasúnta measartha. Comhlíonann an nasc aerfoirt sin ceann de lárchuspóirí TEN-T, agus ar deireadh thiar dhéanfaí é a chomhtháthú leis an Meitreo atá beartaithe idir Sord, an tAerfort agus Lár na Cathrach, ionas go mbeadh an-rogha ag an bpobal maidir le comaitéireacht, taisteal gnó agus taisteal fóillíochta.

## Ár gcuid Daoine

Lean foireann Iarnród Éireann, 3,796 duine, ag soláthar seirbhísí sábháilte iompair ar ardchaighdeán dár gcustaiméirí i rith tréimhse ina raibh geilleagar na tíre faoi bhrú.

Cuirfear deireadh i mí Dheireadh Fómhair 2016 leis an maolú sealadach i dtaobh íoc bunphá i gcás gach fostaí, beart a tugadh isteach in 2014 ar feadh tréimhse 25 mhí.

Chuaigh an chuideachta i gcomhairle go dúthrachtach le fostaithe chun bearta táirgiúlachta a aithint a d'fhéadfadh feabhas a chur ar staid airgeadais na cuideachta agus ar thuilleamh na bhfostaithe. Ar an drochuair, ainneoin an-chuid comhairle leis na tiománaithe, ghlac tiománaithe NBRU agus SIPTU gníomhaíocht thionsclaíoch ar an Aoine roimh an Lá Saoire Banc i mí Dheireadh Fómhair, beart a d'fhág gur chaill an eagraíocht ioncam. Glacadh le moladh ón gCúirt Oibreachais go ndéanfar fadhbanna nach bhfuil réitithe ón rannpháirtíocht sin a scrúdú ar bhonn neamhspleách, agus tá sé sin ar bun faoi láthair.

Tá Clár Forbartha Ceannaireachta bunaithe san eagraíocht, agus tá an clár sin á chur i bhfeidhm de réir a chéile. Thug an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin faoina nAistear Ceannaireachta, thug an Fhoireann Ardbhainistíochta (an Dara Céim) faoina nAistear Ceannaireachta, agus tabharfaidh an Fhoireann Mheánbhainistíochta (an Tríú Céim) faoina nAistear Ceannaireachta ag deireadh mhí Eanáir 2016.

Tá Iarnród Éireann tar éis Clár Pleanála Comharbais agus Bainistíochta Tallann a chur ar bun. Táthar ag súil go gcinnteofar, tríd an gclár sin, go mbeidh próisis agus córais atá láidir, oibiachtúil agus trédhearcach i bhfeidhm chun linnte tallann imleora a chruthú i leith na hiomaíochta le haghaidh róil cheannaireachta amach anseo ar gach leibhéal ar fud na heagraíochta. Faoin gclár sin, ullmhófar an treoirphlean i dtaobh conas Pleanáil Chomharbais agus Bainistíocht Tallann a chur i bhfeidhm ar fud na heagraíochta.

In 2015, chuir Iarnród Éireann fáilte roimh an gcéad ghrúpa nua printíseach dár gcuid le deich mbliana anuas. Roghnaíodh 13 dhuine as beagnach 2,000 iarratas, rud a léiríonn an t-éileamh ar phrintíseachtaí agus mealltacht Iarnród Éireann mar fhostóir. Tairgeadh printíseachtaí i róil meicneora díosail, leictreora, suiteálaí agus táthaire, agus fógraíodh an dara babhta printíseachtaí sa dara leath den bhliain, le tosú i mí Eanáir 2016.

## Ár bpobal

Tá Iarnród Éireann tar éis tús áite a thabhairt don fheasacht mheabhairshláinte inár gcláir phobail. Tá a lán tiománaithe agus freagróirí dár gcuid a chonaic tragóid an fhéinmharaithe ar ár ngréasán lena súile féin, agus táimid tar éis dul i gcomhpháirtíocht le roinnt tionscnamh feasachta meabhairshláinte agus tionscnamh chun an féinmharú a chosc. In 2015, áiríodh leis sin:

- Eolas teagmhála na Samárach a chur ar chomharthaí ag gach stáisiún ar an ngréasán
- Tacaíocht leanúnach do mhí an Ribín Ghlais de chuid Seechange.ie i mí na Bealtaine, lena spreagtar comhráite faoin meabhairshláinte
- Ghlac foireann ina raibh breis is 100 fostaí páirt san imeacht Cycle against Suicide i mí Aibreáin agus mí na Bealtaine ar fud na tíre.

Faoinár dtionscnamh tacaíochta pobail "The Journey's on Us", tugadh aistear grúpa saor in aisce ar ár ngréasán arís eile do 100 grúpa ó earnáil na gcarthanas, na n-eagraíochtaí deonacha, na n-eagraíochtaí spóirt agus na n-eagraíochtaí pobail.

Leanadh ar aghaidh lenár gcomhpháirtíocht le Teach Naomh Michíl tríd an imeacht Bring a Book, Buy a Book sna stáisiúin mhóra, faoina mbailítear airgead don obair thábhachtach a dhéanann Teach Naomh Michíl don phobal.

Ina theannta sin, chuaigh an chuideachta i gcomhpháirtíocht le hAcadamh Ríoga na hÉireann chun clár imeachtaí a chur ar bun i gcomhair chomóradh céad bliain Éirí Amach 1916. Díríodh go háirithe ar na cúig stáisiún déag a athainmníodh tráth chomóradh 50 bliain an Éirí Amach in 1966.

## Ár gComhshaol

### Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh in 2015


Léirítear thíos próifíl ídithe fuinnimh (MWh) Iarnród Éireann (gach figiúr slánaithe chuig ’000):

| **Bliain** | **2006** | **2009** | **2012** | **2013** | **2014** | **2015** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Úsáid fuinnimh iomlán MWhr in aghaidh gach 10,000 km paisinéara** | 100% | 83% | 82% | 85% | 73% | 63% |
| **Úsáid fuinnimh iomlán MWhr in aghaidh gach 100 km traenach** | 100% | 75% | 69% | 71% | 65% | 65% |
| **Costas fuinnimh bunaithe ar ola dhíosail** | 100% | 221% | 209% | 234% | 227% | 212% |
| | | | | | | |
| Ola dhíosail le haghaidh tarraingt feithiclí | 670,300 | 480,100 | 455,400 | 451,000 | 414,900 | 409,700 |
| Leictreachas le haghaidh tarraingt feithiclí | 35,400 | 26,800 | 23,900 | 21,200 | 19,200 | 20,500 |
| Breosla Bóthair | 13,400 | 16,900 | 16,200 | 15,700 | 15,300 | 15,700 |
| Leictreachas le haghaidh cuspóirí eile | 31,000 | 40,000 | 37,400 | 37,800 | 37,400 | 36,800 |
| Gás don téamh | 18,500 | 18,500 | 10,100 | 10,700 | 8,400 | 8,000 |
| **Úsáid fuinnimh iomlán MWhr** | 768,600 | 582,300 | 543,000 | 536,400 | 495,200 | 490,700 |
| | **100%** | **76%** | **71%** | **70%** | **64%** | **64%** |
| | | | | | | |
| **Paisinéirí M km** | **1,872** | **1,681** | **1,583** | **1,568** | **1,691** | **1,917** |
| | 100% | 90% | 85% | 84% | 90% | 102% |
| **Úsáid fuinnimh iomlán MWhr in aghaidh 10,000 km paisinéara** | 4.03 | 3.36 | 3.33 | 3.42 | 2.93 | 2.59 |
| | **100%** | **83%** | **82%** | **85%** | **73%** | **63%** |
| | | | | | | |
| **Traenacha M km** | 18.2 | 18.2 | 18.4 | 18.3 | 18.3 | 18.4 |
| | 100% | 100% | 101% | 100% | 109% | 109% |
| **Úsáid fuinnimh iomlán MWhr in aghaidh 100 km Traenach** | 4.14 | 3.11 | 2.86 | 2.94 | 2.71 | 2.68 |
| | **100%** | **75%** | **69%** | **71%** | **65%** | **65%** |
| | | | | | | |
| **Líon na gcuntas leictreachais (MPRN)** | **390** | **511** | **593** | **628** | **626** | **602** |
| | **100%** | **131%** | **152%** | **161%** | **153%** | **154%** |
| | | | | | | |
| **Costas fuinnimh bunaithe ar ola dhíosail** | 0.34 | 0.75 | 0.71 | 0.80 | 0.77 | 0.72 |
| | 100% | 221% | 209% | 234% | 227% | 212% |

**Nótaí.**

1. Athraíodh leagan amach na dtraenacha in 2015 chun freastal ar éileamh méadaithe ó phaisinéirí, a raibh ardú 13% tagtha air i gcomparáid le 2014. Cuireadh le fad na dtraenacha, le méadú dá réir ar an éileamh fuinnimh, agus cuireadh roinnt seirbhísí breise ar fáil. Rinneadh na méaduithe a fhritháireamh i bpáirt trí leanúint ar aghaidh leis na bearta caomhnaithe fuinnimh. Tháinig laghdú 1.2% ar úsáid díosail agus laghdú 0.9% ar an bhfuinneamh foriomlán a úsáideadh.
2. Athraíodh leagan amach na dtraenacha ar an tseirbhís DART ar an gcaoi chéanna, as ar eascair méadú 7% ar ídiú leictreachais ar tharraingt rothstoic. Cuireadh siar na pleananna i leith beart spárála fuinnimh eile a chur chun feidhme go dtí go mbeadh “an tseirbhís DART 10 nóiméad” tugtha isteach.
3. Tá úsáid breosla bóthair ag ardú beagán; tá sé beartaithe anailís mhionsonraithe a dhéanamh ar úsáid bhreosla le haghaidh feithiclí bóthair in 2016, chun bonn eolais a chur faoinár gcuid straitéisí.
4. Tháinig athrú beag ar líon na bpointí soláthair (pointí méadraithe) ó 597 go 602, agus tháinig laghdú 2% ar an ídiú leictreachais, a bhuí leis an aimsir bhreá agus na tionscnaimh a bhí ar bun ag an Rannóg Foirgneamh agus Saoráidí agus ag Rannóg na nOibríochtaí.
5. Laghdaigh úsáid gháis 5% eile, a bhuí leis an aimsir bhreá agus na tionscnaimh a bhí ar bun ag an Rannóg Innealtóireachta Meicniúla agus an Rannóg Foirgneamh agus Saoráidí. Tharla an laghdú sin in ainneoin clár leanúnach faoina bhfuil córais téimh á n-athrú ó ola dhíosail go dtí gás. Ní bheadh iontas orainn dá dtiocfadh méadú ar na figiúirí ídithe gáis amach anseo.
6. Tá laghdú 0.9% tagtha ar an úsáid fhoriomlán fuinnimh. Toradh maith is ea é sin i gcomhthéacs líon paisinéirí méadaithe, agus an líon níos mó km in aghaidh na gcarráistí dá bharr in 2015.
7. Tháinig méadú suntasach 13% ar líon na bpaisinéirí, rud a chuaigh go mór i gcion ar ár bhfeidhmíocht arna tomhas faoin gcritéar normalaithe sin (fuinneamh in aghaidh an km paisinéara), a d’fheabhsaigh ó 73% go 64%.
8. Tháinig méadú beag ar na seirbhísí sceidealta agus méadú dá réir ar an líon km a chlúdaigh na traenacha. Tá laghdú tagtha ar an úsáid fuinnimh in aghaidh na traenach mar gheall ar laghdú ar úsáid fhoriomlán fuinnimh agus mar gheall ar an méadú i dtaobh km Traenach.
9. Laghdaigh an costas fuinnimh a bhí luaite le Gás, Leictreachas agus Díosal. Déantar ceannacháin díosail a fhálú ar aghaidh ionas go léiríonn na praghsanna an praghas fálaithe, ní an “Prap-phraghas”.
   Is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil laghdú thart ar 50% tagtha ar an titim sa sciar fuinnimh de phraghas an leictreachais le 3 bliana anuas, ach go bhfuil costas an leictreachais gan athrú den chuid is mó mar gheall ar na harduithe ar Mhuirir Rialáilte.

**Cairt 1**





## Gníomhartha a rinneadh in 2015 agus gníomhartha atá pleanáilte le haghaidh 2016

Lean Iarnród Éireann ar aghaidh in 2015 lena chuid oibre ar roinnt leibhéal:

### Breosla Díosail do tharraingt

Tá clár tástála curtha ar bun ag Iarnród Éireann chun fíorú a dhéanamh ar éifeachtúlacht táirge a éilítear ina leith go laghdaíonn sé ídiú breosla in innill fhrithingeacha díosail. Tá an clár sin tar éis bogadh anois chuig suíomh tástála iomláine ag Iosta Chorcaí agus tá súil le freagra cinnte in 2016.

Tá tionscadal ar bun chun innill éifeachtacha nua-aimseartha, ar lú iad ná na sean-inill, a chur in ionad na n-inneall traenach 2-stróc atá idir 20 agus 40 bliain d'aois. Tá múchadh uathoibríoch mar ghné chaighdeánach sna hinnill nua. Tá staidéar féidearthachta déanta maidir le córas tomhais, a fuair tacaíocht ón Scéim Creidmheasanna Fuinnimh. Déanfar trealamh chun an tomhaltas fuinnimh a thomhais a fheistiú in 2016 agus cuirfear tús le tomhais bhonnlíne. Táthar ag súil go mbeidh an próiseas tairisceana i gcomhair fhlít "201" ar siúl in 2016.

### Leictreachas le haghaidh tarraingt feithiclí

Tá tuilleadh modhnuithe ar na Bogearraí Rialaithe Tarraingthe curtha siar go dtí go mbeidh an tseirbhís "DART 10 nóiméad" curtha chun feidhme agus í socraithe síos. Tá athruithe ar na leibhéil Uasacmhainne Iompórtála curtha siar freisin; agus b'fhéidir gur gá cur leo sin chun freastal ar ualaí níos mó le linn na mbuaicthréimhsí.

### Tomhaltas Fuinnimh na bhFoirgneamh

I gcás thart ar 600 stáisiún agus foirgneamh lasmuigh, tá téitheoirí leictreacha insocraithe nua feistithe agus coimisiúnaithe. Tá téitheoirí uisce nua feistithe freisin sna foirgnimh ina raibh gá leo. Beidh na tionscnaimh sin á leathnú chuig foirgnimh Bhonneagair.

# Stiúrthóirí agus Faisnéis Eile

| | |
|---|---|
| **Cathaoirleach** | An tUasal P. Gaffney |
| **Stiúrthóirí** | C. Griffiths Uasal |
| | T. McGee Uasal |
| | An tUasal M. McGreevy |
| | An tUasal J. Moloney |
| | An tUasal F. O'Mahony |
| | An tUasal Tommy Wynne |
| | |
| **An Príomhfheidhmeannach** | An tUasal D. Franks |
| | |
| **Rúnaí** | G. Finucane Uasal |
| | |
| **Oifig Chláraithe** | Stáisiún Uí Chonghaile,<br>Sráid Amiens,<br>Baile Átha Cliath 1 |
| | |
| **Teileafón** | +353 1 836 3333 |
| **Facs** | +353 1 836 4760 |
| **Suíomh Gréasáin** | www.irishrail.ie |
| **Uimhir Chláraithe** | 119571 |
| | |
| **Iniúchóirí** | PricewaterhouseCoopers,<br>Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúla,<br>Uimhir a hAon Duga Spencer,<br>Cé an Phoirt Thuaidh,<br>Baile Átha Cliath 1 |



### Phil Gaffney

Athcheapadh Phil Gaffney ina Chathaoirleach ar Iarnród Éireann agus ina Chomhalta de Bhord CIÉ i mí Iúil 2014; roimhe sin bhí sé ina Chathaoirleach ar Iarnród Éireann agus ina chomhalta de Bhord CIÉ ó Mheitheamh 2011 agus ina stiúrthóir ar Iarnród Éireann ó 2006. Innealtóir comharthaíochta iarnróid is ea an tUasal Gaffney i dtaobh gairme. Sula ndeachaigh sé ar scor i mí na Nollag 2005, chaith Phil ocht mbliana is fiche leis an MTR i Hong Cong. I rith an ama sin, bhí sé ina Phríomhinnealtóir, ina Stiúrthóir Oibríochtaí agus ina Stiúrthóir Bainistíochta. Tá sé ina Chathaoirleach ar Choiste Sábháilteachta Bhord CIÉ. Chomh maith leis sin, is stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin é ar Bhord Crossrail Londan agus comhalta de Choiste Sláinte agus Sábháilteachta Crossrail.



### Carolyn Griffiths

Tá Carolyn ina Comhalta d'Acadamh Ríoga na nInnealtóirí agus d'Institiúid na nInnealtóirí Meicniúla. Is Iontaobhaí de chuid na hInstitiúide í agus Iontaobhaí de chuid na Comhairle Innealtóireachta. Tá an-taithí aici ar an tionscal iarnróid tar éis di a bheith ag obair in earnálacha éagsúla sa Ríocht Aontaithe, i Singeapór, sa Ghearmáin agus sa tSualainn. Sa dá phost ba dhéanaí inar fhóin sí, bhí sí ina Leas-Uachtarán Sinsearach ar chuideachta ilnáisiúnta agus ina Príomhchigire sa Bhrainse um Imscrúdú ar Thimpistí Iarnróid sa Ríocht Aontaithe, eagraíocht a raibh sí féin páirteach ina bunú.

Bhronn Ollscoil Cranfield Dochtúireacht Oinigh uirthi in 2013 as a cuid éachtaí sa tionscal iarnróid agus as an gcion atá déanta aici sa tionscal sin.



### Tracey McGee

Ba in 1990 a bhain Tracey cáilíocht mar Aturnae amach agus chaith sí tréimhsí ag obair sa Ríocht Aontaithe, sna Stáit Aontaithe agus in Éirinn sular cháiligh sí mar Idirghabhálaí. Is Idirghabhálaí Deimhnithe í Tracey anois agus tá sí ag obair don tSeirbhís Idirghabhála Teaghlaigh ar bhonn conartha. Le linn a saoil ghairmiúil sa dlí tá tréimhsí caite ag Tracey ag obair i gcleachtas príobháideach, san earnáil tráchtála agus san earnáil phoiblí, rud a fhágann go bhfuil taithí aici ar ghnéithe éagsúla den dlí. Níl drogall ar bith ar Tracey tabhairt faoi dhúshlán nua agus síleann sí gurb ionann a ceapachán chuig an mbord agus deis chun a cuid taithí a úsáid agus cion maith a dhéanamh. Ceapadh Tracey chuig an mbord i mí Mheán Fómhair 2013.



### Mal McGreevy

Chuaigh Mal McGreevy ar scor le déanaí óna phost mar Bhainisteoir Ginearálta, Seirbhísí Iarnróid, Translink, Cuideachta Sealbhaíochta Iompair i dTuaisceart Éireann. Tá an-taithí aige san earnáil iompair. Innealtóir Meicniúil is ea Mal, a d'fhóin i bpoist shinsearacha i gcuideachtaí bus agus iarnróid ó thosaigh sé le Ulster Bus in 1988. Ceapadh ina Bhainisteoir Ginearálta ar Sheirbhísí Iarnróid é in 2004.



### John Moloney

Ceapadh John Moloney ar Bhord CIÉ i mí na Nollag 2005 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go dtí 2001 agus ceapadh ar bhord Iarnród Éireann é ina dhiaidh sin i mí na Nollag 2009. Ba sa bhliain 1978 a thosaigh John ag obair do Bhus Éireann agus is ag obair mar thiománaí bus i nGaráiste Thobar an Chaipín i gCorcaigh atá sé faoi láthair. Is comhalta den NBRU é.



**Flor O'Mahony**

Is comhairleoir gnóthaí poiblí é Flor O'Mahony agus tá sé ina chomhairleoir le Fipra International. Tá tréimhsí caite aige ina fheisire i bParlaimint na hEorpa agus i Seanad Éireann. D'oibrigh sé mar chomhairleoir don Tánaiste agus don Aire Sláinte agus Leasa Shóisialaigh, Brendan Corish agus ina dhiaidh sin do Cheannaire Pháirtí an Lucht Oibre, Frank Cluskey. Léachtóir Comhlach le beartais agus próisis an AE ba ea é san Fhoras Riaracháin go dtí 2006 agus is comhalta den Institiúid um Ghnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha é. Ceapadh Flor chuig an mbord i mí Mheán Fómhair 2013.



**Tommy Wynne**

Ceapadh Tommy Wynne chuig Bord CIÉ i mí na Nollag 2013 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001 agus chuig bord Iarnród Éireann an tráth céanna. Thosaigh Tommy le hIarnród Éireann mar fhear iosta in 1991 agus thosaigh sé ag obair mar thiománaí traenach in 1994. Faoi láthair tá sé ina Chathaoirleach ar an Rannóg um an Earnáil Iompair agus um Fhóntais agus Thógáil de chuid SIPTU.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí

Tá a dtuarascáil bhliantúil á cur i láthair ag na stiúrthóirí de réir a n-oibleagáidí faoi Acht na gCuideachtaí 2014 agus faoin Acht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú) 1986, i leith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2015.

## Ráiteas um Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí

Tá na stiúrthóirí freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dhlí na hÉireann.

Faoi dhlí na hÉireann, ceanglaítear ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú i leith gach bliana airgeadais a thugann léargas fíorcheart ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Cuideachta ag deireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús agus caillteanas na Cuideachta i leith na bliana airgeadais. Faoin dlí sin, d'ullmhaigh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais de réir an Chleachtais Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn (caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais sa Ríocht Aontaithe, lena n-áirítear Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais 102 "The Financial Reporting Standard applicable in the UK and Republic of Ireland" agus arna bhfógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus i ndlí na hÉireann).

Faoi dhlí na hÉireann, ní cheadóidh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais mura bhfuil siad deimhin go dtugtar léargas fíorcheart iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Cuideachta amhail deireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús agus caillteanas na Cuideachta i leith na bliana airgeadais.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar na stiúrthóirí:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- a shonrú cibé ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta infheidhme agus na caighdeáin sin atá i gceist a shainaithint, faoi réir aon imeachtaí ábhartha ó na caighdeáin sin a nochtadh agus a mhíniú sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais;
- scairshealbhóirí na Cuideachta a chur ar an eolas i scríbhinn faoi úsáid díolúintí nochta, más ann, faoi FRS 102; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach, ach amháin sa chás nach cuí a ghlacadh leis go leanfaidh an Chuideachta i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as taifid chuntasaíochta iomchuí a choinneáil ar leor iad chun:

- idirbhearta na Cuideachta a thaifeadadh agus a mhíniú i gceart;
- a chumasú, tráth ar bith, sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús agus caillteanas na Cuideachta a chinneadh go réasúnta cruinn; agus
- a chur ar a gcumas do na stiúrthóirí a áirithiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Acht na gCuideachtaí 2014 agus iniúchóireacht ar an ráitis airgeadais sin a chumasú.

Chomh maith leis sin, tá na stiúrthóirí freagrach as sócmhainní na Cuideachta a chosaint agus, dá réir sin, as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá na stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus ionracas na faisnéise corparáidí agus airgeadais atá ar shuíomh gréasáin na Cuideachta. Ní gá gurb ionann an reachtaíocht in Éirinn maidir le hullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais agus an reachtaíocht atá i bhfeidhm i ndlínsí eile.

## Gnóthas Leantach

Tá an bord stiúrthóirí deimhin go mbeidh a dóthain acmhainní ag an gCuideachta chun leanúint ar aghaidh i mbun gnó go ceann i bhfad. Dá réir sin, tá bonn an ghnóthais leantaigh fós á roghnú acu agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú. Tá tuilleadh sonraí leagtha amach i Nóta 2 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

## Príomhghníomhaíochtaí agus Athbhreithniú Airgeadais

Is iad príomhghníomhaíochtaí na Cuideachta seirbhísí Idirchathrach (Intercity) agus seirbhísí Iarnróid Comaitéireachta a sholáthar do phaisinéirí, mar aon le seirbhísí lasta agus Europort Ros Láir a bhainistiú.

Is ag Córas Iompair Éireann (CIÉ), comhlacht reachtúil atá faoi lánúinéireacht Rialtas na hÉireann agus a thuairiscíonn don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, atá 100% de scairchaipiteal eisithe na Cuideachta.

Déanann an Chuideachta monatóireacht rialta ar a feidhmíocht trí raon príomhtháscairí feidhmíochta i dtaobh oibriúcháin agus airgeadais. San áireamh sna hathbhreithnithe sin a dhéanann an fhoireann bainistíochta agus na stiúrthóirí tá an bhéim mhór a leagadh le roinnt blianta anuas ar shábháil costais, as ar tháinig bonn costais laghdaithe agus feabhas ar chaighdeán agus éifeachtacht na seirbhísí do na custaiméirí go léir. Léirítear i dtorthaí na bliana 2015 gur tháinig méadú €16.4m ar an ioncam ó oibríochtaí i gcomparáid le 2014. Ba é méid

an fhóirdheontais Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (“OSP”) a fuarthas in 2015 ná €98.2m, laghdú €19.2m i gcomparáid le 2014. Cuireadh €35.5m leis an gcistiú stáit do shábháilteacht agus cothabháil i rith 2014.

Bhí na costais oibriúcháin, roimh chostais oibriúcháin eisceachtúla, €37.9m thar leibhéal 2014 toisc go raibh níos mó gníomhaíochtaí cothabhála ar bun.

Thaifead an Chuideachta easnamh €5.6m roimh mhuirear eisceachtúil €2.1 le haghaidh costais athstruchtúraithe a bhaineann leis an mbonn costais a chuíchóiriú. Ba é €7.7m an t-easnamh foriomlán don bhliain i gcomparáid le €7.0m in 2014.

Tá áthas ar na stiúrthóirí a thuairisciú gur comhlíonadh go hiomlán na spriocanna bliantúla a aontaíonn an Chuideachta agus an tÚdarás Iompair Náisiúnta, i leith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2015.

Níor íocadh ná níor fógraíodh aon díbhinní in 2015 ná in 2014.

## Rioscaí agus neamhchinnteachtaí príomha

Tá an Chuideachta tiomanta do rioscaí a bhainistiú ar bhealach córasach, smachtaithe. Trí phróiseas um bainistíocht rioscaí ar fud an fhiontair, aithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Cuideachta agus ullmhaítear pleananna gníomhaíochta chun na rioscaí a mhaolú. Is príomhthosaíocht don Chuideachta i gcónaí é sábháilteacht an iarnróid agus léirítear é sin sa phróiseas bainistíochta rioscaí. Áirítear i measc na rioscaí is tromchúisí: mórtheagmhais oibríochtúla, caillteanas cumarsáide oibríochtúla agus gan déanamh de réir mar a bhfuil súil ag na custaiméirí agus páirtithe leasmhara eile leis ar bhonn leanúnach. Tá an Chuideachta i mbun córas nua bainistíochta rioscaí a bhunú agus a chur chun feidhme.

## Bainistíocht Riosca Airgeadais

Fágann oibríochtaí na Cuideachta go bhfuil sí neamhchosanta ar rioscaí airgeadais éagsúla lena n-áirítear riosca leachtachta, praghasriosca agus riosca creidmheasa. Tá próisis agus nósanna imeachta bainistíochta riosca airgeadais i bhfeidhm ag Grúpa CIÉ, dá bhfuil an Chuideachta ina bhall, chun neamhchosaintí airgeadais sin na Cuideachta agus rioscaí airgeadais eile atá ag Grúpa CIÉ a bhainistiú.

D’fhonn cobhsaíocht na n-eis-sreafaí airgid a áirithiú agus an riosca airgeadais a bhainistiú, baineann CIÉ, an máthaireintiteas, leas as iontraimí airgeadais díorthaigh de réir na sonraíochta leis an Acht um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe 1992 lena n-údaraítear go n-úsáidfeadh CIÉ ionstraimí airgeadais lena n-áirítear conarthaí babhtála tráchtearraí.

Is é Bord CIÉ a cheadaíonn Beartas Cisteáin Ghrúpa CIÉ, ina ndéantar doiciméadú ar bheartais Ghrúpa CIÉ maidir le bainistíocht riosca airgeadais, agus cuireann Rannóg Cisteáin Ghrúpa CIÉ chun feidhme é.

### Praghasriosca

Tá an Chuideachta neamhchosanta ar phraghasriosca tráchtearraí mar thoradh ar a cuid oibríochtaí, go háirithe praghas ola. Téann CIÉ i mbun conarthaí babhtála tráchtearraí chun maolú a dhéanamh ar neamhchosaint Ghrúpa CIÉ ar ghluaiseachtaí i bpraghsanna ola. Níl an Chuideachta ina páirtí sna conarthaí sin.

### Riosca Malairte Eachtraí

Tá Grúpa CIÉ, agus an Chuideachta, neamhchosanta ar riosca malairte eachtraí sa ghnáthchúrsa gnó, go háirithe i ndáil le ceannacháin agus díolacháin i steirling agus i ndollar na Stát Aontaithe. Úsáideann Grúpa CIÉ idir ghlanluacháil i measc an ghrúpa ar shreafaí airgid atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha, agus chonarthaí réamh-mhalairte chun maolú a dhéanamh ar a neamhchosanta atá Grúpa CIÉ agus an Chuideachta ar ghluaiseachtaí sa ráta malairte. Téann CIÉ i mbun réamhchonarthaí airgeadra eachtraigh chun maolú a dhéanamh ar an riosca de bharr idirbhearta airgeadais a bheith ainmnithe in airgeadra seachas euro. Níl an Chuideachta ina páirtí sna conarthaí sin.

### Riosca i dtaobh leachtachta

Cinntíonn Grúpa CIÉ ar bhonn gníomhach go bhfuil idir mhaoiniú fiachais fhadtéarmaigh agus mhaoiniú fiachais ghearrthéarmaigh aige atá ceaptha lena áirithiú go bhfuil cistiú imleor ar fáil don Ghrúpa, lena n-áirítear an Chuideachta, le haghaidh oibríochtaí ó lá go lá.

## An Bord

Is tríd an mbord stiúrthóirí atá an Chuideachta á rialú. Is iad príomhróil an bhoird cuspóirí straitéiseacha na Cuideachta a cheadú agus athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú na Cuideachta i gcomparáid leis na príomhtháscairí feidhmíochta. Is ann do sceideal nithe atá le ceadú ag an mBord, a thagann le chéile naoi n-uaire in aghaidh na bliana ar a laghad.

## An Cód Cleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit

Tá tús áite á thabhairt go leanúnach ag stiúrthóirí Iarnród Éireann d'ardchaighdeáin rialachais chorparáidigh a chothabháil. Tá a bheartas rialachais chorparáidigh féin curtha i dtoll a chéile ag an mBord d'fhonn éifeacht a thabhairt don Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit atá eisithe ag an Roinn Airgeadais.

Leagtar amach i dtuarascáil bhliantúil Ghrúpa Chóras Iompair Éireann na sonraí maidir leis na beartais agus na nósanna imeachta arna gcur chun feidhme ag an gCuideachta i ndiaidh fhoilsiú an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit.

## Costais an Bhonneagair Iarnróid

De réir Threoir AE 91/440 ón gComhairle, ceanglaítear ar Iarnród Éireann – Irish Rail a áirithiú go gcoimeádtar ar leithligh na cuntais i dtaobh ghnó na seirbhísí iompair agus na cuntais a bhaineann le bainistiú an bhonneagair iarnróid. Cinntear na costais bhonneagair de réir Iarscríbhinn 1.A. de Rialachán AE Uimh. 2598/70.

## Rialú Inmheánach

Tá Grúpa Athbhreithnithe um Iniúchóireacht agus Rioscaí ceaptha ag bord Iarnród Éireann chun athbhreithniú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais bhliantúla, rialuithe inmheánacha agus ceisteanna comhlíonta, éifeachtúlacht an iniúchta inmheánaigh agus sheachtraigh agus bainistíocht riosca.

Chomh maith leis sin, tá Grúpa Comhairleach Innealtóireachta ceaptha ag an mbord chun monatóireacht a dhéanamh ar athnuachan an bhonneagair, bainistíocht tionscadal mór-bhonneagair, comharthaíocht, tionscadail leictreacha agus teileachumarsáide agus feidhmíocht. Cabhraíonn an Grúpa Comhairleach Traenacha leis an mbord le ceisteanna a bhaineann le heispéireas agus braistint na gcustaiméirí, straitéisí tráchtála, innealtóireacht traenach, athruithe rialála agus rioscaí gnó. Cabhraíonn an Grúpa Comhairleach Sábháilteachta leis an mBord monatóireacht a dhéanamh ar na príomhréimsí gnó sin.

## Faisnéis

Dáiltear tuarascálacha agus páipéir rialta ar na stiúrthóirí ar bhonn tráthúil sula reáchtáiltear cruinnithe boird agus cruinnithe coiste. Cuirtear faisnéis a iarrann na stiúrthóirí go sonrach ó am go ham leis na páipéir sin.

Faigheann na stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin cuntais thréimhsiúla bhainistíochta agus tuarascálacha agus faisnéis bhainistíochta rialta a chuireann ar a gcumas grinnscrúdú a dhéanamh ar fheidhmíocht na Cuideachta agus na foirne bainistíochta ar bhonn na gcuspóirí comhaontaithe.

## Taifid chuntasaíochta

Is iad na bearta atá glactha ag na stiúrthóirí d'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfar oibleagáid na Cuideachta i dtaobh leabhair chuntais chuí a choimeád ná córais agus nósanna imeachta cuí a úsáid agus daoine a fhostú atá cáilithe go cuí. Coinnítear na taifid chuntasaíochta ag ceannoifig na Cuideachta ag Stáisiún Uí Chonghaile, Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1.

## Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (FRS 102)

Tá feidhm ag FRS 102 don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015 agus is í seo an chéad bhliain ina bhfuil na ráitis airgeadais á n-ullmhú faoin gcaighdeán nua. Ullmhaíodh na méideanna comparáideacha i ráitis airgeadais na bliana 2015 de réir FRS 102 agus b'éigean roinnt athlua a dhéanamh orthu ionas go mbeidís ag teacht le ceanglais FRS 102. Rinne an fhoireann bainistíochta, i gcomhar le grúpa CIÉ, athbhreithniú cuimsitheach ar impleachtaí FRS 102 agus ar na coincheapa agus na prionsabail forleatacha atá sa Chaighdeán agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

## Teagmhais ó dheireadh na bliana airgeadais

Tá measúnú déanta ag na stiúrthóirí ar theagmhais ó dheireadh na bliana airgeadais agus chinn siad nár tharla aon teagmhas nár mhór a aithint nó a nochtadh i ráitis airgeadais na Cuideachta.

## Sláinte agus Sábháilteacht

Tá an Chuideachta lántiomanta do chomhlíonadh fhorálacha an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, agus do chomhlíonadh gach rialachán náisiúnta eile agus gach rialachán de chuid an Aontais Eorpaigh. Coinnítear an Córas Bainistíochta Sábháilteachta faoi athbhreithniú agus nuashonraítear ar bhonn leanúnach é.

## An tAcht um Shábháilteacht Iarnróid 2005

Tá an tAcht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 fós á chomhlíonadh ag Iarnród Éireann.

## Na Rialacháin um Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála 2013

Admhaíonn na stiúrthóirí go bhfuil siad freagrach as a áirithiú go gcomhlíonfar, i ngach ponc ábhartha, forálacha Rialacháin Leasaithe na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála) 2013. Tá nósanna imeachta curtha chun feidhme d'fhonn na dátaí a bhfuil sonraisc iníoctha a aithint agus d'fhonn a áirithiú go ndéanfar gach íocaíocht roimh na dátaí sin. Le nósanna imeachta den sórt sin, tugtar dearbhú réasúnach i gcoinne neamhchomhlíonadh ábhartha na rialachán.

In 2015, íocadh €21,000 san iomlán le soláthraithe tríú páirtí faoi na rialacháin.

## Stiúrthóirí

Is é an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a cheapann stiúrthóirí na Cuideachta. Seo thíos ainmneacha na ndaoine a bhí ag feidhmiú mar stiúrthóirí i rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2015 nó a ceapadh ó shin i leith. D'fhóin siad mar stiúrthóirí ar feadh na bliana go léir mura luaitear a mhalairt.

| | |
|---|---|
| Phil Gaffney | (Cathaoirleach) |
| Frank Allen | (Ar scor ar an 19 Feabhra 2016) |
| Patricia Golden | (Athcheaptha ar an 30 Iúil 2015, ar scor ar an 31 Eanáir 2016) |
| Carolyn Griffiths | (Ceaptha ar an 5 Samhain 2015) |
| Tracey McGee | |
| Mal McGreevy | (Ceaptha ar an 29 Deireadh Fómhair 2015) |
| John Moloney | |
| James Nix | (Ar scor ar an 29 Iúil 2015) |
| Flor O'Mahony | |
| Thomas Wynne | |

Seo thíos tinreamh na stiúrthóirí boird ag cruinnithe boird i rith na bliana 2015:

| | **Tinreamh** |
|---|---|
| Phil Gaffney | 10/10 |
| Frank Allen | 8/10 |
| Patricia Golden | 8/10 |
| Carolyn Griffiths | 1/1 |
| Tracey McGee | 9/10 |
| Mal McGreevy | 1/1 |
| John Moloney | 9/10 |
| James Nix | 3/6 |
| Flor O'Mahony | 9/10 |
| Tommy Wynne | 9/10 |

*Is ar an teileafón a d'fhreastail an tUasal Nix ar an gcruinniú ar an 24 Feabhra 2015 agus níor airíodh é sa chóram don chruinniú.

Tionóladh an cruinniú boird i Meán Fómhair 2015 ag Iosta Cúram Traenach Laoise agus cuireadh turas ar na saoráidí ar bun do na stiúrthóirí freisin.

Ní raibh leas ar bith ag aon duine de na stiúrthóirí ná ag an rúnaí i scair ná bintiúr ar bith de chuid na Cuideachta, dá Cuideachta Sealbhaíochta ná dá comh-fhochuideachtaí tráth ar bith le linn na bliana. Ní raibh aon chonarthaí ná socruithe ábhartha a ndeachthas isteach iontu i gcaitheamh na bliana ina raibh leas ag stiúrthóir i dtaca le gnó na Cuideachta.

## Grúpaí Comhairleacha Iarnród Éireann

Tá na grúpaí comhairleacha seo a leanas bunaithe laistigh d'Iarnród Éireann agus é mar aidhm acu comhairle a chur ar an mbord maidir le gnéithe straitéiseacha agus gnéithe teicniúla agus athbhreithniú piaraí a dhéanamh ar thograí bainistíochta. Seo a leanas sonraí maidir le grúpaí comhairleacha Iarnród Éireann agus a gcomhaltaí neamhfheidhmiúcháin.

### An Grúpa Comhairleach Sábháilteachta

Bunaíodh Grúpa Comhairleach Sábháilteachta Bhord Iarnród Éireann chun a chur ar chumas an bhoird a bheidh deimhin go bhfuil cúrsaí Sábháilteachta (paisinéirí, oibrithe, conraitheoirí, comharsana) á mbainistiú go cuí in Iarnród Éireann. Tá na daoine seo a leanas sa Ghrúpa:

| | |
|---|---|
| An tUasal Cliff Perry | (comhairleoir neamhspleách – Cathaoirleach) |
| Carolyn Griffiths Uasal | (Stiúrthóir Iarnród Éireann – comhalta ó mhí Feabhra 2016) |
| An tUasal Mal McGreevy | (Stiúrthóir Iarnród Éireann – comhalta ó mhí Feabhra 2016) |
| An tUasal Tommy Wynne | (oibrí is stiúrthóir) |

### An Grúpa Athbhreithnithe um Iniúchóireacht agus Rioscaí

Is áis chumarsáide idir an fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí, na hiniúchóirí seachtracha agus bord Iarnród Éireann é an Grúpa seo de chuid Iarnród Éireann agus is áis atá ann freisin chun ráitis airgeadais bhliantúla, rialuithe inmheánacha, bainistíocht riosca agus próisis rialachais in Iarnród Éireann a athbhreithniú, tuairisc a thabhairt orthu agus moltaí a dhéanamh ina leith. Chomh maith leis sin, déanann sé príomhthátail na n-imscrúduithe inmheánacha a mheas, mar aon le tuairiscí na n-iniúchóirí inmheánacha agus freagra an lucht bainistíochta. Tá na daoine seo a leanas sa Ghrúpa:

| | |
|---|---|
| Patricia Golden Uasal | (Stiúrthóir Éireann Iarnród agus Cathaoirleach go dtí an 31 Eanáir 2016, comhalta comhthofa go dtí an 31 Márta 2016) |
| Tracey McGee Uasal | (Stiúrthóir Iarnród Éireann agus Cathaoirleach ón 23 Feabhra 2016) |
| An tUasal Frank Allen | (Stiúrthóir Iarnród Éireann go dtí an 19 Feabhra 2016) |

### An Grúpa Comhairleach Bonneagair

Cuireann an Grúpa seo comhairle ar bhord Iarnród Éireann agus ar an bhfoireann bainistíochta innealtóireachta maidir le feidhmiú, an straitéis bainistíochta sócmhainní, straitéisí oibríochtúla i dtaobh innealtóireachta, athruithe rialála a mheas, agus tionscadail chaipitil a mheas agus a athbhreithniú. Tá na daoine seo a leanas sa Ghrúpa:

| | |
|---|---|
| An tUasal Bob Clarke | (comhairleoir neamhspleách – Cathaoirleach) |
| An tUasal David Wilkinson | (comhairleoir neamhspleách) |

### Grúpa Comhairleach na dTraenacha

Bunaíodh Grúpa Comhairleach na dTraenacha chun comhairle a chur ar bhord agus lucht feidhmiúcháin Iarnród Éireann maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an nGnóthas Iarnróid, lena n-áirítear eispéireas na gcustaiméirí, straitéisí tráchtála, tairiscint agus amchlár seirbhíse, agus saincheisteanna innealtóireachta a bhaineann leis an bhflít traenacha. Tá na daoine seo a leanas sa Ghrúpa:

| | |
|---|---|
| An tUasal Cliff Perry | (comhairleoir neamhspleách – Cathaoirleach) |
| An tUasal Mal McGreevy | (Stiúrthóir Iarnród Éireann – comhalta ó mhí Feabhra 2016) |

### An Grúpa Stiúrtha um Fhorbairt na hEagraíochta

Bunaíodh an Grúpa Stiúrtha um Fhorbairt na hEagraíochta in 2016 chun treoir a thabhairt don bhord agus tuairisciú dó ar an dul chun cinn i dtaobh an tionscadail um Fhorbairt na hEagraíochta, lena bhféachtar le próifílí agus líon foirne a chur in oiriúint don riachtanas gnó atá ag athrú. Tá na daoine seo a leanas sa Ghrúpa:

| | |
|---|---|
| An tUasal Flor O'Mahony | (Stiúrthóir Iarnród Éireann – Cathaoirleach) |
| An tUasal Tommy Wynne | (oibrí is stiúrthóir) |

### Rúnaí Cuideachta

Is fostaí lánaimseartha de chuid mháthairchuideachta na Cuideachta, Córas Iompair Éireann, é an Rúnaí Cuideachta. Tá an Rúnaí Cuideachta freagrach as comhairle a chur ar an mBord, tríd an gCathaoirleach, maidir le gach ceist rialachais. Tá fáil ag na stiúrthóirí uile ar chomhairle agus ar sheirbhísí ón Rúnaí Cuideachta. Foráiltear in Airteagail Chomhlachais na Cuideachta gur ábhar do na stiúrthóirí é ceapadh agus cur as oifig an Rúnaí Cuideachta.

### Iniúchóirí

Tá na hiniúchóirí reachtúla, PricewaterhouseCoopers, Cuntasóirí Cairte, fós in oifig de réir Alt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí 2014.

Thar ceann an bhoird

| | |
|---|---|
| An tUasal Phil Gaffney | Cathaoirleach |
| Tracey McGee Uasal | Stiúrthóir |

**Dáta:**

# Tuarascáil na n-iniúchóirí neamhspleácha do chomhaltaí Iarnród Éireann – Irish Rail

## Tuairisc ar na ráitis airgeadais

### Ár dtuairim

Is é ár dtuairim, maidir le ráitis airgeadais Iarnród Éireann (na "ráitis airgeadais"):

- go dtugtar léargas fírinneach cóir iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na cuideachta amhail an 31 Nollaig 2015 agus ar a heasnamh agus a sreafaí airgid don bhliain dar chríoch ar an dáta sin;
- gur ullmhaíodh go cuí iad de réir an Chleachtais Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn; agus
- gur ullmhaíodh go cuí iad de réir cheanglais Acht na gCuideachtaí 2014.

## An méid a bhfuil iniúchadh déanta againn air

Cuimsítear sna ráitis airgeadais:

- an clár comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2015;
- an cuntas brabúis agus caillteanais don bhliain dar chríoch ar an dáta sin;
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach don bhliain dar chríoch ar an dáta sin;
- an ráiteas ar athruithe cothromais don bhliain dar chríoch ar an dáta sin;
- an ráiteas ar shreabhadh airgid don bhliain dar chríoch ar an dáta sin;
- na beartais shuntasacha chuntasaíochta; agus
- na nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais, ina n-áirítear faisnéis mhíniúcháin eile.

Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm i leith ullmhú na ráiteas airgeadais ná dlí na hÉireann agus na cleachtais chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais sa Ríocht Aontaithe agus arna bhfógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (an Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Coitianta leis in Éirinn), lena n-áirítear FRS 102 "The Financial Reporting Standard applicable in the United Kingdom and Republic of Ireland".

Agus an creat tuairiscithe airgeadais á chur i bhfeidhm acu, rinne na stiúrthóirí breithiúnais shuibiachtúla áirithe, i ndáil le meastacháin shuntasacha chuntasaíochta, mar shampla. Agus na meastacháin sin á ndéanamh acu, rinneadar toimhdí agus bhreithníodar imeachtaí amach anseo.

## Nithe nach mór dúinn tuairisc a thabhairt ina dtaobh faoi Acht na gCuideachtaí 2014

- Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a mheasaimid a bheith riachtanach chun críocha ár n-iniúchta faighte againn.
- Is é ár dtuairim go raibh taifid chuntasaíochta na cuideachta leordhóthanach ionas go bhféadfaí iniúchadh furasta cuí a dhéanamh ar na ráitis airgeadais.
- Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntais.
- Measaimid go bhfuil an fhaisnéis atá sonraithe i dTuarascáil na Stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais.

## Nithe nach mór dúinn tuairisc a thabhairt orthu ar bhonn eisceachta

### Luach saothair agus idirbhearta na stiúrthóirí

Faoi Acht na gCuideachtaí 2014, ceanglaítear orainn tuairisc a thabhairt díobh, más amhlaidh, dar linn, nach ndearnadh an nochtadh ar luach saothair agus idirbhearta na stiúrthóirí atá sonraithe in alt 305 go dtí alt 312 den Acht sin. Níl aon eisceachtaí le tuairisciú againn ag éirí as an bhfreagracht sin.

## Freagrachtaí as na ráitis airgeadais agus as an iniúchadh

### Na freagrachtaí atá orainne agus iad siúd atá ar na stiúrthóirí

Mar a mhínítear ar bhonn níos iomláine sa Ráiteas um Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí ar leathanach 16, is iad na stiúrthóirí atá freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais agus as a bheith sásta gur léargas fírinneach cóir a thugtar iontu.

Is muidne atá freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, agus tuairim a thabhairt ina leith, de réir dhlí na hÉireann agus na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire). Faoi na caighdeáin sin, ceanglaítear orainn na Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta a chomhlíonadh.

Tá an tuarascáil seo, lena n-áirítear na tuairimí, ullmhaithe do chomhaltaí na cuideachta mar fhoras, agus dóibh siúd amháin, de réir Alt 391 d'Acht na gCuideachtaí 2014,

agus chun na críche sin amháin. Agus na tuairimí seo á dtabhairt againn, ní ghlacaimid freagracht as aon chuspóir eile ná d'aon duine eile a dtaispeánfar an tuarascáil seo dó nó di, nó a gheobhaidh í, seachas sa chás ina dtugaimid ár dtoiliú roimh ré i scríbhinn.

### Cad atá i gceist le hiniúchadh ar ráitis airgeadais

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire). Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil faoi na suimeaine agus an nochtadh atá sna ráitis airgeadais, fianaise ar leor í chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó aon mhíráiteas ábhartha, cibé de bharr calaoise nó de bharr earráide. Áirítear leis an méid sin measúnú ar na nithe seo a leanas:

- cé acu an oireann nó nach n-oireann na beartais chuntasaíochta do chúinsí na cuideachta, agus cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh gur cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus gur nochtadh go himleor iad;
- a réasúnaí is a bhí na meastacháin shuntasacha chuntasaíochta a rinne na stiúrthóirí; agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Den chuid is mó, dírímid ár gcuid oibre sna réimsí sin trí mheasúnú a dhéanamh ar bhreithiúnais na stiúrthóirí os coinne na fianaise atá ar fáil, trí theacht ar ár mbreithiúnais féin, agus trí mheasúnú a dhéanamh ar an nochtadh sna ráitis airgeadais.

Déanaimid faisnéis a thástáil agus a scrúdú, ag baint úsáide as sampláil agus teicnící iniúchóireachta eile, a mhéid a mheasaimid a bheith riachtanach chun bonn réasúnta a chur ar fáil dúinn le teacht ar chonclúidí. Faighimid fianaise iniúchóireachta trí thástáil a dhéanamh ar éifeachtacht na rialuithe, ar nósanna imeachta substainteacha nó ar mheascán den dá rud sin.

Ina theannta sin, léimid an fhaisnéis airgeadais go léir agus an fhaisnéis neamhairgeadais go léir atá sa Tuarascáil Bhliantúil chun neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a shainaithint agus chun faisnéis ar bith a shainaithint ar cosúil go bhfuil sí mícheart go hábhartha ar bhonn an eolais a fuaireamar le linn dúinn a bheith i mbun an iniúchta seo, nó nach dtagann go hábhartha leis an eolas sin. Breithnímid na himpleachtaí dár dtuarascáil má fhaighimid amach faoi aon mhíráitis dhealraitheacha ábhartha nó faoi aon neamhréireachtaí dealraitheacha ábhartha.

Mary Cleary

thar ceann agus ar son PricewaterhouseCoopers

Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúla

Baile Átha Cliath

**An 6 Aibreán 2016**

(a) Is é an bord atá freagrach as cothabháil agus sláine shuíomh gréasáin Iarnród Éireann; ní áirítear na nithe sin san obair a dhéanann na hiniúchóirí agus, dá réir sin, ní ghlacann na hiniúchóirí le freagracht ar bith as aon athruithe a d'fhéadfadh a bheith tagtha ar na ráitis airgeadais ó cuireadh i láthair ar an suíomh gréasáin den chéad uair iad.

(b) Ní gá gurb ionann an reachtaíocht i bPoblacht na hÉireann maidir le hullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais agus an reachtaíocht atá i bhfeidhm i ndlínsí eile.

# Achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta

Leagtar amach ar na leathanaigh seo a leanas na beartais shuntasacha chuntasaíochta agus na teicnící suntasacha meastacháin a glacadh agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú. Tá na beartais sin curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir leis na blianta go léir atá curtha i láthair, mura luaitear a mhalairt. Ghlac Iarnród Éireann FRS 102 den chéad uair sna ráitis airgeadais seo. Nochtar sonraí an aistrithe go dtí FRS 102 i nóta 24.

De réir mar a cheadaítear faoi Acht na gCuideachtaí 2014, tá leagan amach forordaithe an chuntais brabúis agus caillteanais oiriúnaithe ag na stiúrthóirí ar bhealach is cuí do chineál gnó na Cuideachta.

Is le Córas Iompair Éireann 100% de scairchaipiteal cothromais Iarnród Éireann ('IÉ').

Is é Córas Iompair Éireann an gnóthas is mó agus is lú a ullmhaíonn ráitis airgeadais ghrúpa, dá bhfuil Iarnród Éireann ina bhall. Féadfar cóipeanna de ráitis airgeadais ghrúpa Chóras Iompair Éireann a fháil ón Rúnaí Cuideachta ag Córas Iompair Éireann, Stáisiún Heuston, Baile Átha Cliath 8.

**(a) Bonn ullmhúcháin**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthas leantach, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil; féach Nóta 2 sna Ráitis Airgeadais.

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le FRS 102, ní mór leas a bhaint as príomhthoimhdí áirithe a bhaineann leis an todhchaí, agus foinsí tábhachtacha eile neamhchinnteachta meastacháin ag an dáta tuairiscithe. Ceanglaítear freisin go ndéanfadh na stiúrthóirí breithiúnas agus beartais chuntasaíochta na Cuideachta á gcur i bhfeidhm acu. Leagtar amach ag (t) thíos na réimsí ina bhfuil ardleibhéal breithiúnais nó castachta i gceist, nó na réimsí ina bhfuil baol nach beag go ndéanfadh toimhdí agus meastacháin coigeartú ábhartha ar shuim ghlanluacha na sócmhainní agus na ndliteanas sa chéad bhliain airgeadais eile.

Faoi FRS 102, ceadaítear díolúintí áirithe ó nochtadh d'eintiteas incháilithe. Níor bhain an chuideachta leas as aon díolúine ó nochtadh atá ar fáil le haghaidh eintitis incháilithe.

**(b) Ioncam**

Cuimsíonn an t-ioncam oll-luach na seirbhísí arna soláthar. Déantar an t-ioncam a thomhas ar luach cóir na comaoine a fhaightear nó is infhála agus is ionann é agus an méid is infhála i leith seirbhísí a soláthraíodh.

**(b) Ioncam (ar lean)**

Aithníonn Iarnród Éireann ioncam sa tréimhse ina gcuirtear an tseirbhís ar fáil.

Aithnítear ioncam eile ó Oibríochtaí Iarnróid nuair a chuireann an custaiméir an t-aistear i gcrích. Tugtar anonn sna dliteanais na fáltais ó dhíol ticéad bliantúil agus táirgí eile le dáta sa todhchaí, agus aithnítear iad sa chuntas brabúis agus caillteanais thar thréimhse an táirge ábhartha.

Aithnítear an t-ioncam lasta sa tréimhse ina gcuirtear an tseirbhís ar fáil.

Aithnítear an t-ioncam ó Europort Ros Láir sa tréimhse ina gcuirtear an tseirbhís ar fáil.

Aithnítear ioncam ó fhógraíocht agus ó ghníomhaíochtaí éagsúla eile le linn thréimhse an chonartha ábhartha. Déantar ioncam ó fhógraíocht a thuilleadh ó chonarthaí dhá mhí agus conarthaí ráithiúla agus faightear an t-ioncam sin ar bhonn riaráisteach.

Aithnítear ioncam ó choimisiúin nuair a sholáthraítear an tseirbhís don chustaiméir.

Aithnítear ioncam eile tríú páirtí tráth a thuillte, nó ag an bpointe seirbhíse, sa mhéid is gur aithníodh costais iomchuí atá in-aisghabhála i gcoinne an ioncaim sin sa tréimhse.

**(c) Costais ábhar agus seirbhísí**

Cuimsítear le costais Ábhar agus Seirbhísí na costais go léir a bhaineann le hoibríochtaí Iarnród Éireann ó lá go lá, seachas costais dímheasa agus amúchta agus phárolla a ndéantar iad a nochtadh ar leithligh sa chuntas brabúis agus caillteanais, agus a nochtadh ar leithligh sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

**(d) Costais eisceachtúla**

I gcuntas brabúis agus caillteanais Iarnród Éireann, aithnítear torthaí oibriúcháin ar leithligh roimh mhíreanna sonracha. Is iad na míreanna sonracha iad siúd a measann na stiúrthóirí nach mór iad a nochtadh ar leithligh mar gheall ar a méid, a gcineál nó a minicíocht. Creideann an Chuideachta go soláthraíonn an cur i láthair sin anailís bhreise toisc go ndírítear aird ar chostais eisceachtúla dá bharr. Áirítear le costais den sórt sin costais shuntasacha a bhaineann le hathstruchtúrú gnó.

**(d) Costais eisceachtúla (ar lean)**

Maidir leis an gcinneadh i dtaobh céard is brí le 'suntasach', úsáidtear idir bhreithiúnas cáilíochtúil agus bhreithiúnas cainníochtúil na stiúrthóirí agus measúnú á dhéanamh ar na costais áirithe arb amhlaidh ina leith, de bhua a méid agus a gcineáil, go nochtar sa chuntas brabúis agus caillteanais agus sna nótaí gaolmhara iad i gcáil costais eisceachtúla.

**(e) Airgeadra eachtrach**

*(i) Airgeadra feidhmiúil agus airgeadra tuairiscithe*

Is é an euro airgeadra feidhmiúil agus airgeadra tuairiscithe na Cuideachta, arna ainmniú ag an tsiombail "€", agus, mura luaitear a mhalairt, tá na ráitis airgeadais curtha i láthair ina mílte (€'000).

*(ii) Idirbhearta agus iarmhéideanna*

Déantar idirbhearta atá ainmnithe san airgeadra eachtrach a aistriú chuig an airgeadra feidhmiúil ar bhonn na rátaí malairte ar an láthair ar dháta na n-idirbheart.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, déantar míreanna airgeadaíochta in airgeadra eachtrach a aistriú ina euro ar an ráta reatha. Déantar míreanna neamhairgeadaíochta arna dtomhas ar a gcostas stairiúil a aistriú ar bhonn an ráta malairte ar dháta an idirbhirt agus déantar míreanna neamhairgeadaíochta arna dtomhas ar a luach cóir a thomhas ar bhonn an ráta malairte nuair a cinneadh an luach cóir.

Is sa chuntas brabúis agus caillteanais a aithnítear gnóthachain agus caillteanais airgeadra eachtraigh a eascraíonn as socraíocht idirbheart agus ón aistriú ag rátaí malairte ag deireadh na bliana airgeadais ar shócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta arna n-ainmniú in airgeadraí eachtracha.

Cuirtear i láthair gnóthachain agus caillteanais airgeadra eachtraigh a bhaineann le hiasachtaí agus airgead agus coibhéisí airgid sa chuntas brabúis agus caillteanais faoi 'ús infhaighte agus ioncam dá shamhail' nó 'ús iníoctha agus muirir dá shamhail' mar is cuí. Cuirtear i láthair gach gnóthachan agus caillteanas airgeadra eachtraigh eile sa chuntas brabúis agus caillteanais faoi chostais ábhair agus seirbhíse.

**(f) Deontais an Aontais Eorpaigh agus deontais stáit**

Aithníonn Iarnród Éireann deontais rialtais ag teacht leis an tsamhail fabhraithe faoi FRS 102.

*(i) Deontais i gcomhair caiteachas caipitiúil*

Déantar deontais i gcomhair caiteachas caipitiúil eile a chur chun sochair an ioncaim iarchurtha de réir mar a bhíonn siad infhála. Déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais agus aithnítear iad in ioncam thar shaol eacnamaíoch úsáideach na sócmhainní gaolmhara.

*(ii) Deontais ioncaim*

Aithnítear deontais ioncaim mar ioncam sa chuntas brabúis agus caillteanais sa tréimhse ina dtabhaítear na costais bhainteacha a bhfuil an deontas beartaithe lena gcúiteamh.

*(iii) Deontas faoin gConradh Ilbhliantúil Bainisteora Bonneagair*

Aithnítear deontais um Bainisteoir Bonneagair faoi Chonarthaí Ilbhliantúla mar ioncam iarchurtha nó láithreach mar ioncam sa chuntas brabúis agus caillteanais, trí thagairt don bhonnghníomhaíocht a bhfuil an deontas ceaptha lena cúiteamh. Na deontais chaipitiúla faoi Chonarthaí Ilbhliantúla a chuirtear chun sochair an ioncaim iarchurtha sa chlár comhardaithe, déantar iad a amúchadh thar shaol eacnamaíoch úsáideach na sócmhainní gaolmhara.

**(g) Sochair d'fhostaithe**

Cuireann an Chuideachta roinnt sochar ar fáil d'fhostaithe ag brath ar a ngrád, a sinsearacht agus ar oibleagáidí reachtúla. I measc na sochar tá íoc tuarastail nó pá agus íoc préimheanna le haghaidh obair bhreise arna déanamh. Lena chois sin déantar ranníocaíochtaí fostóra maidir le pinsean, i gcás baill foirne incháilithe, isteach sna scéimeanna pinsin faoi seach.

*Sochair iarfhostaíochta*

Feidhmíonn Grúpa CIÉ dhá phlean sochar sainithe (Scéim Pinsean CIÉ don Fhoireann ar Phá Rialta agus plean sochar sainithe Scéim 2000 (Leasú) Scéim Aoisliúntais CIÉ 1951) d'fhostaithe ghrúpa CIÉ.

Sainítear i bplean le sochar sainithe an sochar pinsin a gheobhaidh an fostaí ar dhul ar scor dó nó di, ag brath de ghnáth ar roinnt tosca lena n-áirítear aois, fad seirbhíse agus luach saothair. Is ionann plean

sochar sainithe agus sochar iar-fhostaíochta seachas ranníocaíochtaí sainithe.

Tá cuntas tugtha ar na scéimeanna sin i ráitis airgeadais Ghrúpa CIÉ. Tomhaistear sócmhainní na scéime pinsin sochar sainithe ar a luach cóir. Tomhaistear dliteanais na scéime pinsin sochar sainithe ar bhonn achtúireach ag úsáid modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa. Léirítear barrachas na ndliteanas scéime ar na sócmhainní scéime mar dhliteanas ar chlár comhardaithe CIÉ.

Glacann na fochuideachtaí go léir, mar aon le CIÉ féin, páirt i Scéim Pinsean CIÉ don Fhoireann ar Phá Rialta agus plean sochar sainithe Scéim 2000 (Leasú) Scéim Aoisliúntais CIÉ 1951. Ní shonraítear i rialacha na scéime conas ba chóir aon bharrachas nó easnamh a leithdháileadh i measc fostóirí rannpháirteacha agus níl aon chomhaontú conarthach ná beartas luaite i dtaobh glanchostas sochar sainithe a leithdháileadh ar na grúpeintitis aonair. Dá réir sin, aithnítear glanchostas sochar sainithe na scéimeanna ina n-iomláine i ráitis airgeadais ar leithligh CIÉ toisc gurb amhlaidh, in éagmais socrú foirmiúil conartha a bheith i bhfeidhm, go gcreideann na stiúrthóirí gurb é an t-eintiteas sin atá freagrach as na scéimeanna faoin dlí. Aithníonn na heintitis rannpháirteacha eile, lena n-áirítear Iarnród Éireann, costas arb ionann é agus a ranníocaíocht i leith na tréimhse. Tá sonraí breise i dtaobh na scéimeanna sin leagtha amach i nóta 25.

**(h) Ús**

*(i) Ús infhaighte*

Cuirtear an t-ús a thuilltear chun sochair don chuntas brabúis agus caillteanais sa tréimhse inar tuilleadh é.

*(ii) Ús iníoctha*

Cuirtear costais a bhaineann le hiasachtaí de mhuirear an chuntais brabúis agus caillteanais sa tréimhse inar tabhaíodh iad.

**(i) Páirtithe gaolmhara**

Fochuideachta de chuid Ghrúpa CIÉ is ea Iarnród Éireann. Nochtann Iarnród Éireann idirbhearta le páirtithe gaolmhara nach bhfuil faoi úinéireacht iomlán laistigh den ghrúpa. Tá díolúine ag an gCuideachta i leith nochtadh idirbheart le baill den ghrúpa céanna atá faoi úinéireacht iomlán.

**(j) Cánachas**

Cuimsíonn costas na cánach ioncaim don bhliain cáin reatha agus cáin iarchurtha arna n-aithint sa bhliain airgeadais. Cuirtear costas cánach ioncaim i láthair sa chomhpháirt chéanna den ioncam cuimsitheach iomlán (cuntas brabúis agus caillteanais nó ioncam cuimsitheach eile) nó den chothromas leis an idirbheart nó an teagmhas eile as ar eascair an costas cánach ioncaim.

Ní dhéantar lascainiú ar shócmhainní agus dliteanais chánachais reatha ná cánachais iarchurtha.

*(i) Cáin reatha*

Is ionann cáin reatha agus an méid cánach ioncaim is iníoctha ar an mbrabús inchánach don bhliain airgeadais nó do bhlianta airgeadais roimhe sin. Déantar an cháin reatha a thomhas de réir mhéid na cánach reatha a mheastar a bheidh le híoc de réir rátaí cánach agus dlíthe cánach atá achtaithe nó achtaithe go substaintiúil faoi dheireadh na bliana airgeadais.

*(ii) Cáin iarchurtha*

Aithnítear cáin iarchurtha maidir leis na difríochtaí uainiúcháin, arb iad na difríochtaí idir brabús inchánach agus ioncam cuimsitheach iomlán mar atá luaite sna ráitis airgeadais. Eascraíonn na difríochtaí uainiúcháin ó chuimsiú ioncaim agus caiteachas sna measúnachtaí cánach i mblianta airgeadais seachas na cinn ina n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais.

Aithnítear cáin iarchurtha ar na difríochtaí uainiúcháin ag deireadh gach bliana airgeadais faoi réir eisceachtaí áirithe. Ní aithnítear caillteanais chánach neamhfhaoisimh agus sócmhainní cánach iarchurtha eile ach amháin nuair is dócha go ndéanfar iad a aisghabháil i gcoinne aisiompú dliteanas cánach iarchurtha nó brabús eile inchánach sa todhchaí.

**(k) Sócmhainní seasta doláimhsithe**

Tugtar bogearraí ríomhaire anonn ar an gcostas lúide amúchadh carntha agus caillteanais lagaithe charntha. Déantar na bogearraí a amúchadh thar a saol úsáideach tuartha, idir trí bliana agus cúig bliana, ar mhodh an mhéid chothroim. Ní mheastar go bhfuil luach iarmharach ag bogearraí. Sa chás ina dtugtar le fios de bharr tosca amhail dul chun cinn na teicneolaíochta nó athruithe ar phraghsanna margaidh go bhfuil athrú tagtha ar shaol úsáideach na mbogearraí, déantar an saol úsáideach a leasú ar

bhonn ionchasach chun na cúinsí nua a chur san áireamh. Déantar athbhreithniú i ndáil le lagú ar shócmhainní seasta doláimhsithe má tá aon rud ann a thabharfadh le fios go bhféadfadh an tsócmhainn sheasta dholáimhsithe a bheith lagaithe.

**(l) Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímheas**

Déantar sócmhainní seasta inláimhsithe a thabhairt anonn ar a gcostas, lúide dímheas carntha agus caillteanais lagaithe charntha. Áirítear sa chostas an praghas ceannaigh bunaidh, costais arna dtabhú ar bhonn díreach i dtaobh an tsócmhainn a thabhairt chuig an láthair agus a chur sa riocht is gá don úsáid atá ceaptha di, agus costais infheidhme i dtaobh baint ó chéile, tabhairt chun bealaigh agus athchóirithe.

*(i) Línte iarnróid agus oibreacha iarnróid*

Gréasán córas atá i gceist leis na línte iarnróid agus na hoibreacha iarnróid.

Meastar gurb ionann an caiteachas ar an ngréasán, a mhéadaíonn a chumas nó a fheabhsaíonn a chumas oibriúcháin, agus méid breise a chuirtear leis na sócmhainní seasta inláimhsithe, agus déantar é a chaipitliú agus a dhímheas thar a shaol eacnamaíoch úsáideach tuartha.

Costais fostaithe chaipitlithe agus costais eile atá inchurtha go díreach i leith na sócmhainne, áirítear iad sna sócmhainní seasta inláimhsithe.

An caiteachas ar an ngréasán reatha, a chinntíonn go bhfuil an acmhainn oibriúcháin ag teacht leis na caighdeáin shonraithe seirbhíse, áirítear mar chothabháil é agus cuirtear é de mhuirear an chuntais brabúis agus caillteanais. Caitear le haon deontas bainteach ar an gcaoi chéanna agus cuirtear i láthair é sa chuntas brabúis agus caillteanais.

*(ii) Rothstoc iarnróid*

Déantar na hinnill traenach (seachas iad sin atá lán-dímheasta nó a fhaightear gan aon chostas), na carranna iarnróid, an stoc cóistí agus na vaigíní a dhímheas ar bhonn a gcostais stairiúil agus é leithdháilte thar a saol eacnamaíoch úsáideach tuartha ar mhodh an mhéid chothroim.

*(iii) Feithiclí lasta bóthair*

Déantar na sócmhainní seo a dhímheas ar bhonn an chostais stairiúil thar a saol eacnamaíoch úsáideach tuartha ar mhodh an mhéid chothroim.

*(iv) Dugaí, calafoirt agus céanna; trealamh agus innealra*

Déantar na sócmhainní seo a dhímheas ar bhonn an chostais stairiúil thar a saol eacnamaíoch úsáideach tuartha ar mhodh an mhéid chothroim.

*(v) Talamh agus foirgnimh*

Ní dhéantar talamh a dhímheas. Déantar foirgnimh a dhímheas, ar bhonn an chostais stairiúil thar shaol caoga bliain.

*(vi) Dímheas agus luachanna iarmharacha*

Déantar dímheas ar shócmhainní, ach amháin talamh, a ríomh de réir na modhanna dímheasa agus an tsaoil úsáidigh thuartha, mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Línte agus oibreacha iarnróid | modh an mhéid chothroim | 10 – 40 bliain |
| Droichid | modh an mhéid chothroim | 120 bliain |
| Rothstoc iarnróid | modh an mhéid chothroim | 4 – 20 bliain |
| Feithiclí lasta bóthair | modh an mhéid chothroim | 1 – 10 mbliana |
| Foirgnimh ruílse | modh an mhéid chothroim | os cionn 50 bliain |
| Gléasra agus innealra | modh an mhéid chothroim | 3 – 30 bliain |
| Comharthaíocht | modh an mhéid chothroim | 10 mbliana |
| Dugaí, cuanta agus céanna | modh an mhéid chothroim | os cionn 50 bliain |
| Trealamh lónadóireachta | modh an mhéid chothroim | 5 – 10 mbliain |

Déantar athbhreithniú ar luachanna iarmharacha na sócmhainní agus a saol úsáideach, agus déantar iad a choigeartú, más iomchuí, gach bliain airgeadais. Cuirtear éifeacht aon athraithe ar luachanna iarmharacha nó ar shaol úsáideach san áireamh sna cuntais ar bhonn ionchasach.

*(vii) Breiseanna agus comhpháirteanna móra iardain*

Ní dhéantar costais iardain a áireamh i suim ghlanluacha na sócmhainne ná a aithint mar shócmhainn ar leithligh, de réir mar is iomchuí, ach amháin nuair is dócha go mbeidh sochair

gheilleagracha a bhaineann leis an mír i ndán don Chuideachta agus gur féidir an costas a thomhas ar bhonn iontaofa.

Aithnítear suim ghlanluacha aon chomhpháirte ionaid. Caitear le comhpháirteanna móra mar shócmhainní ar leithligh sa chás ina mbaineann patrúin dhifriúla tomhaltais leo i dtaobh sochair gheilleagracha agus déantar dímheas orthu go leithleach thar a saol úsáideach.

Cuirtear deisiúcháin agus obair chothabhála de mhuirear an chuntais brabúis agus caillteanais de réir mar a thabhaítear iad.

*(viii)Dí-aithint*

Déantar sócmhainní seasta inláimhsithe a dhí-aithint ar a ndiúscairt nó nuair nach bhfuiltear ag súil le haon sochar geilleagrach sa todhchaí. Ar dhiúscairt, déantar an difríocht idir na glanfháltais diúscartha agus an tsuim ghlanluacha a aithint mar bhrabús nó mar chaillteanas.

**(m)Sócmhainní oidhreachta**

Tá roinnt sócmhainní oidhreachta ag Iarnród Éireann: feithiclí a bhíodh sa fhlít den chuid is mó, agus plátaí, suaitheantais agus déantáin éagsúla. Ní dhéantar na sócmhainní a chothabháil díreach as ucht an mhéid a chuireann siad le heolas agus cultúr agus tá go leor iar-shócmhainní oibriúcháin i gceist leo.

Mar gheall ar chineál éagsúil na sócmhainní atá ar seilbh agus an easpa margadhluachanna inchomparáide, bheadh an costas a bhainfeadh le luacháil na sócmhainní oidhreachta atá ag Iarnród Éireann chomh mór nach mbeadh sé i gcomhréir leis na sochair a sholáthrófaí d'úsáideoirí na ráiteas airgeadais.

**(n) Stoic**

Cuimsítear sna stoic ábhair chothabhála, páirteanna spártha, breosla agus míreanna eile éagsúla stoic. Déantar an stoc a luacháil ar a mheánchostas ualaithe nó a ghlanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Cuimsítear sa chostas an praghas ceannaigh, lena n-áirítear cánacha agus dleachtanna agus iompar agus láimhseáil atá inchurtha go díreach i leith an stoc a thabhairt chuig a láthair reatha agus a chur ina riocht reatha.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, déantar na stoic a mheas i leith lagaithe agus déantar soláthar i leith stoc a mheastar a bheith lagaithe.

Déantar stoc Innealtóireachta Sibhialta (CCE) agus Comharthaíochta (SET) a aicmiú ina stoc gluaiseachta agus stoc neamhghluaiseachta. Cuirtear soláthar i bhfeidhm ar stoc neamhghluaiseachta, bunaithe ar an bhfad ama ó bhog an stoc le déanaí. Cuirtear soláthar sa bhreis i bhfeidhm ar an chuid bhreise den "stoc gluaiseachta" ag brath ar an leibhéal stoic ar lámh a bhfuil níos mó ná 2 bhliain úsáide bainte as.

Déantar stoc Innealtóireachta Meicniúla (CME) a aicmiú mar stoc straitéiseach, stoc cláir agus stoc inchaite. Cuirtear soláthar i bhfeidhm i leith gach aicme ag brath ar aois an stoic.

I gcás trealamh fuireachais nó mórpháirteanna spártha speisialaithe atá ar seilbh chun críocha athsholáthair agus a cheaptar a mbainfear úsáid astu le linn níos mó ná tréimhse amháin, bíonn siad ar seilbh i gcáil shócmhainní seasta inláimhsithe de réir FRS 102.

**(o) Airgead agus coibhéisí airgid**

Áirítear le hairgead agus coibhéisí airgid airgead ar láimh, taiscí faoi ghlaoch le bainc, infheistíochtaí gearrthréimhseacha an-leachtach eile ag a bhfuil aibíocht bhunaidh trí mhí nó níos lú. Taispeántar rótharraingtí bainc leis na hiasachtaí sna dliteanais reatha. Déantar airgead agus coibhéisí airgid a thomhas ar dtús ar an bpraghas idirbheart agus tomhaistear ina dhiaidh sin iad ar a gcostas amúchta.

Ní airgead ná coibhéisí airgid iad taiscí bainc a bhfuil aibíochtaí bunaidh níos mó ná trí mhí acu agus cuirtear i láthair iad mar infheistíochtaí sócmhainní reatha.

**(p) Ionstraimí airgeadais**

*(i) Sócmhainní airgeadais*

Roghnaigh an Chuideachta forálacha Alt 11 agus Alt 12 de FRS 102 a ghlacadh maidir le cuntas a thabhairt i leith gach ceann dá cuid ionstraimí airgeadais.

Tá roinnt sócmhainní airgeadais bunúsacha ag an gCuideachta lena n-áirítear féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile, méideanna atá dlite ó ghrúpchuideachtaí agus airgead agus coibhéisí airgid, atá taifeadta leis na sócmhainní reatha mar chinn atá dlite laistigh de bhliain amháin.

Aithnítear sócmhainní airgeadais bunúsacha den chéad uair ar an bpraghas idirbhirt (lena n-áirítear costais an idirbhirt), mura rud é gur idirbheart maoinithe is ea an socrú. Más rud é gur idirbheart maoinithe is ea an socrú, déantar an tsócmhainn

airgeadais a thig as sin a thomhas ar dtús ar luach láithreach na bhfáltas sa todhchaí arna lascainiú ar ráta úis an mhargaidh i leith ionstraim fiachais den chineál céanna.

Déantar féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile, airgead agus coibhéisí airgid, agus sócmhainní airgeadais ó shocruithe ar idirbhearta maoinithe iad a tomhas ina dhiaidh sin ar chostas amúchta ag baint úsáide as modh an ghlanráta úis.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, déantar sócmhainní airgeadais arna dtomhas ar chostas amúchta a mheasúnú i leith fianaise oibiachtúil ar lagú. Má tá fianaise oibiachtúil ann go bhfuil sócmhainn airgeadais arna tomhas ar chostas amúchta lagaithe, aithnítear caillteanas lagaithe sa chuntas brabús nó caillteanais. Is ionann an caillteanas lagaithe agus an difríocht idir suim ghlanluacha na sócmhainne airgeadais agus luach láithreach shreafaí airgid measta na sócmhainne airgeadais arna lascainiú ag glanráta úis bunaidh na sócmhainne.

Más rud é, i mbliain airgeadais ina dhiaidh sin, go laghdaíonn méid an chaillteanais lagaithe agus gur féidir an laghdú a cheangal go hoibiachtúil le teagmhas a tharla tar éis gur aithníodh an lagú, déantar an caillteanas lagaithe a aithníodh roimhe sin a aisiompú. Déantar an t-aisiompú sa chaoi is nach sáróidh an tsuim ghlanluacha láithreach luach na suime glanluacha dá mba rud é nár aithníodh an caillteanas lagaithe roimhe sin. Aithnítear aisiompú an lagaithe sa chuntas brabúis agus caillteanais.

Déantar sócmhainní airgeadais a dhí-aithint (a) nuair a théann na cearta conarthacha i leith na sreafaí airgid ón tsócmhainn airgeadais in éag nó nuair a shocraítear iad, nó (b) nuair a aistrítear chuig páirtí eile beagnach gach ceann de na rioscaí agus na sochair a bhaineann le húinéireacht na sócmhainne airgeadais, nó (c) nuair a aistríodh rialú na sócmhainne airgeadais chuig páirtí eile ag a bhfuil an cumas praiticiúil chun an tsócmhainn airgeadais a dhíol go haontaobhach le tríú páirtí neamhghaolmhar gan srianta breise a fhorchur.

*(ii) Dliteanais airgeadais*

Ar an gcaoi chéanna, tá roinnt dliteanas airgeadais bunúsach ar an gCuideachta, lena n-áirítear creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile, iasachtaí bainc agus rótharraingtí, agus iasachtaí ó chuideachtaí sa ghrúpa céanna, a aithnítear den chéad uair ar phraghas an idirbhirt, mura rud é gur idirbheart airgeadais é an socrú, agus sa chás sin déantar an dliteanas airgeadais a thomhas ar luach láithreach na n-íocaíochtaí sa todhchaí arna lascainiú ar an ráta margaidh úis i leith ionstraim fiachais den chineál céanna.

Déantar creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile, iasachtaí ó ghrúpchuideachtaí eile, agus dliteanais airgeadais ó shocruithe ar idirbhearta maoinithe iad a thabhairt anonn ina dhiaidh sin ar chostas amúchta ag baint úsáide as modh an ghlanráta úis.

Is ionann creidiúnaithe trádála agus oibleagáidí i leith íoc as earraí nó seirbhísí atá faighte i ngnáthchúrsa an ghnó ó sholáthraithe. Déantar creidiúnaithe trádála a aicmiú mar chinn atá dlite laistigh de bhliain amháin má bhíonn íocaíocht dlite laistigh de bhliain amháin nó níos lú. I gcás ar bith eile, cuirtear i láthair iad mar mhéideanna atá dlite tar éis níos mó ná bliain amháin. Aithnítear creidiúnaithe trádála ar dtús ar phraghas an idirbhirt agus tomhaistear ina dhiaidh sin iad ar a gcostas amúchta ag baint úsáide as modh an ghlanráta úis.

Déantar dliteanais airgeadais a dhí-aithint nuair a bhíonn an dliteanas múchta, is é sin nuair a dhéantar an oibleagáid chonarthach a urscaoileadh nó a chur ar ceal nó ar dhul in éag di.

**(q) Soláthairtí agus teagmhais**

*(i) Soláthairtí*

Is ionann soláthairtí agus dliteanais atá neamhchinnte ó thaobh ama nó méid. Aithnítear soláthairtí nuair a bhíonn oibleagáid dlí nó oibleagáid inchiallaithe reatha ar an gCuideachta mar gheall ar theagmhais a tharla roimhe seo; nuair is dócha go mbeidh aistriú sochair gheilleagraigh de dhíth chun an oibleagáid a ghlanadh; agus nuair is féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar mhéid na hoibleagáide.

Déantar soláthairtí a thomhas mar luach reatha an mheastacháin is fearr ar an méid is gá chun an oibleagáid a ghlanadh ag baint úsáide as ráta réamhchánach a léiríonn measúnuithe reatha an mhargaidh ar amluach airgid agus na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an dliteanas. Déantar athbhreithniú ar sholáthairtí ag deireadh gach

bliana airgeadais agus déantar iad a choigeartú chun an meastachán reatha is fearr a thabhairt ar an méid is gá chun an oibleagáid a ghlanadh. Aithnítear leachtú na lascaine mar chostas airgeadais sa chuntas brabúis agus caillteanais, arna chur i láthair faoi 'ús iníoctha agus muirir dá shamhail' sa bhliain airgeadais ina dtagann sé i gceist.

Sa chás ina bhfuil roinnt oibleagáidí dá samhail ann, cinntear an dóchúlacht go mbeidh eis-sreabhadh ag teastáil chun iad a ghlanadh trí bhreathnú ar aicme na n-oibleagáidí ina hiomláine.

Aithnítear soláthairtí i ndáil le hathstruchtúrú nuair a bhíonn oibleagáid dlí nó oibleagáid inchiallaithe ar an gCuideachta ag deireadh na bliana airgeadais i dtaobh an t-athstruchtúrú a chur i gcrích. Tá oibleagáid inchiallaithe ar an gCuideachta athstruchtúrú a dhéanamh nuair is ann do phlean mionsonraithe foirmiúil don athstruchtúrú sin agus nuair a chruthaigh an Chuideachta ionchas bailí i measc na ndaoine dá ndéanann sé difear, trí thosú ar an bplean a chur chun feidhme nó trí phríomhghnéithe an phlean a fhógairt dóibh siúd dá ndéanann sé difear.

Déantar soláthar do chostas measta na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil íoctha ag dáta an chláir comhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil tuairiscithe (IBNR) don Chuideachta fós.

Cuimsítear sna soláthairtí eile soláthairtí a bhaineann le hoibriú na seirbhísí iarnróid, soláthairtí a bhaineann le pá, éilimh dlí agus soláthairtí a bhaineann le pinsin.

Ní dhéantar soláthar do chaillteanais oibriúcháin sa todhchaí.

*(ii) Dliteanais agus Sócmhainní Teagmhasacha*

I gcás dliteanais theagmhasacha, a eascraíonn de thoradh nithe a tharla roimhe seo, ní aithnítear mar dhliteanas iad toisc nach dócha go mbeidh ar an gCuideachta sochair eacnamaíocha a aistriú chun an oibleagáid a ghlanadh nó toisc nach féidir an méid a thomhas go hiontaofa ag deireadh na bliana airgeadais. Ní aithnítear oibleagáidí féideartha neamhchinnte mar dhliteanais ach is dliteanais theagmhasacha iad. Nochtar dliteanais theagmhasacha sna ráitis airgeadais ach amháin mura dócha in aon chor go dtarlóidh eis-sreabhadh acmhainní.

Ní aithnítear sócmhainní teagmhasacha. Nochtar sócmhainní teagmhasacha sna ráitis airgeadais nuair is dócha go dtarlóidh insreabhadh sochar geilleagrach.

**(r) Sócmhainní ar léas**

*(i) Léasanna airgeadais*

Faoi léasanna airgeadais, aistrítear rioscaí agus luach saothair uile na húinéireachta go substaintiúil chuig an léasóir. I dtosach an téarma léasa airgeadais, aithníonn an Chuideachta a ceart úsáide agus an oibleagáid atá uirthi faoi léas airgeadais mar shócmhainn agus dliteanas ag méid is ionann agus luach cóir na sócmhainne ar léas, nó más rud é gur luach níos ísle atá i gceist, ar luach láithreach na n-íocaíochtaí léasa íosta arna ríomh ar an ráta úis atá intuigthe sa léas. Tá caiteachas caipitiúil na sócmhainní sin san áireamh le sócmhainní inláimhsithe agus déantar iad sin a dhímheas thar théarma an léasa nó thar shaol úsáideach tuartha na sócmhainne, cibé acu is giorra. Tá sciar caipitiúil na n-oibleagáidí léasa atá amuigh curtha san áireamh leis na creidiúnaithe. Gearrtar muirir airgeadais ar an gcuntas brabúis agus caillteanais thar phríomh-thréimhse an léasa.

*(ii) Léasanna oibriúcháin*

Faoi léasanna oibriúcháin, ní aistrítear riosca agus luach saothair uile na húinéireachta go substaintiúil chuig an léasóir. Aithnítear íocaíochtaí faoi léasanna oibriúcháin sa chuntas brabúis agus caillteanais ar bhonn an mhéid chothroim thar thréimhse an léasa. Gearrtar íocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibriúcháin ar an gcuntas brabúis agus caillteanais de réir mar a thabhaítear iad.

**(s) Cothromas**

Tá scaireanna cothromais na Cuideachta faoi úinéireacht iomlán ag CIÉ. Déantar gnáth-scairchaipiteal glaoite agus cúlchistí ioncaim a aicmiú mar chothromas agus atá siad leagtha amach sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

**(t) Meastacháin agus toimhdí ríthábhachtacha cuntasaíochta**

Déantar athmheasúnú leanúnach ar mheastacháin agus breithiúnais arna ndéanamh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú agus tá siad bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar thosca eile, lena n-áirítear meastacháin maidir le teagmhais amach anseo a mheastar a bheith réasúnach sna himthosca.

Déanann na stiúrthóirí meastacháin agus toimhdí faoin todhchaí agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu. De réir sainmhínithe, is annamh a bheidh na meastacháin chuntasaíochta sin díreach mar an gcéanna leis na torthaí iarbhír a bhaineann leo. Tugtar aghaidh anseo thíos ar na réimsí ina bhfuil ardleibhéal breithiúnais nó castachta i gceist agus ar na meastacháin agus na toimhdí lena mbaineann baol nach beag go mbeidís ina gcúis le coigeartú ábhartha ar shuim ghlanluacha sócmhainní agus dliteanas sa chéad bhliain airgeadais eile.

*(i) Saol úsáideach tuartha na sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe*

Braitheann an muirear amúchta bliantúil ar shócmhainní seasta doláimhsithe agus an muirear dímheasa ar shócmhainní seasta inláimhsithe ar athruithe ar shaol úsáideach tuartha agus luachanna iarmharacha na sócmhainní. Déantar an saol úsáideach tuartha agus na luachanna iarmharacha a athmheasúnú gach bliain. Déantar iad a leasú de réir mar is gá chun meastacháin reatha a léiriú, bunaithe ar dhul chun cinn na teicneolaíochta, infheistíochtaí sa todhchaí, úsáid eacnamaíoch agus riocht fisiciúil na sócmhainní. Léirítear thuas an saol úsáideach tuartha i gcás gach aicme sócmhainní seasta inláimhsithe agus doláimhsithe. Tá suim ghlanluacha na sócmhainní seasta inláimhsithe agus doláimhsithe i leith gach aicme sócmhainní leagtha amach i nóta 12 agus nóta 13.

*(ii) Scéim pinsean sochar sainithe*

Tá sé d'oibleagáid ar ghrúpa CIÉ, dá bhfuil an Chuideachta ina ball, sochair phinsin a íoc le fostaithe áirithe. Braitheann costas na sochar sin agus luach reatha na hoibleagáide ar roinnt tosca, lena n-áirítear toimhdí i leith: ionchas saoil, méaduithe tuarastail agus an ráta lascaine ar bhannaí corparáideacha. Tá tuilleadh sonraí leagtha amach i nóta 25.

*(iii) Soláthair um dhliteanas tríú páirtí agus dhliteanas fostóirí*

Déantar soláthar ag deireadh na bliana do chostas measta na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil íoctha ar dháta an chláir comhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil tuairiscithe (IBNR) don Chuideachta fós.

Glacann an Chuideachta gach céim réasúnach lena chinntiú go bhfuil an fhaisnéis chuí aici maidir lena neamhchosaint ar éilimh. Mar sin féin, mar gheall ar an neamhchinnteacht maidir le soláthairtí a bhunú in aghaidh éileamh, is dócha go mbeidh an toradh deiridh difriúil ón dliteanas bunaidh a cinneadh.

Tá tuilleadh sonraí leagtha amach i nóta 19 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

# Cuntas Brabúis agus Caillteanais

## Don Bhliain Airgeadais dar Chríoch an 31 Nollaig 2015

| | Nótaí | 2015<br>€'000 | 2014<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| Ioncam ó oibríochtaí | | 233,936 | 217,533 |
| Fáltais ó chonarthaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí | | 98,161 | 117,386 |
| Cistiú eile ón Stát | | 112,944 | 77,429 |
| **Ioncam iomlán** | **3** | **445,041** | **412,348** |
| **Costais** | | | |
| Costais phárolla agus costais ghaolmhara | 5 | (233,569) | (234,338) |
| Costais ábhar agus seirbhísí | 6 | (181,934) | (143,236) |
| **Iomlán na gcostas oibriúcháin** | | **(415,503)** | **(377,574)** |
| **EBITDA roimh chostais oibriúcháin eisceachtúla** | | **29,538** | **34,774** |
| Costais eisceachtúla | 7 | (2,111) | (1,586) |
| Dímheas agus amúchadh glan ar amúchadh deontas caipitiúil | 8 | (32,587) | (39,758) |
| (Caillteanas)/gnóthachan ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe | | (5) | 45 |
| **Easnamh roimh ús agus cháin** | | **(5,165)** | **(6,525)** |
| Ús iníoctha agus muirir dá shamhail | 9 | (2,518) | (462) |
| **Easnamh don bhliain ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin** | | **(7,683)** | **(6,987)** |
| Cáin ar ghnáthghníomhaíochtaí | 10 | – | – |
| **Easnamh don bhliain airgeadais** | | **(7,683)** | **(6,987)** |

# Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach

## Don Bhliain Airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2015

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Easnamh don bhliain airgeadais | (7,683) | (6,987) |
| Ioncam cuimsitheach eile | – | – |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais** | **(7,683)** | **(6,987)** |

# Clár Comhardaithe

## Amhail an 31 Nollaig 2015

| | Nótaí | 2015<br>€'000 | 2014<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Sócmhainní doláimhsithe | 12 | 1,825 | 3,788 |
| Sócmhainní inláimhsithe | 13 | 2,049,933 | 2,171,738 |
| Sócmhainní airgeadais | 14 | – | 20 |
| | | **2,051,758** | **2,175,546** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | 15 | 49,522 | 47,532 |
| Féichiúnaithe | 16 | 20,813 | 12,276 |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | | 342 | 315 |
| | | **70,677** | **60,123** |
| **Creidiúnaithe** (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin) | 17 | **(281,845)** | **(290,141)** |
| **Glandliteanais reatha** | | (211,168) | (230,018) |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | **1,840,590** | **1,945,528** |
| Ioncam iarchurtha | 20 | (1,726,272) | (1,819,429) |
| Soláthairtí in aghaidh dliteanas | 19 | (70,338) | (74,436) |
| | | **43,980** | **51,663** |
| **Caipiteal agus cúlchistí** | | | |
| Scairchaipiteal glaoite | 21 | 194,270 | 194,270 |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | | (150,290) | (142,607) |
| **Cothromas Iomlán** | | **43,980** | **51,663** |

Thar ceann an bhoird

An tUasal P. Gaffney Cathaoirleach

T. McGee Uasal Stiúrthóir

**Dáta:**

# Ráiteas um Athruithe ar Chothromas

## An bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2015

| | Cúlchiste Caipitil<br>€'000 | Cuntas Brabúis agus Caillteanais<br>€'000 | Iomlán Cothromas<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2014** | **194,270** | **(135,620)** | **58,650** |
| Easnamh don bhliain airgeadais | – | (6,987) | (6,987) |
| Ioncam cuimsitheach eile don bhliain airgeadais | – | – | – |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais** | **–** | **(6,987)** | **(6,987)** |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2014** | **194,270** | **(142,607)** | **51,663** |
| Easnamh don bhliain airgeadais | – | (7,683) | (7,683) |
| Ioncam cuimsitheach eile don bhliain airgeadais | – | – | – |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain airgeadais** | – | (7,683) | (7,683) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2015** | **194,270** | **(150,290)** | **43,980** |

# Ráiteas um Shreabhadh Airgid

## An bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2015

| | Nótaí | 2015<br>€'000 | 2014<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Airgead glan arna ghiniúint ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | 22 | **30,816** | **50,661** |
| | | | |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Ceannach sócmhainní seasta inláimhsithe | | (110,417) | (120,082) |
| Diúscairt sócmhainní airgeadais | | 20 | – |
| Ceannach sócmhainní seasta doláimhsithe | | (78) | (1,535) |
| Fáltas ar dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe | | 26 | 1,137 |
| Fáltas ó dheontais stáit agus deontais AE | | 96,788 | 133,162 |
| **Glan-airgead arna ghiniúint ó/(arna úsáid in) ghníomhaíochtaí infheistíochta caipitil** | | **(13,661)** | **12,682** |
| | | | |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | | |
| Ús íoctha | | (2,518) | (462) |
| Íocaíochtaí léasa airgeadais | | (2,344) | (5,005) |
| Maoiniú idirchuideachta | | (12,309) | (57,321) |
| **Airgead iomlán arna úsáid i ngníomhaíochtaí maoinithe** | | **(17,171)** | **(62,788)** |
| | | | |
| **(Glanlaghdú)/Glanmhéadú ar airgead agus coibhéisí airgid** | | **(16)** | **555** |
| | | | |
| **Airgead agus coibhéisí airgid amhail an 1 Eanáir** | | 187 | (368) |
| | | | |
| **Airgead agus coibhéisí airgid amhail an 31 Nollaig** | | **171** | **187** |
| | | | |
| **Cuimsítear san airgead agus sna coibhéisí airgid:** | | | |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | | 342 | 315 |
| Rótharraingtí bainc | | (171) | (128) |
| | | **171** | **187** |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

**1 Ráiteas um chomhlíonadh, gníomhaíochtaí agus úinéireacht**

*(a) Ráiteas maidir le Comhlíonadh*

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Iarnród Éireann ar bhonn gnóthas leantach de réir ghnáthchleachtas cuntasaíochta na hÉireann (na Caighdeáin Chuntasaíochta arna n-eisiúint ag Comhairle Tuairiscithe Airgeadais na Ríochta Aontaithe agus arna bhfógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus faoi Acht na gCuideachtaí 2014), lena n-áirítear comhlíonadh Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, agus Acht na gCuideachtaí 2014.

*(b) Gníomhaíochtaí agus úinéireacht*

Is é Córas Iompair Éireann (CIÉ), ar fochuideachta de é Iarnród Éireann, údarás reachtúil náisiúnta na hÉireann a chuireann iompar poiblí ar tír ar fáil in Éirinn. Tá CIÉ faoi úinéireacht iomlán Rialtas na hÉireann agus tuairiscíonn sé don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Is é Iarnród Éireann príomhsholáthraí na hÉireann i dtaobh iompar ar iarnród.

Athchláraíodh an Chuideachta mar Chuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe le feidhm ón 1 Feabhra 2016, faoi Acht na gCuideachtaí 2014.

Baineann ráitis airgeadais na Cuideachta le gníomhaíochtaí Iarnród Éireann agus leo sin amháin.

**2 Gnóthas leantach**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthas leantach, faoina nglactar leis go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag an gCuideachta agus ag Grúpa CIÉ, dá bhfuil an Chuideachta ina ball, chun leanúint ar aghaidh ag oibriú ar feadh ar a laghad 12 mhí ó dháta ceadaithe na ráiteas airgeadais seo.

**Cúlra**

Amhail an 31 Nollaig 2015 bhí glandliteanais €206m (2014: €616m) ar ghrúpa CIÉ agus glandliteanais reatha €275m (2014: €284m). Áirítear le glandliteanais an ghrúpa dliteanais i ndáil le hoibleagáidí pinsean sochar sainithe dar luach €288m (2014: €702m) agus ioncam iarchurtha maidir le deontais chaipitil a fuarthas de €2,687m (2014: €2,784m).

I mí Iúil 2013 chuir Grúpa CIÉ bailchríoch rathúil ar an gcaibidlíocht le bainc an Ghrúpa i ndáil le hathmhaoiniú agus cur leis na saoráidí baincéireachta atá ar fáil don Ghrúpa. Gnóthaíodh saoráidí saintiomanta €160m go dtí Iúil 2018, agus aisíocadh €26m den mhéid sin ina dhiaidh sin, agus níl sé ar fáil le tarraingt air arís, faoi shaoráid iasachta téarmaí an Ghrúpa. Amhail an 31 Nollaig 2015, bhí €54m tarraingthe anuas ag an ngrúpa faoi na saoráidí iasachta téarmaí. Ba é €80m an méid neamhtharraingthe a bhí ar fáil don Ghrúpa faoi shaoráidí creidmheasa imrothlaigh an Ghrúpa.

Cuimsíonn na saoráidí sin roinnt cúnant airgeadais, ar chomhlíon Grúpa CIÉ iad ar fad in 2015. Creideann an fhoireann bainistíochta go leanfaidh Grúpa CIÉ ar aghaidh ag comhlíonadh na spriocanna cúnant atá sonraithe sa chomhaontú saoráide don tréimhse 12 mhí, ar a laghad, ó dháta ceadaithe na ráiteas airgeadais seo.

**Cineál na Neamhchinnteachtaí atá le Sárú ag an nGrúpa**

Ainneoin feabhas a bheith tagtha ar fheidhmíocht trádála in 2015, tá Grúpa CIÉ fós ag feidhmiú i dtimpeallacht dhúshlánach gnó óna n-eascraíonn neamhchinnteachtaí.

Cé go bhfuil muinín ag an bhfoireann bhainistíochta go leanfar ar aghaidh ag comhlíonadh na spriocanna foriomlána airgeadais, lena n-áirítear iad siúd atá de dhíth ionas go gcomhlíonfaidh an Grúpa a chuid cúnant airgeadais, tá feidhmíocht an Ghrúpa sa todhchaí bunaithe ar roinnt spriocanna agus toimhdí dúshlánacha a éilíonn go ndéanfaidh an fhoireann bainistíochta monatóireacht agus maoirseacht ar bhonn leanúnach. Glactar leis i mbuiséad an Ghrúpa go dtabhóidh an Grúpa easnamh oibriúcháin arís in 2016.

Is féidir achoimre a dhéanamh ar na príomh-neamhchinnteachtaí a mbeidh tionchar acu ar thodhchaí an Ghrúpa faoi na ceannteidil seo a leanas:

**1 Ioncam**

Braitheann comhlíonadh na spriocanna atá luaite le fás ioncaim i bplean gnó 5 bliana an Ghrúpa ar thoimhdí éagsúla a bhaineann le méaduithe ar tháillí ainmniúla, méaduithe ar líon aistear paisinéirí agus an meascán táillí idir tháillí airgid thirim agus tháillí eile. Tá acmhainn an Ghrúpa i dtaobh bhaint amach na méaduithe ar tháillí atá toimhdithe sna pleananna ag brath den chuid is mó ar na cinntí a dhéanfaidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair maidir le táillí, agus tá méaduithe ar an líon aistear paisinéirí ag brath ar an téarnamh geilleagrach a bheith inbhuanaithe.

**2 Costais Oibriúcháin**

Baineann fíorthábhacht leis na costais oibriúcháin a choimeád ar leibhéil chuí mar atá sonraithe i bplean gnó an Ghrúpa. Is suibiachtúil, de réir a nádúir, iad na toimhdí a úsáideadh agus an plean gnó á ullmhú agus ní mór go ndéanfar dianmhonatóireacht ar fheidhmíocht i gcoinne an phlean, ionas gur féidir gníomhaíochtaí maolaithe, atá aitheanta ag an lucht bainistíochta cheana féin, a chur i bhfeidhm más gá.

**3 Costais Infheistíochta**

Baineann fíorthábhacht leis an leibhéal cuí infheistíochta a bhaint amach maidir le cothabháil, athnuachan agus feabhsú an bhonneagair iompair phoiblí chun tacú le soláthar seirbhísí iompair phoiblí atá sábháilte, éifeachtach agus iontaofa. Dúshlán leanúnach don fhoireann bainistíochta é a chinntiú go bhfuil an infheistíocht riachtanach á cistiú go cuí ionas nach mbainfidh éileamh infheistíochta oibríochtaí an Ghrúpa an bonn d'inbhuanaitheacht airgeadais an Ghrúpa.

Tá pleananna an Ghrúpa don bhliain 2016 ag brath ar thacaíocht cistithe i bhfoirm caiteachas caipitiúil ón Státchiste agus ón Údarás Náisiúnta Iompair agus glactar leis go mbeidh infheistíocht cistithe ar fáil ó shreafaí airgeadais oibriúcháin freisin. Braitheann inbhuanaitheacht an Ghrúpa san fhadtréimhse ar leibhéal cuí cistithe a bheith ar fáil ón rialtas chun cistiú a dhéanamh ar na seirbhísí iompair phoiblí a cheanglaítear faoi chonarthaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí an Ghrúpa.

Tá inbhuanaitheacht na Cuideachta an-leochaileach i dtaobh na neamhchinnteachta a bhaineann le hinfheistíocht sa todhchaí a chistiú. Le linn 2014 thug Iarnród Éireann agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair faoi phróiseas chun réitigh fhéideartha ar riachtanais airgeadais Iarnród Éireann a athbhreithniú agus a mheas. Leis an meastachán breise cistithe rialtais a ceadaíodh i mí na Nollag 2015, feabhsaítear a gcumas i dtaobh riachtanais infheistíochta Iarnród Éireann in 2016 a chistiú ón sreabhadh airgid.

Dúshlán suntasach do gach páirtí leasmhar é cistiú na riachtanas infheistíochta san fhadtréimhse. Sa chás go mbeidh gannchion sna leibhéil cistithe, beidh an riosca ann nach nginfidh an Grúpa torthaí imleora chun a chobhsaíocht airgeadais a chosaint i rith shaolré an phlean gnó reatha 5 bliana. Sa chás sin, beidh an caipiteal oibre srianta agus beidh gá le monatóireacht leanúnach air. Bheadh gá le gníomhaíochtaí maolúcháin chun a áirithiú nach ndéanfaí sárú ar na spriocanna foriomlána faoi na cúnaint airgeadais, spriocanna dá bhfuil an Grúpa ceangailte, agus go nginfí sreabhadh airgid imleor i ndiaidh infheistíochta chun oibleagáidí a chomhlíonadh de réir mar a bhíonn siad dlite.

**4 Pinsin**

Tá easnamh i scéimeanna pinsin an Ghrúpa freisin. Áirítear dliteanais na scéimeanna sin i ráitis airgeadais CIÉ agus ní ar leibhéal na gCuideachtaí oibríochta aonair, mar a mhínítear i Nóta 25 a ghabhann leis na ráitis airgeadais. Cé go raibh glandliteanais na scéimeanna pinsin laghdaithe go mór ar an 31 Nollaig 2015, i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, tá na margaí airgeadais fós luaineach ó dheireadh na bliana, lena n-áirítear gluaiseachtaí suntasacha i rátaí úis bunúsacha faoina ndéantar dliteanais a thomhas, agus luacháil na sócmhainní atá i seilbh na scéimeanna. Ní mór monatóireacht chúramach a dhéanamh ar an luaineacht leanúnach i leith luacháil na scéimeanna agus ní mór bearta a shainaithint ar féidir iad a chur chun feidhme, ar bhonn comhaontaithe, chun an riosca a bhaineann leis na scéimeanna a laghdú.

Tá CIÉ i mbun rannpháirtíochta leis an bhfoireann chun bearta a aithint agus a aontú d'fhonn na scéimeanna a thabhairt slán ón riosca.

**Gníomhaíochtaí na Foirne Bainistíochta**

Tá roinnt gníomhaíochtaí curtha i gcrích agus á gcur i gcrích go fóill ag foireann bhainistíochta an Ghrúpa agus na Cuideachta, lena n-áirítear:

- Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar rioscaí agus ar dheiseanna a bhfuil tionchar acu ar phlean gnó an Ghrúpa.
- Plé leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir leis an struchtúr cistithe cuí agus leis an nglantionchar airgeadais ar Iarnród Éireann, Bus Éireann agus Bus Átha Cliath.
- Plé le hionadaithe foirne chun bearta a aontú i dtaobh aghaidh a thabhairt ar staid airgeadais chistí pinsean an Ghrúpa.
- Leanúint le tionscnaimh spárála costais a chur i bhfeidhm agus dianmhonatóireacht a dhéanamh orthu.
- Dianmhonatóireacht á déanamh ag an bhfoireann bhainistíochta ar an staid airgid laethúil, seachtainiúil agus míosúil ar fud an Ghrúpa.
- Tionscnaimh chosanta ioncaim a chur chun feidhme agus gníomhaíochtaí nua a lorg chun ioncam a ghiniúint.

**Litir Thacaíochta**

Tá fianaise ar an tacaíocht leanúnach ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le fáil sa litir thacaíochta dar dáta an 6 Aibreán 2016.

Deirtear sa litir go leanann an Roinn ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar staid airgeadais CIÉ agus go bhfuil sí i mbun idirphlé le CIÉ maidir le bearta atá riachtanach chun inbhuanaitheacht airgeadais CIÉ a chosaint. Bíodh is go sonraítear sa litir nach bhféadfaí glacadh le rud ar bith sa litir mar ráthaíocht ar oibleagáidí nó dliteanais CIÉ, sonraítear inti freisin gurb é beartas an Rialtais go fóill é go bhfuil ar chumas ghnólacht CIÉ a chuid dliteanas a chomhlíonadh i gcónaí, agus go leanfaidh an Stát lena chearta scairshealbhóra a fheidhmiú agus é ina aidhm aige a áirithiú go mbainisteoidh CIÉ a chuid oibríochtaí ar bhealach a chuirfidh ar a chumas dó a chuid oibleagáidí go léir a chomhlíonadh go tráthúil. Luaitear freisin sa litir nár mhór go mbeadh dlí an AE á chomhlíonadh ag aon ghníomhaíocht a bheidh le háireamh ag an Stát, lena n-áirítear rialacha a bhaineann le Státchabhair a bhféadfadh fógra agus faomhadh ón gCoimisiún a bheith ag teastáil ina leith.

**Focal Scoir**

I ndiaidh fiosrúcháin chuí a dhéanamh, agus na neamhchinnteachtaí thuasluaite a mheas, tá ionchas réasúnach ag na Comhaltaí Boird gur leor an sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí trádála Ghrúpa CIÉ agus a shaoráidí bainc mar atá faoi láthair chun cistiú a dhéanamh ar riachtanais leanúnacha an ghrúpa um shreabhadh airgid, agus chun a chuid cúnant airgeadais faoi shocruithe shaoráidí baincéireachta Ghrúpa CIÉ a chomhlíonadh, don tréimhse 12 mhí ar a laghad ó dháta ceadaithe na ráiteas airgeadais seo. Chomh maith leis sin, tá ionchas réasúnach acu go dtacóidh an Rialtas le bearta chun cobhsaíocht airgeadais a áirithiú. Ar an mbunús sin, chinn na Comhaltaí Boird nach bhfágann na rioscaí thuasluaite gurb ann do neamhchinnteacht ábhartha a chaitheann amhras suntasach ar chumas an Ghrúpa leanúint ar aghaidh ag feidhmiú mar ghnóthas leantach.

Tá ionchas réasúnach ag na stiúrthóirí, ag féachaint do na nithe thuasluaite, go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ag Grúpa CIÉ agus, dá réir sin, ag an gCuideachta, chun leanúint ag feidhmiú ar bhonn oibríochtúil ar feadh 12 mhí ar a laghad ó dháta ceadaithe na ráiteas airgeadais seo, agus measann siad gur cuí na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh.

**3 Anailís de réir rannán ar an gcuntas brabúis agus caillteanais**

*(A) Gnóthas Iarnróid*

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| **Foinsí ioncaim** | | |
| Ioncam | 195,640 | 188,395 |
| Oibleagáid Seirbhíse Poiblí | 98,161 | 117,386 |
| Cistiú eile ón Stát | 55 | 454 |
| **Ioncam iomlán** | **293,856** | **306,235** |
| **Costais oibriúcháin** | | |
| Costais phárolla agus costais ghaolmhara | (123,142) | (126,584) |
| Ábhair agus seirbhísí | (66,898) | (77,616) |
| Breosla | (36,643) | (34,277) |
| Dímheas agus amúchadh glan ar amúchadh deontas caipitiúil | (24,042) | (32,371) |
| **Iomlán na gcostas oibriúcháin** | **(250,725)** | **(270,848)** |
| **Barrachas oibriúcháin roimh mhuirir rochtana rianta** | **43,131** | **35,387** |
| Muirear rochtana rianta | (41,420) | (49,949) |
| **EBITDA roimh chostais oibriúcháin eisceachtúla** | **1,711** | **(14,562)** |
| Costais eisceachtúla | (854) | (1,559) |
| Brabús ar dhíol sócmhainní seasta inláimhsithe | 17 | 43 |
| **Barrachas/(easnamh) roimh ús agus cháin** | **874** | **(16,078)** |
| Ús iníoctha agus muirir dá shamhail | (1,450) | (241) |
| **Easnamh don bhliain ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin** | **(576)** | **(16,319)** |
| Cáin ar an easnamh ar ghnáthghníomhaíochtaí | – | – |
| **Easnamh don bhliain ar ghnáthghníomhaíochtaí tar éis cánach** | **(576)** | **(16,319)** |

*(B) Bainisteoir Bonneagair Iarnróid*

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| Tá costais Rannáin an Bhonneagair Iarnróid ríofa mar seo a leanas de réir Threoir AE 91/440 ón gComhairle: | | |
| **Foinsí ioncaim** | | |
| Conradh Ilbhliantúil | 112,889 | 75,093 |
| Muirir rochtana rianta | 42,860 | 53,052 |
| Deontais eile ón státchiste | – | 1,523 |
| Ioncam tríú páirtí | 19,606 | 10,238 |
| **Ioncam iomlán** | **175,355** | **139,906** |
| **Ioncam na gcostas oibriúcháin** | | |
| Costais phárolla agus costais ghaolmhara | (97,027) | (94,631) |
| Ábhair agus seirbhísí | (78,861) | (29,031) |
| Dímheas agus amúchadh glan ar amúchadh deontas caipitiúil | (7,261) | (6,080) |
| **Iomlán na gcostas oibriúcháin** | **(183,149)** | **(129,742)** |
| **EBITDA roimh chostais oibriúcháin eisceachtúla** | **(7,794)** | **10,164** |
| Costais eisceachtúla | (695) | 12 |
| (Caillteanas)/brabús ar dhíol sócmhainní seasta inláimhsithe | (22) | 2 |
| **(Easnamh)/barrachas roimh ús agus cháin** | **(8,511)** | **10,178** |
| Ús iníoctha agus muirir dá shamhail | (964) | (159) |
| **(Easnamh)/barrachas don bhliain ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin** | **(9,475)** | **10,019** |
| Cáin ar (easnamh)/bharrachas ar ghnáthscaireanna | – | – |
| **(Easnamh)/barrachas don bhliain ar ghnáthghníomhaíochtaí tar éis cánach** | **(9,475)** | **10,019** |

*(C) Rannán lasta iarnróid 2015*

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| Ioncam | 4,882 | 5,107 |
| **Ioncam iomlán** | **4,882** | **5,107** |
| | | |
| **Costais oibriúcháin** | | |
| Costais phárolla agus costais ghaolmhara | (1,219) | (1,423) |
| Ábhair agus seirbhísí | (1,962) | (1,671) |
| Breosla | (696) | (706) |
| Dímheas | (13) | (16) |
| **Iomlán na gcostas oibriúcháin** | **(3,890)** | **(3,816)** |
| | | |
| **Barrachas oibriúcháin don bhliain airgeadais roimh mhuirir rochtana rianta** | **992** | **1,291** |
| | | |
| Muirir rochtana rianta | (1,440) | (3,103) |
| **EBITDA roimh chostais oibriúcháin eisceachtúla** | **(448)** | **(1,812)** |
| Costais eisceachtúla | (259) | – |
| **Easnamh roimh ús agus cháin** | **(707)** | **(1,812)** |
| Ús iníoctha agus muirir dá shamhail | (35) | (6) |
| **Easnamh don bhliain ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin** | **(742)** | **(1,818)** |
| Cáin ar an (easnamh) ar ghnáthghníomhaíochtaí | – | – |
| **Easnamh don bhliain ar ghnáthghníomhaíochtaí tar éis cánach** | **(742)** | **(1,818)** |

*(D) Rannán Europort Ros Láir*

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| Ioncam | 10,439 | 10,086 |
| **Ioncam iomlán** | **10,439** | **10,086** |
| **Costais oibriúcháin** | | |
| Costais phárolla agus costais ghaolmhara | (4,420) | (4,564) |
| Ábhair agus seirbhísí | (2,152) | (3,135) |
| Dímheas glan ar dheontais chaipitiúla amúchta | (1,271) | (1,293) |
| **Iomlán na gcostas oibriúcháin** | **(7,843)** | **(8,992)** |
| **EBITDA roimh chostais oibriúcháin eisceachtúla** | **2,596** | **1,094** |
| Costais eisceachtúla | (182) | (38) |
| **Barrachas roimh ús agus cháin** | **2,414** | **1,056** |
| Ús iníoctha agus muirir dá shamhail | (69) | (56) |
| **Barrachas don bhliain ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin** | **2,345** | **1,000** |
| Cáin ar an mbarrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí | – | – |
| **Barrachas don bhliain ar ghnáthghníomhaíochtaí tar éis cánach** | **2,345** | **1,000** |

*(E) Gníomhaíochtaí láir agus gníomhaíochtaí eile*

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| **Foinsí ioncaim** | | |
| Ioncam tríú páirtí | 3,369 | 3,707 |
| Cistiú eile ón Stát | – | 359 |
| **Ioncam iomlán** | **3,369** | **4,066** |
| **Costais oibriúcháin** | | |
| Costais phárolla agus costais ghaolmhara | (7,763) | (7,136) |
| Ábhair agus seirbhísí | 5,279 | 3,201 |
| **Iomlán na gcostas oibriúcháin** | **(2,484)** | **(3,935)** |
| **EBITDA roimh chostais oibriúcháin eisceachtúla** | **885** | **131** |
| Costais eisceachtúla | (120) | – |
| **Barrachas roimh ús agus cháin** | **765** | **131** |
| Cáin ar an mbarrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí | – | – |
| **Barrachas don bhliain ar ghnáthghníomhaíochtaí tar éis cánach** | **765** | **131** |

*(F) Cistiú ón Stát agus ón AE*

*An Oibleagáid Seirbhíse Poiblí (OSP)*

Gach bliain, soláthraítear cistiú do sheirbhísí iompair phoiblí in Éirinn atá riachtanach i dtaobh na gné sóisialta ach nach bhfuil inmharthana ó thaobh airgeadais, ar a dtugtar seirbhísí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP), faoi chonradh leis an Údarás Náisiúnta Iompair ("an tÚdarás").

Tá cistiú na seirbhísí OSP faoi riail ag Conarthaí Iompair Phoiblí idir an tÚdarás agus an Chuideachta. Síníodh na conarthaí atá ann faoi láthair le hIarnród Éireann i mí na Nollag 2009 agus is i leith tréimhse 10 mbliana atá siad, go dtí 2019.

Féadfaidh an tÚdarás Náisiúnta Iompair athbhreithniú a dhéanamh tráth ar bith ar inneachar na gconarthaí agus ar an mbunús lena gcoimeád ar bun, i gcomhairle leis an gCuideachta ábhartha. Ní mór athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar an gconradh ag deireadh gach tréimhse 5 nó 10 mbliana (mar is cuí), áfach.

Comhlíonann na conarthaí na critéir atá leagtha síos faoi láthair sa dlí AE: tá dianchaighdeáin leagtha síos iontu i dtaobh feidhmíocht oibriúcháin agus seirbhís do chustaiméirí agus tá pionóis leagtha síos i leith neamh-chomhlíonadh. Déanann an tÚdarás Náisiúnta Iompair monatóireacht ar an bhfeidhmíocht i leith chonradh gach oibreora OSP ar bhonn ráithiúil.

*Conradh Ilbhliantúil*

Tá bainistíocht bhonneagair Iarnród Éireann cistithe faoi rialachán AE trí Chonradh Ilbhliantúil 5 bliana leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus trí mhuirir rochtana rianta agus stáisiún ó sheirbhísí iarnróid do phaisinéirí agus ó sheirbhísí iarnróid lasta.

Cuireadh tús leis an gconradh atá ann faoi láthair ar an 1 Eanáir 2014 agus rachaidh sé in éag ar an 31 Nollaig 2018.

Tá an conradh sin idir Iarnród Éireann agus an tAire déanta de bhun Threoir 2012/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012, Treoir 2001/14/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2001, Alt 45 den Acht um Rialáil Iompair Phoiblí 2009, agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Bonneagar Iarnróid) (I.R. Uimh. 55 de 2010).

Tá muirir i dtaca le soláthar an bhonneagair iarnróid ag an mBainisteoir Bonneagair iníoctha ag an Aire leis an mBainisteoir Bonneagair roimh ré ar bhonn míosúil.

Tá sonraí an chistithe a fuarthas sa bhliain leagtha amach thíos.

| | SP | Conarthaí Ilbhliantúla Bonneagair | Eile | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **2015** | **2015** | **2015** | **2015** |
| **Luaite sa chuntas brabúis agus caillteanais le:** | | | | |
| Oibríochtaí Iarnróid | 98,161 | – | 55 | 98,216 |
| Bonneagar | – | 112,889 | – | 112,889 |
| Gníomhaíochtaí eile | – | – | – | – |
| | **98,161** | **112,889** | **55** | **211,105** |
| **Foinsí** | | | | |
| Deontais stáit – OSP | 98,161 | – | – | 98,161 |
| Deontais stáit – conradh ilbhliantúil | – | 112,889 | – | 112,889 |
| Deontais stáit – cúnamh teicniúil | – | – | 55 | 55 |
| Deontais stáit – eile | – | – | – | – |
| | **98,161** | **112,889** | **55** | **211,105** |

| | SP | Conarthaí Ilbhliantúla Bonneagair | Eile | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **2014** | **2014** | **2014** | **2014** |
| **Luaite sa chuntas brabúis agus caillteanais le:** | | | | |
| Oibríochtaí Iarnróid | 117,386 | – | 454 | 117,840 |
| Bonneagar | – | 75,093 | 1,523 | 76,616 |
| Gníomhaíochtaí eile | – | – | 359 | 359 |
| | **117,386** | **75,093** | **2,336** | **194,815** |
| **Foinsí** | | | | |
| Deontais stáit – OSP | 117,386 | – | – | 117,386 |
| Deontais stáit – conradh ilbhliantúil | – | 68,428 | – | 68,428 |
| Deontais stáit – clár infheistíochta caipitil | – | 1,368 | – | 1,368 |
| Deontais stáit – damáiste mar gheall ar dhrochaimsir | – | 5,297 | – | 5,297 |
| Deontais stáit – cúnamh teicniúil | – | – | 200 | 200 |
| Deontais stáit – eile | – | – | 2,136 | 2,136 |
| | **117,386** | **75,093** | **2,336** | **194,815** |

*(G) Glanbharrachas/(Glan-easnamh) de réir gníomhaíochta*

| | **Gnóthas Iarnróid** | **Bainisteoir Bonneagair** | **Lasta Iarnróid** | **Gníom-haíochtaí Tráchtála Eile** | **Idir** | **Iomlán** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** | | **€'000** |
| **2015** | | | | | | |
| Ioncam* | 195,640 | 62,466 | 4,882 | 13,808 | (42,860) | 233,936 |
| Costais* | (294,432) | (184,830) | (5,624) | (10,698) | 42,860 | (452,724) |
| Deontais stáit | 98,216 | 112,889 | – | – | | 211,105 |
| **(Easnamh)/ barrachas don bhliain** | **(576)** | **(9,475)** | **(742)** | **3,110** | **-** | **(7,683)** |
| **2014** | | | | | | |
| Ioncam | 188,395 | 63,290 | 5,107 | 13,793 | (53,052) | 217,533 |
| Costais | (322,554) | (129,887) | (6,925) | (13,021) | 53,052 | (419,335) |
| Deontais stáit | 117,840 | 76,616 | – | 359 | | 194,815 |
| **(Easnamh)/ barrachas don bhliain** | **(16,319)** | **10,019** | **(1,818)** | **1,131** | **-** | **(6,987)** |

*Áirítear leis an ioncam agus na costais muirir inmheánacha rochtana rianta dar luach €42.860m (2014: €53.052m).

**4 Clár Comhardaithe de réir Gnó**

*(A) Gnóthas Iarnróid*

| | 2015<br>€'000 | 2014<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | |
| Sócmhainní doláimhsithe | 869 | 1,181 |
| Sócmhainní inláimhsithe | 647,318 | 717,039 |
| | **648,187** | **718,220** |
| **Sócmhainní Reatha** | | |
| Stoic | 34,305 | 31,105 |
| Féichiúnaithe | 8,511 | 7,171 |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | 1,190 | 536 |
| | **44,006** | **38,812** |
| **Creidiúnaithe (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)** | | |
| Léas airgeadais | – | (2,344) |
| Gnó Idir IÉ | (33,288) | (49,432) |
| Ioncam iarchurtha | (84,692) | (84,635) |
| Creidiúnaithe eile | (44,183) | (36,893) |
| | **(162,163)** | **(173,304)** |
| **Glandliteanais Reatha** | **(118,157)** | **(134,492)** |
| **Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha** | **530,030** | **583,728** |
| Ioncam iarchurtha | (511,885) | (564,173) |
| Soláthairtí le haghaidh dliteanas agus muirear | (30,750) | (31,585) |
| **Glandliteanais** | **(12,605)** | **(12,030)** |

*(B) Bainisteoir Bonneagair Iarnróid*

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| **Sócmhainní Seasta** | | |
| Sócmhainní doláimhsithe | 956 | 996 |
| Sócmhainní inláimhsithe | 1,368,273 | 1,419,498 |
| | **1,369,229** | **1,420,494** |
| **Sócmhainní Reatha** | | |
| Stoic | 15,216 | 16,388 |
| Féichiúnaithe | 1,547 | 1,014 |
| | **16,763** | **17,402** |
| **Creidiúnaithe (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)** | | |
| Gnó Idir IÉ | (33,355) | (25,279) |
| Ioncam iarchurtha | (103,493) | (109,878) |
| Creidiúnaithe eile | (32,311) | (35,213) |
| | **(169,159)** | **(170,370)** |
| **Glandliteanais Reatha** | **(152,396)** | **(152,968)** |
| **Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha** | **1,216,833** | **1,267,526** |
| Ioncam iarchurtha | (1,205,706) | (1,246,264) |
| Soláthairtí le haghaidh dliteanas agus muirear | (29,797) | (30,456) |
| **Glandliteanais** | **(18,670)** | **(9,194)** |

*(C) Rannán lasta iarnróid*

| | 2015<br>€'000 | 2014<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | – | – |
| | **–** | **–** |
| **Sócmhainní Reatha** | | |
| Féichiúnaithe | 696 | 686 |
| | **696** | **686** |
| **Creidiúnaithe (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)** | | |
| Gnó Idir IÉ | (4,608) | (3,860) |
| Creidiúnaithe eile | (198) | (262) |
| | **(4,806)** | **(4,122)** |
| **Glandliteanais Reatha** | **(4,110)** | **(3,436)** |
| **Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha** | **(4,110)** | **(3,436)** |
| Soláthairtí le haghaidh dliteanas agus muirear | (86) | (18) |
| **Glandliteanais** | **(4,196)** | **(3,454)** |

*(D) Rannán Europort*

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| **Sócmhainní Seasta** | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | 33,946 | 34,814 |
| Sócmhainní airgeadais | – | 20 |
| | **33,946** | **34,834** |
| **Sócmhainní Reatha** | | |
| Féichiúnaithe | 1,255 | 1,491 |
| | **1,255** | **1,491** |
| **Creidiúnaithe (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)** | | |
| Gnó Idir IÉ | (19,672) | (22,845) |
| Ioncam iarchurtha | (310) | (310) |
| Creidiúnaithe eile | (661) | (625) |
| | **(20,643)** | **(23,780)** |
| **Glandliteanais Reatha** | **(19,388)** | **(22,289)** |
| **Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha** | **14,558** | **12,545** |
| Ioncam iarchurtha | (8,665) | (8,975) |
| Soláthairtí le haghaidh dliteanas agus muirear | (452) | (475) |
| **Glansócmhainní** | **5,441** | **3,095** |

*(E) Gníomhaíochtaí láir agus gníomhaíochtaí eile*

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| **Sócmhainní Seasta** | | |
| Sócmhainní doláimhsithe | – | 1,611 |
| Sócmhainní inláimhsithe | 397 | 388 |
| | **397** | **1,999** |
| **Sócmhainní Reatha** | | |
| Stoic | – | 39 |
| Féichiúnaithe | 8,803 | 1,913 |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | 342 | 315 |
| | **9,145** | **2,267** |
| **Creidiúnaithe (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)** | | |
| Rótharraingt | (1,361) | (664) |
| Gnó Idir IÉ | 90,923 | 101,416 |
| Creidiúnaithe eile | (15,355) | (16,651) |
| | **74,207** | **84,101** |
| **Glansócmhainní Reatha** | **83,352** | **86,368** |
| **Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha** | **83,749** | **88,367** |
| Creidiúnaithe: (méideanna atá dlite tar éis níos mó ná bliain amháin) | – | – |
| Soláthairtí le haghaidh dliteanas agus muirear | (9,722) | (15,104) |
| Ioncam iarchurtha | (17) | (17) |
| **Glansócmhainní** | **74,010** | **73,246** |

**5 Costais phárolla agus costais ghaolmhara**

*(i) Fostaithe*

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| **Costais foirne (gan costais athstruchtúraithe san áireamh)** | | |
| Pá agus tuarastail | 204,266 | 205,979 |
| Costais leasa shóisialaigh | 19,303 | 18,964 |
| Costais eile sochar scoir | 25,337 | 29,279 |
| **Ollchostais foirne** | **248,906** | **254,222** |
| Lúide: obair dhílis chaipitlithe | (15,491) | (20,042) |
| **Glanchostais foirne** | **233,415** | **234,180** |

*(ii) Luach saothair na stiúrthóirí*

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| – i leith seirbhísí i gcáil stiúrthóra | 75 | 85 |
| – i leith seirbhísí feidhmiúcháin | 79 | 73 |
| | **154** | **158** |
| | | |
| **Iomlán na dtuarastal agus na gcostas gaolmhar** | **233,569** | **234,338** |

As na costais iomlána i leith na foirne, tá €15.5m (2014: €20m) caipitlithe ina sócmhainní seasta inláimhsithe agus €233.4m (2014: €234.2m) á áireamh mar chostas sa chuntas brabúis agus caillteanais.

D'fhabhraigh sochair scoir chuig stiúrthóir amháin in 2015 agus 2014 faoi scéim sochair shainithe agus ba é an muirear don bhliain i leith ranníocaíochtaí na Cuideachta ná €3,019 (2014: €3,019).

Áirítear i gcostais phárolla agus costais bhainteacha an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin atá san áireamh thuas tuarastal comhlán €211,275 (2014: €218,137), ranníocaíocht pinsin fostóra 25% agus liúntas gluaisteáin €15,005 (2014: €15,005).

Ba iad seo a leanas na táillí a íocadh leis na stiúrthóirí nó is iníoctha leo as seirbhísí i gcáil stiúrthóirí:

| Stiúrthóir | 2015<br>€ | 2014<br>€ |
|---|---|---|
| An tUasal P. Gaffney | 20,520 | 21,060 |
| P. Golden Uasal | 11,970 | 12,285 |
| P. McGarry Uasal | – | 2,341 |
| An tUasal J. Nix | 6,983 | 12,285 |
| An tUasal F. Allen | 11,970 | 12,285 |
| An tUasal F. O'Mahony | 11,970 | 12,285 |
| T. McGee Uasal | 11,970 | 12,285 |
| **Iomlán** | **75,383** | **84,826** |

Íocadh na speansais seo a leanas leis na stiúrthóirí:

| | 2015<br>€ | 2014<br>€ |
|---|---|---|
| Cothabháil agus Cóiríocht | 2,490 | 1,034 |
| Eile | 200 | – |
| **Iomlán** | **2,690** | **1,034** |

***(iii) Cúiteamh Daoine Tábhachtacha den Lucht Bainistíochta***

Áirítear leis an bpríomhlucht bainistíochta na stiúrthóirí agus an lucht ardbhainistíochta. Léirítear thíos an cúiteamh a íocadh agus is iníoctha leis an bpríomhlucht bainistíochta as ucht seirbhísí fostaithe:

| | 2015<br>€ | 2014<br>€ |
|---|---|---|
| Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha eile | 1,747 | 1,752 |
| Sochair iarfhostaíochta | 262 | 244 |
| **Cúiteamh iomlán daoine tábhachtacha den lucht bainistíochta** | **2,009** | **1,996** |

**(iv) Baill foirne**

Seo a leanas meánlíon na ndaoine a bhí fostaithe i rith na bliana agus ag deireadh na bliana de réir gníomhaíochta:

| | Líon na mBall Foirne | | Líon na mBall Foirne | |
|---|---|---|---|---|
| | Meán 2015 | Meán 2014 | amhail an 31 Nollaig 2015 | amhail an 31 Nollaig 2014 |
| Oibríochtaí Iarnróid | 2,036 | 2,043 | 2,026 | 2,042 |
| Bonneagar | 1,584 | 1,561 | 1,600 | 1,579 |
| Seirbhísí Lárnacha | 92 | 82 | 91 | 82 |
| Lasta Iarnróid | 9 | 10 | 7 | 9 |
| Europort Ros Láir | 72 | 74 | 72 | 73 |
| **Iomlán** | **3,793** | **3,770** | **3,796** | **3,785** |

**6 Ábhair agus Seirbhísí**

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| Costais oibriúcháin agus costais eile | 136,690 | 99,057 |
| Breosla agus leictreachas | 37,413 | 35,024 |
| Éilimh um dhliteanas tríú páirtí agus dliteanas fostóirí | 3,122 | 4,000 |
| Rátaí | 1,755 | 1,740 |
| Léasanna oibriúcháin ar cíos | 2,954 | 3,415 |
| **Ábhair agus seirbhísí iomlána** | **181,934** | **143,236** |

**7 Costais oibriúcháin eisceachtúla**

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| *Athstruchtúrú* | | |
| Méideanna a íocadh le fostaithe agus is iníoctha leo | 2,111 | 1,586 |

Cuimsítear sna costais eisceachtúla méideanna a íocadh agus méideanna is iníoctha le fostaithe a éiríonn as tionscnaimh athstruchtúraithe i rith na bliana.

**8 Dímheas agus amúchadh (glan)**

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Amúchadh na sócmhainní seasta doláimhsithe (nóta 12) | 2,041 | 1,611 |
| Dímheas na sócmhainní seasta inláimhsithe (nóta 13) | 225,372 | 230,364 |
| Amúchadh na ndeontas caipitil (nóta 20) | (194,826) | (192,217) |
| **Dímheas agus amúchadh iomlán (glan)** | **32,587** | **39,758** |

**9 Ús iníoctha agus muirir dá shamhail**

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Ús iníoctha ar iasacht ón gCuideachta sealbhaíochta | 2,326 | 110 |
| Ús ar léasanna airgeadais | 36 | 296 |
| Ús iníoctha eile | 156 | 56 |
| | **2,518** | **462** |
| **Ús cionroinnte:-** | | |
| Gnóthas iarnróid | 1,450 | 241 |
| Costais an bhonneagair iarnróid | 964 | 159 |
| Lasta iarnróid | 35 | 6 |
| Oibríochtaí tráchtála | 69 | 56 |
| | **2,518** | **462** |

**10 Cáin**

*(a) Costas cánach san áireamh sa chuntas brabúis agus caillteanais*

| | 2015<br>€'000 | 2014<br>€'000 |
|---|---|---|
| Cáin reatha: | | |
| Cáin chorparáide na hÉireann ar an mbrabús don bhliain airgeadais | – | – |
| Coigeartú i ndáil le blianta airgeadais roimhe sin | – | – |
| Costas cánach reatha don bhliain airgeadais | – | – |
| Cáin iarchurtha: | | |
| Bunú agus aisiompú na ndifríochtaí uainiúcháin | – | – |
| Costas cánach iarchurtha don bhliain airgeadais | – | – |
| **Cáin ar an easnamh ar ghnáthghníomhaíochtaí** | **–** | **–** |

*(d) Réiteach an chostais cánach*

Ní hionann an cháin arna measúnú don bhliain airgeadais agus an cháin a cinneadh tríd an ráta caighdeánach cánach corparáide i bPoblacht na hÉireann a chur i bhfeidhm ar an easnamh don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2015, is é sin 12.5% (2014: 12.5%). Mínítear na difríochtaí anseo thíos:

| | 2015<br>€'000 | 2014<br>€'000 |
|---|---|---|
| Easnamh ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin | (7,683) | (6,986) |
| Easnamh méadaithe faoin ráta cánach caighdeánach i bPoblacht na hÉireann, is é sin 12.5% (2014: 12.5%) | (960) | (873) |
| Éifeachtaí de bharr: | | |
| – Ioncam nach bhfuil faoi réir cánach | (50,924) | (48,379) |
| – Ioncam atá faoi réir ráta cánach níos airde | 2,148 | 1,385 |
| – Speansais nach bhfuil asbhainteach chun críocha cánach | 1,482 | 721 |
| – Dímheas sa bhreis ar liúntais chaipitiúla | 21,375 | 21,573 |
| – Caillteanais chánach neamhfhaoisimh a tugadh ar aghaidh, nár aithníodh | 25,278 | 25,142 |
| – Caillteanais a géilleadh don ghnóthas grúpa | 1,153 | 499 |
| – Difríochtaí eile | 448 | (68) |
| **Cáin ar an easnamh ar ghnáthghníomhaíochtaí** | **–** | **–** |

*Cánachas iarchurtha*

Níor aithníodh sócmhainn cánach iarchurtha féideartha €546m (2014: €524m) maidir le caillteanais charntha arna dtabhairt ar aghaidh, mar go bhfuil an aisghabháil sa todhchaí i gcoinne brabúis inchánacha éiginnte.

## 11 Deontais Rialtais

Na deontais is iníoctha leis an gCuideachta trí Chóras Iompair Éireann, tá siad i gcomhréir leis na Rialacháin AE ábhartha lena rialaítear cúnamh Stáit do ghnóthais iompair.

Léirítear sa tábla thíos sonraí deontas Rialtais ar fiú €308.2 milliún iad a fuarthas in 2015, agus sonraítear an fhoráil ábhartha de na rialacháin AE. Ní choinníonn an Chuideachta faoina húinéireacht ach sócmhainní talún agus foirgnimh is lú ná €0.2 milliún; aistrítear gach sócmhainn talún agus foirgnimh eile chuig Cuideachta Sealbhaíochta CIÉ, lena n-áirítear aon deontais ghaolmhara arna bhfáil. Aistríodh deontais €0.3 milliún a fuarthas i leith foirgneamh aistríodh chuig Cuideachta Sealbhaíochta CIÉ in 2015.

Sna méideanna arna nochtadh faoi Rialachán Uimhir 1192/69, déantar anailís ar an sciar den deontas Oibleagáide Seirbhíse Poiblí a fuarthas i gcumhdach costas arna dtabhú mar thoradh ar ghníomhaíochtaí na nOibríochtaí Iarnróid. Baineann Rialachán Uimhir 1192/69 le rialacha an chomhbheartais iompair i leith normalú cuntas gnóthas iarnróid agus comhchuibhiú forálacha áirithe a dhéanann difear den iomaíocht san iompar d'iarnród, de bhóthar agus ar uiscebhealaí intíre.

Sna méideanna arna nochtadh faoi Rialachán Uimhir 1370/2007, déantar anailís ar an Oibleagáid Seirbhíse Poiblí a aithníodh sa bhliain sa chuntas brabúis agus caillteanais. Sa rialachán um sheirbhísí poiblí iompair paisinéirí d'iarnród agus de bhóthar, sainítear na dálaí inar féidir leis na húdaráis inniúla idirghabháil a dhéanamh i réimse an iompair phoiblí paisinéirí chun a rathú go soláthrófar seirbhís lena ngabhann leas geilleagrach i gcoitinne agus chun seirbhísí iompair paisinéirí atá sábháilte, éifeachtúil, tarraingteach agus ar ardchaighdeán a rathú.

| **Oibleagáid Seirbhíse Poiblí** | **Uimhir an Rialacháin AE** | | |
|---|---|---|---|
| | **1192/69 Costais** | **1370/2007 (ioncam)** | **2015 Iomlán** |
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| **A bhaineann le hioncam** | **–** | **73,724** | **73,724** |
| **A bhaineann le caiteachas** | | | |
| **Iarnród príomhlíne** | | | |
| Normalú na gcuntas | | | |
| – Aicme III (pinsin) | 18,429 | – | 18,429 |
| – Aicme IV (crosairí comhréidhe) | 2,586 | – | 2,586 |
| **Fo-iomlán – Iarnród Príomhlíne** | **21,015** | **–** | **21,015** |
| **Iarnród fo-uirbeach** | | | |
| Normalú na gcuntas | | | |
| – Aicme III (pinsin) | 3,197 | – | 3,197 |
| – Aicme IV (crosairí comhréidhe) | 225 | – | 225 |
| **Fo-iomlán – Seirbhísí fo-uirbeacha** | **3,422** | **–** | **3,422** |
| **Fo-iomlán – A bhaineann le caiteachas** | **24,437** | | **24,437** |
| **Iomlán** | **24,437** | **73,724** | **98,161** |

| | €'000 | €'000 | 2015 Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|
| Oibleagáid Seirbhíse Poiblí Iomlán | | | 98,161 |
| Deontas Stáit i leith Bonneagair agus Infheistíocht Chaipitiúil 2012-2016 Creat Státchiste Meántéarmach | | | 210,014 |
| **Iomlán na ndeontas Stát a fuarthas** | | | **308,175** |
| **Cuireadh an cistiú iomlán a fuarthas i bhfeidhm mar seo a leanas:** | | | |
| **Cuntas brabúis agus caillteanais** | | | |
| **– Oibleagáid Seirbhíse Poiblí** | | | 98,161 |
| – Conradh Ilbhliantúil Bainisteora Bonneagair (Ioncam) | 112,889 | | |
| – Cistiú eile ón Stát | – | | |
| – Cúnamh Teicniúil | 55 | 112,944 | |
| **Clár Comhardaithe** | | | |
| Conradh Ilbhliantúil Bainisteora Bonneagair (Caipiteal) | 31,393 | | |
| Deontais Chaipitil Iarchurtha | 65,395 | | |
| Aistrithe chuig CIÉ | 282 | 97,070 | |
| **Deontas Stáit i leith Bonneagair agus Infheistíocht Chaipitiúil 2012-2016 Creat Státchiste Meántéarmach** | | | **210,014** |
| **Iomlán na ndeontas Stát a fuarthas** | | | **308,175** |

Níl aon choinníollacha neamh-chomhlíonta ná teagmhais eile ag gabháil le deontais a aithníodh mar ioncam.

| Oibleagáid Seirbhíse Poiblí | Uimhir an Rialacháin AE | | |
|---|---|---|---|
| | 1192/69 Costais | 1370/2007 (ioncam) | 2014 Iomlán |
| | €'000 | €'000 | €'000 |
| **A bhaineann le hioncam** | **–** | **88,926** | **88,926** |
| **A bhaineann le caiteachas** | | | |
| **Iarnród príomhlíne** | | | |
| Normalú na gcuntas | | | |
| – Aicme III (pinsin) | 21,828 | – | 21,828 |
| – Aicme IV (crosairí comhréidhe) | 2,696 | – | 2,696 |
| **Fo-iomlán – Iarnród Príomhlíne** | **24,524** | **–** | **24,524** |
| **Iarnród fo-uirbeach** | | | |
| Normalú na gcuntas | | | |
| – Aicme III (pinsin) | 3,702 | | 3,702 |
| – Aicme IV (crosairí comhréidhe) | 234 | | 234 |
| **Fo-iomlán – Seirbhísí fo-uirbeacha** | **3,936** | **–** | **3,936** |
| **Fo-iomlán – A bhaineann le caiteachas** | **28,460** | | **28,460** |
| **Iomlán** | **28,460** | **88,926** | **117,386** |

| | | | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 |
| Oibleagáid Seirbhíse Poiblí Iomlán | | | 117,386 |
| Deontas Stáit i leith Bonneagair agus Infheistíocht Chaipitiúil 2012-2016 Creat Státchiste Meántéarmach | | | 212,244 |
| **Iomlán na ndeontas Stát a fuarthas** | | | **329,630** |
| **Cuireadh an cistiú iomlán a fuarthas i bhfeidhm mar seo a leanas:** | | | |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | | | |
| **– Oibleagáid Seirbhíse Poiblí** | | | **117,386** |
| – Conradh Ilbhliantúil Bainisteora Bonneagair (Ioncam) | 75,093 | | |
| – Cistiú eile ón Stát | 2,136 | | |
| – Cúnamh Teicniúil | 200 | 77,429 | |
| | | | |
| **Clár Comhardaithe** | | | |
| Conradh Ilbhliantúil Bainisteora Bonneagair (Caipiteal) | 51,812 | | |
| Deontais Chaipitil Iarchurtha | 81,350 | | |
| Aistrithe chuig CIÉ | 1,653 | 134,815 | |
| **Deontas Stáit i leith Bonneagair agus Infheistíocht Chaipitiúil 2012-2016 Creat Státchiste Meántéarmach** | | | **212,244** |
| **Iomlán na ndeontas Stát a fuarthas** | | | **329,630** |

Níl aon choinníollacha neamh-chomhlíonta ná teagmhais eile ag gabháil le deontais a aithníodh mar ioncam.

**12 Sócmhainní seasta doláimhsithe**

| | An 1 Eanair 2015 €'000 | Breiseanna €'000 | An 31 Nollaig 2015 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Costas** | | | |
| Bogearraí ríomhaire | 24,769 | 78 | 24,847 |
| **Amúchadh** | | | |
| Bogearraí ríomhaire | 20,981 | 2,041 | 23,022 |
| **Glanluach de réir na Leabhar amhail an 31 Nollaig 2015** | | | **1,825** |

| | An 1 Eanair 2014 €'000 | Breiseanna €'000 | An 31 Nollaig 2014 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Costas** | | | |
| Bogearraí ríomhaire | 23,234 | 1,535 | 24,769 |
| **Amúchadh** | | | |
| Bogearraí ríomhaire | 19,370 | 1,611 | 20,981 |
| **Glanluach de réir na Leabhar amhail an 31 Nollaig 2014** | | | **3,788** |

**13 Sócmhainní seasta inláimhsithe**

| | An 1 Eanair 2015 | Athaicmiú | Breiseanna | Diúscairt Dramhth-realaimh | An 31 Nollaig 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Costas** | | | | | |
| Línte agus oibreacha iarnróid | 2,156,760 | - | 35,127 | (15,452) | 2,176,435 |
| Sócmhainní atá á dtógáil | 2,760 | - | 2,696 | – | 5,456 |
| Rothstoc iarnróid | 1,482,942 | 52 | 33,658 | (107,488) | 1,409,164 |
| Feithiclí lasta bóthair | 2,893 | - | - | – | 2,893 |
| Gléasra agus innealra | 492,013 | (52) | 16,282 | – | 508,243 |
| Comharthaíocht | 603,087 | - | 13,963 | – | 617,050 |
| Dugaí, cuanta agus céanna | 56,486 | - | 482 | – | 56,968 |
| Trealamh lónadóireachta | 926 | - | - | – | 926 |
| Talamh agus Foirgnimh | 6,015 | - | 2,837 | – | 8,852 |
| **Iomlán** | **4,803,882** | **-** | **105,045** | **(122,940)** | **4,785,987** |
| | | | | | |
| **Dímheas** | | | | | |
| Línte agus oibreacha iarnróid | 1,193,320 | - | 84,300 | (13,974) | 1,263,646 |
| Sócmhainní atá á dtógáil | - | - | - | – | – |
| Rothstoc iarnróid | 839,149 | (61) | 87,455 | (107,488) | 819,055 |
| Feithiclí lasta bóthair | 2,893 | - | - | – | 2,893 |
| Gléasra agus innealra | 332,577 | 61 | 32,952 | – | 365,590 |
| Comharthaíocht | 239,204 | - | 19,095 | – | 258,299 |
| Dugaí, cuanta agus céanna | 22,829 | - | 1,350 | – | 24,179 |
| Trealamh lónadóireachta | 926 | - | - | – | 926 |
| Talamh agus Foirgnimh | 1,246 | - | 220 | – | 1,466 |
| **Iomlán** | **2,632,144** | **-** | **225,372** | **(121,462)** | **2,736,054** |

| | An 1 Eanair 2014 | Athaicmiú | Breiseanna | Diúscairt Dramhth-realaimh | An 31 Nollaig 2014 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Costas** | | | | | |
| Línte agus oibreacha iarnróid | 2,099,283 | - | 57,477 | – | 2,156,760 |
| Sócmhainní atá á dtógáil | 839 | - | 1,921 | – | 2,760 |
| Rothstoc iarnróid | 1,458,624 | - | 34,738 | (10,420) | 1,482,942 |
| Feithiclí lasta bóthair | 2,893 | - | - | – | 2,893 |
| Gléasra agus innealra | 475,808 | - | 16,205 | – | 492,013 |
| Comharthaíocht | 594,481 | - | 8,606 | – | 603,087 |
| Dugaí, cuanta agus céanna | 56,452 | - | 34 | – | 56,486 |
| Trealamh lónadóireachta | 926 | - | - | – | 926 |
| Talamh agus Foirgnimh | 4,092 | - | 1,923 | – | 6,015 |
| **Iomlán** | **4,693,398** | **-** | **120,904** | **(10,420)** | **4,803,882** |
| | | | | | |
| **Dímheas** | | | | | |
| Línte agus oibreacha iarnróid | 1,112,448 | - | 80,872 | – | 1,193,320 |
| Sócmhainní atá á dtógáil | - | - | - | – | – |
| Rothstoc iarnróid | 752,734 | - | 95,743 | (9,328) | 839,149 |
| Feithiclí lasta bóthair | 2,893 | - | - | – | 2,893 |
| Gléasra agus innealra | 298,432 | - | 34,145 | – | 332,577 |
| Comharthaíocht | 221,098 | - | 18,106 | – | 239,204 |
| Dugaí, cuanta agus céanna | 21,445 | - | 1,384 | – | 22,829 |
| Trealamh lónadóireachta | 926 | - | - | – | 926 |
| Talamh agus Foirgnimh | 1,132 | - | 114 | – | 1,246 |
| **Iomlán** | **2,411,108** | **-** | **230,364** | **(9,328)** | **2,632,144** |

| | An 1 Eanair 2015 €'000 | An 31 Nollaig 2015 €'000 |
|---|---|---|
| **Glanmhéideanna de réir na Leabhar** | | |
| Línte agus oibreacha iarnróid | 912,789 | 963,440 |
| Sócmhainní atá á dtógáil | 5,456 | 2,760 |
| Rothstoc iarnróid | 590,109 | 643,793 |
| Feithiclí lasta bóthair | – | – |
| Gléasra agus innealra | 142,653 | 159,436 |
| Comharthaíocht | 358,751 | 363,883 |
| Dugaí, cuanta agus céanna | 32,789 | 33,657 |
| Trealamh lónadóireachta | – | – |
| Talamh agus Foirgnimh | 7,386 | 4,769 |
| **Iomlán** | **2,049,933** | **2,171,738** |

Is é seo an chéad bhliain inar chuir an Chuideachta i láthair a cuid ráiteas airgeadais i gcomhlíonadh FRS 102. Rinneadh na sócmhainní seasta inláimhsithe a athlua chun cloí le ceanglais FRS 102.

**14 Sócmhainní airgeadais**

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| **Scaireanna liostaithe** | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir | 63 | 63 |
| Soláthar in aghaidh laghdú buan ar an luach amhail an 31 Nollaig | – | (43) |
| Diúscairt | (63) | |
| **Glanluach de réir na leabhar amhail an 31 Nollaig** | **–** | **20** |

**15 Stoc**

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| Rothstoc, páirteanna spártha agus ábhair chothabhála | 22,565 | 22,481 |
| Stoc bonneagair | 15,190 | 16,319 |
| Breosla, bealaí agus stoic éagsúla eile | 11,767 | 8,732 |
| **Iomlán** | **49,522** | **47,532** |
| **Stoic a úsáideadh le linn na tréimhse tuairiscithe** | | |
| Ábhair | 46,938 | 46,588 |
| Breosla | 34,222 | 31,940 |
| **Iomlán** | **81,160** | **78,528** |

Áirítear sna méideanna atá ar áireamh sa stoc páirteanna agus comhpháirteanna nach mór a bheith ar seilbh chun freastal ar riachtanais oibriúcháin fhadtéarmacha.

Níl aon difríocht shuntasach idir costas athsholáthair na stoc agus a suim ghlanluacha.

Aithníodh caillteanas bearnaithe €19,000 (2014: sochar €168,000) sa chuntas brabúis agus caillteanais i leith stoc críon nó stoc a bhfuil damáiste déanta dó.

**16 Féichiúnaithe**

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe trádála | 10,343 | 9,922 |
| Méideanna atá dlite ón máthairghnóthas | 7,587 | – |
| Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe | 2,883 | 2,354 |
| **Iomlán** | **20,813** | **12,276** |

Tá na féichiúnaithe trádála luaite i ndiaidh soláthar €0.4m (2014: €0.7m) maidir le lagú.

Tá na méideanna atá dlite ón máthairghnóthas neamhurraithe agus saor ó ús, níl aon dáta aisíocaíochta socraithe ina leith agus tá siad iníoctha ar éileamh.

Aithníonn na stiúrthóirí gurb amhlaidh, cé go bhfuil na méideanna atá dlite ón máthairghnóthas iníoctha ar éileamh, nach bhfuil sé i gceist ag an gcuideachta aisíoc na méideanna atá dlite a éileamh cuíosach luath amach anseo.

**17 Méideanna atá dlite ó chreidiúnaithe laistigh de bhliain amháin**

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| **Creidiúnaithe** (Suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin) | | |
| Rótharraingt bhainc | 171 | 128 |
| Creidiúnaithe trádála | 33,685 | 32,215 |
| Léasanna airgeadais (nóta 18) | – | 2,344 |
| Cáin ioncaim asbhainte faoi ÍMAT | 3,883 | 3,366 |
| Árachas sóisialta pá-choibhneasa | 2,948 | 2,492 |
| Muirear sóisialta uilíoch | 1,226 | 1,103 |
| Cáin bhreisluacha | 4,017 | 2,008 |
| Cáin shiarchoinneálach | 556 | 479 |
| Méideanna atá dlite don mháthairghnóthas | – | 4,722 |
| Creidiúnaithe eile | 29,746 | 25,444 |
| Fabhruithe | 17,116 | 21,016 |
| Ioncam iarchurtha (nóta 20) | 188,497 | 194,824 |
| | **281,845** | **290,141** |
| **Creidiúnaithe i leith cánachais agus árachas sóisialta áirithe anseo thuas** | **12,630** | **9,448** |

Tá creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile iníoctha ag dátaí éagsúla sna trí mhí tar éis dheireadh na bliana airgeadais de réir ghnáth-théarmaí creidmheasa na gcreidiúnaithe.

Tá na méideanna atá dlite do ghnóthais ghrúpa neamhurraithe, saor ó ús, níl aon dáta aisíocaíochta socraithe ina leith agus tá siad iníoctha ar éileamh.

Tá creidiúnaithe i leith cánach agus árachas sóisialta iníoctha sa chreat ama atá leagtha síos sa reachtaíocht ábhartha.

**18 Oibleagáidí Léasa**

*(a) Léasanna airgeadais*

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| Seo a leanas na híocaíochtaí léasa íosta amach anseo: | | |
| Tráth nach mó ná bliain amháin | – | 2,344 |
| **Iomlán** | **–** | **2,344** |

*(b) Léasanna oibriúcháin*

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| Feithiclí bóthair | | |
| Ag deireadh na bliana airgeadais, ba iad na híocaíochtaí léasa íosta todhchaí faoi léasanna oibríochta nach féidir a chealú: | | |
| Laistigh d'aon bhliain amháin | 655 | 1,382 |
| Idir bliain amháin agus cúig bliana | 1,008 | 910 |
| **Iomlán** | **1,663** | **2,292** |

**19 Soláthairtí in aghaidh Dliteanas**

| | Soláthar i dtaobh Athstruchtúrú €'000 | Éilimh um Dhliteanas Tríú Páirtí agus Dliteanas Fostóirí €'000 | Soláthairtí Eile €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2014 | 6,200 | 44,576 | 18,093 | 68,869 |
| Úsáidte i rith na bliana airgeadais | (2,069) | (3,884) | – | (5,953) |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | 1,566 | 4,000 | 5,953 | 11,519 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2014** | **5,697** | **44,692** | **24,046** | **74,435** |
| | | | | |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2015 | 5,697 | 44,692 | 24,046 | 74,435 |
| Úsáidte i rith na bliana airgeadais | (4,529) | (2,714) | (2,465) | (9,708) |
| Cuntas brabúis agus caillteanais | 2,076 | 3,122 | 413 | 5,611 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2015** | **3,244** | **45,100** | **21,994** | **70,338** |

**Soláthar i dtaobh Athstruchtúrú**

Baineann an soláthar athstruchtúraithe le cur chun feidhme leanúnach na dtionscnamh sábhála costais; meastar go n-úsáidfear an soláthar sin faoi 2017.

**Soláthar eile**

Amhail an 31 Nollaig 2015 bhí €22m (2014: €24m) luaite le soláthairtí eile, bhain soláthar €5.0m (2014: €5.6m) le díospóidí nach raibh réitithe le tríú páirtí, bhain soláthar €3.7m (2014: €2.9m) le héilimh dlí, bhain soláthar €12.6m (2014: €13.8m) le costais sochair iar-scoir agus bhain soláthar €0.7m (2014: €1.7m) le díospóidí pá eile.

**Éilimh um dhliteanas tríú páirtí agus dliteanas fostóirí**

Déantar aon chaillteanais nach bhfuil cumhdaithe ag árachas seachtrach a chur de mhuirear an chuntais brabúis agus caillteanais, agus áirítear méideanna gan íoc sna soláthairtí in aghaidh dliteanas agus muirear.

Léiríonn na soláthairtí atá taifeadta meastachán is fearr na stiúrthóirí ar an gcaiteachas a bheidh de dhíth chun na hoibleagáidí a ghlanadh, agus comhairle dlí san áireamh.

Fágann cineál na n-éileamh go bhfuil éiginnteacht éigin i gceist maidir le luach socraíochta. Murab ionann torthaí na n-éileamh agus na toimhdí is bonn le meastacháin is fearr na stiúrthóirí, d'fhéadfadh dliteanas breise a bheith i gceist.

**(a) Cumhdach árachais seachtrach**

Seo a leanas an cumhdach seachtrach atá ag CIÉ, thar ceann na Cuideachta:

**Iarnród Éireann**

(i) Dliteanas Tríú Páirtí os cionn barrachais:

(a) €5,000,000 ar aon tarlú amháin nó aon sraith tarluithe a eascraíonn as aon teagmhas iompair iarnróid amháin; agus

(b) €1,500,000 ar aon tarlú amháin nó aon sraith tarluithe a eascraíonn as aon teagmhas iompair bóthair amháin, ach amháin i gcás caingne atá faoi réir ag dlínse Stát Aontaithe Mheiriceá áit arb ionann an barrachas agus US$3,300,000.

(ii) Dliteanas Tríú Páirtí os cionn €250,000 maidir le haon tarlú amháin, nó aon sraith tarluithe, ag eascairt as teagmhais rioscaí eile, seachas:

(a) damáiste de bharr tuile, agus is é €2,000,000 an barrachas sa chás sin;

(b) Bóthar Osraí, agus is é €1,000,000 an barrachas i leith gach uile tharlú sa chás sin; agus

(c) éileamh ar bith faoi réir dhlínse na Stát Aontaithe, agus is é US$150,000 an barrachas sa chás sin.

(iii) Ina theannta sin, tá clúdach comhiomlán de bhreis ar choinneáil fhéin-árachaithe ag an gCuideachta i leith gach tréimhse dhá mhí dhéag. An dliteanas comhiomlán tríú páirtí sa tréimhse idir Aibreán 2015 agus Márta 2016, i leith dliteanais tríú páirtí i leith iompar d'iarnród agus iompar de bhóthar de bhreis ar choinneáil fhéin-árachaithe €11 mhilliún, faoi réir coinneáil fhéin-árachaithe fhoriomlán bhliantúil €27,000,000 don Ghrúpa, agus ina dhiaidh sin beidh aon choinneáil fhéin-árachaithe ar leith sa tréimhse sin cothrom le €50,000.

(iv) Grúpárachas Dliteanais Chónasctha, faoi réir slánaíocht fhoriomlán €200,000,000 don tréimhse dhá mhí dhéag idir Aibreán 2014 agus Márta 2015, i leith dliteanais Tríú Páirtí agus Rioscaí Eile i ndáil le hiompar d'iarnród agus iompar de bhóthar, gan dliteanas Sceimhlitheoireachta san áireamh.

(v) Gach Riosca, lena n-áirítear damáiste stoirme, le slánaíocht €200,000,000 i ndáil le maoin an Ghrúpa os cionn €1,000,000 ar aon chailliúint amháin nó sraith cailliúintí, faoi réir barrachas bliantúil nach mó é ná €5,000,000 sa chomhiomlán, agus ina dhiaidh sin beidh aon bharrachas féin-árachaithe ar leith sa tréimhse bliana sin cothrom le €100,000.

(vi) Is ionann an clúdach slánaíochta um dhamáiste sceimhlitheoireachta don Ghrúpa agus €200,000,000 le barrachas €10,000,000 maidir le gach uile chaillteanas ach amháin i gcás rothstoc iarnróid agus rothstoc bóthair agus é faoi bhealach, áit arb ionann an barrachas agus €500,000 maidir le gach uile chaillteanas in Éirinn nó i dTuaisceart Éireann agus €250,000 maidir le gach uile chaillteanas sa Ríocht Aontaithe (gan Tuaisceart Éireann san áireamh).

**Iarnród Éireann – Ros Láir**

(i) Tá an clúdach seachtrach seo a leanas ag Iarnród Éireann i ndáil lena chuid oibríochtaí ag Europort Ros Láir:

(ii) Clúdach Mara €12,500,000 maidir le Dliteanas Tríú Páirtí ar aon teagmhas amháin ar bith, faoi réir barrachais €150,000 in aghaidh gach teagmhais.

(iii) Clúdach €5,000,000 chun Raic a Thabhairt chun Bealaigh i ndáil le haon teagmhas amháin ar bith, faoi réir barrachais €12,500 ar aon teagmhas amháin agus 3 lá barrachais i ndáil le héilimh i dtaobh Caillteanas Ioncaim a bhaineann le haon teagmhas amháin.

(iv) Clúdach €25,500 i dtaobh Caillteanas Ioncaim in aghaidh an lae ar feadh uasmhéid 30 lá i gcás aon teagmhais amháin ar bith, faoi réir barrachais seacht lá i leith aon teagmhais amháin.

(v) Clúdach um Thuairt Mhuirí do struchtúir mhionsonraithe ar fiú €28,400,000 san iomlán iad, faoi réir barrachais €25,000 i leith gach uile chaillteanais.

(vi) Clúdach Mara €25,600,000 maidir le Dliteanas Tríú Páirtí ar aon teagmhas amháin ar bith, faoi réir barrachais €12,500,000 i leith aon teagmhais amháin ar bith.

(vii) Clúdach do Leantóirí Neamhthionlactha ar fiú €5,000,000 é d'aon suíomh amháin, faoi réir barrachais €25,000 i leith gach uile chaillteanais.

(viii) Clúdach do mhótarfheithiclí neamhthionlactha ar fiú €635,000 é maidir le haon soitheach nó gléas iompair, €4,450,000 maidir le haon teagmhas amháin ar bith, agus €127,500 maidir le haon fheithicil amháin, faoi réir barrachais €625 i leith gach uile chaillteanais.

(ix) Feithiclí innealghluaiste gan tionlacan nach le CIÉ/Iarnród Éireann iad agus atá á dtiomáint ag pearsanra Iarnród Éireann laistigh den limistéar Europort, faoi réir teorann €2,600,000 ar dhamáiste do mhaoin tríú páirtí i gcás feithiclí tráchtála agus faoi réir teorann €30,000,000 i gcás carranna príobháideacha.

Tá socruithe árachais den chineál céanna i bhfeidhm i ndáil le blianta roimhe sin.

**(b) Soláthairtí maidir le hÉilimh Dliteanais Tríú Páirtí agus Dliteanais Fostóra agus Gnóthachain Ghaolmhara**

Déantar soláthar ag deireadh na bliana do chostas measta na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil íoctha ar dháta an chláir comhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil tuairiscithe (IBNR) don Chuideachta fós.

Áirítear i gcostas measta na n-éileamh na costais a thabhófar agus éilimh á réiteach. Glacann an Chuideachta gach céim réasúnach lena chinntiú go bhfuil an fhaisnéis chuí aici maidir lena neamhchosaint ar éilimh. Mar sin féin, mar gheall ar an neamhchinnteacht maidir le soláthairtí a bhunú in aghaidh éileamh, is dócha go mbeidh an toradh deiridh difriúil ón dliteanas bunaidh a cinneadh.

Agus costas measta na n-éileamh neamhíoctha á ríomh, úsáideann an Chuideachta teicnící éagsúla meastacháin, lena n-áirítear anailís staitistiúil ar thaithí stairiúil, modh anailíse a ghlacann leis go mbeidh patrún forbartha na n-éileamh reatha ag teacht leis an taithí a bhí ann roimhe seo. Cuirtear san áireamh, áfach, aon athruithe nó neamhchinnteachtaí a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le saobhadh na staitisticí bunúsacha, agus athruithe nó neamhchinnteachtaí a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le costas na n-éileamh gan íoc a mhéadú nó a laghdú i gcomparáid le costas na n-éileamh a íocadh roimhe seo. Samplaí díobh sin is ea athruithe ar phróisis Chuideachta a d'fhéadfadh dlús a chur faoi fhorbairt agus/nó taifeadadh éileamh arna n-íoc nó arna dtabhú, nó moill a chur orthu, athruithe ar an timpeallacht dlí, éifeacht an bhoilscithe, athruithe ar mheascán na n-éileamh agus an tionchar a bheadh ag caillteanais mhóra.

Agus costas na n-éileamh atá fógartha ach nach bhfuil íoctha á mheas, bíonn aird ag an gCuideachta ar imthosca timpistí arna gcruthú ag imscrúduithe, ar aon fhaisnéis a bhíonn ar fáil ó shaineolaithe dlí nó ó shaineolaithe eile agus ar fhaisnéis maidir le fasaigh sa chúirt ar dhliteanais le tréithe comhchosúla i dtréimhsí roimhe sin. Déantar timpistí a bhíonn thar a bheith tromchúiseach a mheas ar leithligh ó na meáin a léiríonn an tsamhail achtúireach.

Bíonn meastachán éilimh IBNR faoi réir ag níos mó neamhchinnteachta ná an dliteanas measta i gcás éileamh a cuireadh in iúl cheana don Chuideachta, mar gheall ar an easpa faisnéise faoi theagmhas an éilimh, ach amháin sna cásanna sin inar glaodh imscrúdaitheoirí go dtí láithreacha na dtimpistí. Is iondúil, i gcás cineálacha éileamh a bhfuil críoch forbartha níos faide ag baint leo agus ina bhfuil an cion IBNR den chúlchiste iomlán ard dá réir, go léirítear éagsúlachtaí níos mó ina leith idir na meastacháin bhunaidh agus na torthaí deiridh mar gheall ar ghéire na deacrachta a bhaineann leis na cúlchistí sin a mheas.

Déantar soláthairtí i leith éileamh a ríomh mar mhéid comhlán gan aisghabháil athárachais ar bith san áireamh. Aithnítear aisghabhálacha athárachais sa chás inar féidir a leithéid d'aisghabhálacha a mheas go réasúnach. Glactar leis go mbíonn aisghabhálacha athárachais i ndáil le héilimh mheasta IBNR ag teacht leis an bpatrún stairiúil i dtaobh aisghabhálacha den sórt sin, arna gcoigeartú chun athruithe ar chineál agus méid chlár athárachais na Cuideachta in imeacht ama a léiriú.

Chomh maith leis sin, déantar aisghabhálacht an athárachais a mheas ag féachaint d'fhógra a bheith faighte ó bhróicéirí na Cuideachta maidir le haon athárachóirí a bhfuil caillteanas luaite leo.

**20 Ioncam Iarchurtha**

Áirítear sa chuntas seo, ina gcuimsítear deontais neamh-inaisíoctha ón Stát agus ón Aontas Eorpach agus ioncam iarchurtha eile a chuirfear chun sochair an chuntais brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna ar a ndéanfar na sócmhainní seasta gaolmhara a dhímheas (beartas cuntasaíochta L), iad seo a leanas:-

| | An 1 Eanáir 2015 | Aistrithe agus diúscairtí | Faighte agus infhála | Cuntas Brabúis agus Caillteanais | An 31 Nollaig 2015 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Deontais Chaipitil** | | | | | |
| Talamh agus foirgnimh | 1,277 | – | 133 | (52) | 1,358 |
| Sócmhainní atá á dtógáil | 2,453 | – | 2,573 | – | 5,026 |
| Línte agus oibreacha iarnróid | 951,217 | (1,446) | 38,182 | (82,790) | 905,163 |
| Rothstoc iarnróid | 583,163 | – | 28,719 | (67,363) | 544,519 |
| Gléasra agus innealra | 139,562 | – | 13,899 | (27,864) | 125,597 |
| Comharthaíocht | 327,295 | – | 13,282 | (16,447) | 324,130 |
| Dugaí, cuanta agus céanna | 9,286 | – | – | (310) | 8,976 |
| **Iomlán** | **2,014,253** | **(1,446)** | **96,788** | **(194,826)** | **1,914,769** |

| | An 1 Eanáir 2014 | Aistrithe agus diúscairtí | Faighte agus infhála | Cuntas Brabúis agus Caillteanais | An 31 Nollaig 2014 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Deontais Chaipitil** | | | | | |
| Talamh agus foirgnimh | 1,163 | – | 168 | (54) | 1,277 |
| Sócmhainní atá á dtógáil | 613 | – | 1,840 | – | 2,453 |
| Línte agus oibreacha iarnróid | 970,918 | – | 60,700 | (80,401) | 951,217 |
| Rothstoc iarnróid | 604,534 | – | 45,030 | (66,401) | 583,163 |
| Gléasra agus innealra | 151,799 | – | 17,103 | (29,340) | 139,562 |
| Comharthaíocht | 334,685 | – | 8,321 | (15,711) | 327,295 |
| Dugaí, cuanta agus céanna | 9,596 | – | – | (310) | 9,286 |
| **Iomlán** | **2,073,308** | **–** | **133,162** | **(192,217)** | **2,014,253** |

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| **Ioncam Iarchurtha** | | |
| – méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin | 188,497 | 194,824 |
| – méideanna atá dlite tar éis níos mó ná bliain amháin | 1,726,272 | 1,819,429 |
| | **1,914,769** | **2,014,253** |

## 21 Scairchaipiteal agus cúlchistí

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| **Údaraithe:** | | |
| Gnáthscaireanna de €1.27 an ceann | 194,270 | 194,270 |
| **Leithroinnte, glaoite agus láníoctha – curtha i láthair mar chothromas** | | |
| Amhail an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig, Gnáthscaireanna de €1.27 an ceann | 194,270 | 194,270 |

Tá aicme amháin scaireanna cothromais ann. Níl srian ar bith ar dháileadh díbhinní agus ar aisíoc an chaipitil. Baineann na cearta vótála céanna le gach scair agus an aicme chéanna i dtaobh díbhinní, a mhéid a bhfuil an méid iomlán ar gach scair íoctha.

## 22 Nótaí leis an ráiteas um shreabhadh airgid

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| Easnamh don bhliain roimh ús agus cánach | (5,165) | (6,525) |
| Caillteanas/(brabús) ar dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe | 5 | (45) |
| Dímheas ar shócmhainní seasta inláimhsithe | 225,372 | 230,364 |
| Amúchadh i leith sócmhainní seasta doláimhsithe | 2,041 | 1,611 |
| Amúchadh na ndeontas caipitil | (194,826) | (192,217) |
| (Méadú)/laghdú ar stoic | (1,990) | 6,997 |
| (Méadú)/laghdú ar fhéichiúnaithe | (950) | 2,621 |
| Méadú ar chreidiúnaithe agus soláthairtí | 6,329 | 7,855 |
| **Airgead glan arna ghiniúint ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | **30,816** | **50,661** |

## 23 Ceangaltais Chaipitiúla

| | 2015 €'000 | 2014 €'000 |
|---|---|---|
| Amhail an 31 Nollaig, tá na ceangaltais chaipitiúla seo a leanas ar an gCuideachta: | | |
| Ceangaltais chonarthacha i leith fáil sócmhainní seasta inláimhsithe | 18,193 | 64,261 |
| Caiteachas caipitiúil ar shócmhainní seasta inláimhsithe atá údaraithe ag na stiúrthóirí, ach nach bhfuil conradh déanta ina leith | 211,170 | 207,103 |

Tá gné shuntasach de na ceangaltais chaipitiúla atá liostaithe thuas faoi réir ag cistiú stáit a bheith ar fáil

## 24 Aistriú chuig FRS 102

Is é seo an chéad bhliain inar chuir an Chuideachta i láthair a cuid ráiteas airgeadais i gcomhlíonadh FRS 102. Is i leith na bliana airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2014 a bhí na ráitis airgeadais roimhe seo faoin ngnáthchleachtas cuntasaíochta in Éirinn. Ba é an 1 Eanáir 2014 an dáta a d'aistrigh an Chuideachta go dtí FRS 102. Leagtar amach thíos sonraí na n-athruithe ar na beartais chuntasaíochta lena réitítear an t-easnamh don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2014 leis an gcothromas iomlán amhail an 1 Eanáir 2014 agus an 31 Nollaig 2014, idir an gnáthchleachtas cuntasaíochta in Éirinn mar a tuairiscíodh roimhe seo agus FRS 102.

| **Easnamh don bhliain airgeadais** | **2014 €'000** |
|---|---|
| An gnáthchleachtas cuntasaíochta in Éirinn mar a tuairiscíodh roimhe seo | (2,171) |
| **Coigeartuithe:** | |
| Sócmhainní seasta inláimhsithe (A) | (4,816) |
| **Easnamh FRS102 i leith na bliana** | **(6,987)** |

| **Cothromas iomlán** | **An 1 Eanair 2014** | **An 31 Nollaig 2014** |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| An gnáthchleachtas cuntasaíochta in Éirinn mar a tuairiscíodh roimhe seo | 61,367 | 59,196 |
| **Coigeartuithe:** | | |
| Sócmhainní seasta inláimhsithe (A) – tosaigh | (2,717) | (2,717) |
| Sócmhainní seasta inláimhsithe (A) – 2014 | – | (4,816) |
| Cothromas FRS102 | **58,650** | **51,663** |

A. Baineann an tionchar is ábhartha atá ag Alt 17 'Property, Plant and Equipment' de FRS 102 leis an gcuntasaíocht i leith sócmhainní bonneagair laistigh den Chuideachta. Faoin ngnáthchleachtas cuntasaíochta in Éirinn, coinníodh cuntas ar na sócmhainní sin de réir na rialacha cuntasaíochta um athnuachan atá ceadaithe faoi FRS 15 'Tangible Fixed Assets'. Ní cheadaítear cuntasaíocht ar bhonn athnuachana faoi FRS 102 agus dá bhrí sin ní mór athrú a dhéanamh ar an gcaoi a gcoinnítear cuntas ar na sócmhainní ar aistriú go dtí FRS 102.

   Faoin gcuntasaíocht ar bhonn athnuachana, mar a ceadaíodh faoi FRS 15, glacadh leis gur sócmhainní aonair iad na gréasáin bhonneagair iarnróid agus b'ionann an muirear dímheasa agus leibhéal measta an chaiteachais bhliantúil a bhí riachtanach chun acmhainneacht oibríochta na ngréasán a chothabháil.

   Ní cheadaítear cuntasaíocht ar bhonn athnuachana faoi FRS 102. Tá luach anonn na sócmhainní bonneagair athríofa dá bharr sin ón dáta ar ar bunaíodh an Chuideachta in 1987, amhail is nár glacadh cuntasaíocht ar bhonn athnuachana riamh.

   Faoi FRS 102, rinneadh an caiteachas bonneagair a chomhlíonann na critéir aitheantais i leith sócmhainní seasta inláimhsithe a chaipitliú ar a chostas agus a dhímheas thar a shaol tuartha. Tá an caiteachas a bhaineann le deisiú nó cothabháil curtha síos mar chaiteachas.

   I gcás deontas agus ranníocaíochtaí i leith bonneagar, a cuireadh i láthair roimhe seo mar asbhaintí ón gcostas bonneagair faoi FRS 15, sannadh iad don ioncam iarchurtha agus rinneadh iad a amúchadh thar shaol úsáideach tuartha na sócmhainní gaolmhara.

   Faoi FRS 102 roghnaigh an Chuideachta na sócmhainní bonneagair a thomhas amhail an 1 Eanáir 2014, arb é dáta an aistrithe go dtí FRS 102, ar a gcostas coinneála ar an dáta sin arna choigeartú i leith saol úsáideach tuartha amhail is gur glacadh FRS 102 i gcónaí.

   Níl aon difríochtaí suntasacha idir FRS 15 agus Alt 17 de FRS 102 maidir leis na sócmhainní seasta eile seachas an t-aicmiú ar leithligh ar shócmhainní áirithe mar shócmhainní doláimhsithe seachas sócmhainní inláimhsithe de réir Alt 18 'Intangible Assets' de FRS 102.

   Tá na sócmhainní curtha i ngrúpaí de réir cineáil, agus tá dímheas déanta orthu thar a saol úsáideach tuartha, idir 10 mbliana agus 120 bliain.

B. De réir FRS 102, i gcás Bogearraí Ríomhaire le glanluach €3.8 milliún de réir na leabhar ar an 31 Nollaig 2014, tá athaicmiú déanta orthu ina sócmhainní seasta doláimhsithe; féach nóta 12 a ghabhann leis an ráitis airgeadais.

C. Tá deontais ioncaim athaicmithe agus áirithe mar ioncam sa bhliain reatha agus sa bhliain chomparáideach.

D. Tá roinnt méideanna comparáideacha a bhaineann le blianta roimhe sin athaicmithe ar bhonn a thagann leis an mbliain reatha chun Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (FRS 102) a chomhlíonadh.

E. Léiríonn ráiteas na Cuideachta um shreabhadh airgid ceangaltais FRS 102 i dtaobh cur i láthair, nach ionann iad agus FRS 1. Lena chois sin, sa ráiteas ar shreabhadh airgid faoi FRS 102 réitítear an brabús don bhliain airgeadais le hairgead agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana airgeadais, cé gurb amhlaidh faoin ngnáthchleachtas cuntasaíochta in Éirinn roimhe seo gur réitíodh an brabús don bhliain airgeadais leis an airgead ag deireadh na bliana airgeadais sa ráiteas ar shreabhadh airgid.

**25 Sochair Iarfhostaíochta**

Feidhmíonn Grúpa CIÉ dhá phlean sochar sainithe (Scéim Pinsean CIÉ don Fhoireann ar Phá Rialta agus plean sochar sainithe Scéim 2000 (Leasú) Scéim Aoisliúntais CIÉ 1951) d'fhostaithe ghrúpa CIÉ. Is baill de scéimeanna pinsin Ghrúpa Córas Iompair Éireann iad fostaithe Iarnród Éireann. Cinneann achtúire cáilithe neamhspleách na ranníocaíochtaí ar bhonn luachálacha tríbhliantúla ag úsáid modh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid.

Ní shonraítear i rialacha na scéime conas ba chóir aon bharrachas nó easnamh a leithdháileadh i measc fostóirí rannpháirteacha agus níl aon chomhaontú conarthach ná beartas luaite i dtaobh glanchostas sochar sainithe a leithdháileadh ar na grúpeintitis aonair. Dá réir sin, aithnítear glanchostais sochar sainithe na scéimeanna ina n-iomláine i ráitis airgeadais ar leithligh CIÉ toisc gurb amhlaidh, in éagmais socrú foirmiúil conartha a bheith i

Buaicphointí
Ráiteas an Chathaoirligh
Athbhreithniú
Ráitis Airgeadais

bhfeidhm, go gcreideann na stiúrthóirí gurb é an t-eintiteas sin atá freagrach as na scéimeanna faoin dlí. Aithníonn na heintitis rannpháirteacha eile, lena n-áirítear Iarnród Éireann, costas arb ionann é agus a ranníocaíocht i leith na tréimhse.

Léirigh na luachálacha ar na scéimeanna faoi FRS 102 amhail an 31 Nollaig 2015 easnamh €288 milliún (2014: €701.8 milliún). Tá an nochtadh atá ceangailte faoi FRS 102 maidir le scéimeanna sochar sainithe an ghrúpa, ina bhfuil an Chuideachta rannpháirteach, leagtha amach i ráitis airgeadais CIÉ don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015, atá ar fáil don phobal ó CIÉ, Stáisiún Heuston, Baile Átha Cliath 8.

Bhí costas pinsean na Cuideachta don bhliain ar na scéimeanna sochar sainithe cothrom le €25.3 milliún (2014: €29.3 milliún) agus tá na costais sin san áireamh i nóta 5. Cuimsíonn costas na Cuideachta an ranníocaíocht atá iníoctha don bhliain.

## 26 Ráthaíochtaí agus dliteanais theagmhasacha

### Dlíthíocht ar Feitheamh

Bíonn an Chuideachta ina páirtí, ó am go ham, in imeachtaí éagsúla dlí a bhaineann le ceisteanna tráchtála a bhfuiltear ag déileáil leo agus á gcosaint sa ghnáthchúrsa gnó. Déantar stádas imeachtaí ar feitheamh nó imeachtaí faoi bhagairt a athbhreithniú ar bhonn rialta le dlíodóirí ghrúpa CIÉ. Is é tuairim na stiúrthóirí nach mbeidh na caillteanais, más ann dóibh, a eascróidh as na nithe sin níos mó go hábhartha ná na soláthairtí a rinneadh sna ráitis airgeadais.

### Iasachtaí bainc

Amhail dáta an chláir comhardaithe tá iasachtaí ar fiú €53.6 milliún iad (2014: €66.4 milliún) ag Grúpa CIÉ. Tá na hiasachtaí sin trasráthaithe ag Iarnród Éireann agus ag na fochuideachtaí eile i nGrúpa CIÉ.

## 27 Idirbhearta páirtithe gaolmhara

I ngnáthchúrsa gnó, ceannaíonn an Chuideachta earraí agus seirbhísí ó eintitis arna rialú ag Rialtas na hÉireann. Ar na heintitis is tábhachtaí díobh sin tá An Post, Banc na hÉireann agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair. Tá na stiúrthóirí den tuairim nach bhfuil candam na gceannach sin ábhartha i ndáil le gnó na Cuideachta.

Tá an Chuideachta díolmhaithe ó cheangaltais nochta alt 33.9 maidir le hidirbhearta leis na heintitis ar páirtí gaolmhar iad de bhua smacht, comhrialú nó tionchar suntasach a bheith ag an stát céanna ar an eintiteas tuairiscithe agus an eintiteas eile.

## 28 Ballraíocht i nGrúpa Chóras Iompair Éireann

Tá Iarnród Éireann (Irish Rail) ina bhall de Ghrúpa Cuideachtaí Chóras Iompair Éireann (an Grúpa) agus léiríonn na ráitis airgeadais éifeachtaí na ballraíochta sa Ghrúpa.

I gcás roinnt feidhmeanna uileghrúpa amhail Cisteán, Dlí, Maoin agus Pinsin, is í an Chuideachta Sealbhaíochta a chuireann i gcrích iad ar bhonn seirbhísí comhroinnte. Is féidir cóipeanna de ráitis airgeadais chomhdhlúite CIÉ a fháil ó Rúnaí na Cuideachta ag Stáisiún Heuston, Baile Átha Cliath 8, Éire.

## 29 Ceadú na ráiteas airgeadais

Cheadaigh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais ar an 6 Aibreán 2016.